

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

## AGUS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Teagasc

AGRICULTURE AND FOOD DEVELOPMENT AUTHORITY


KILDALTON COLLEGE
Machinery and Crop Management

## Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2017 bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc. Déantar cur síos ar shamplaí d'éachtaí agus forbairtí lárnacha de chuid Stiúrthóireachtaí an Taighde, an Aistrithe Eolais agus na nOibríochtaí i gcomhthéacs na spriocanna sin.

# CLÁR NA nÁBHAR


Ráiteas an Chathaoirligh 2

Tuarascáil an Stiúrthóra 4

Comhaltaí an Údaráis 6

Comhaltaí Choiste an Údaráis 6

An Fhoireann Ardbhainistíochta 7

An Chairt Eagraíochtúil 8

Suímh na nOifigí 9

Sprioc 1 – Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú 10

Sprioc 2 – Tacú leis an bhfeirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol 38

Sprioc 3 – Éagsúlú an gheilleagair tuaithe a spreagadh agus cáilíocht na beatha tuaithe a fheabhsú 50

Sprioc 4 – Inniúlacht na heagraíochta a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead 60

Ráitis Airgeadais 70

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 86


## Bunchuspóir

Tacú le nuálaíocht ar bhonn na heolaíochta san earnáil agraibhia agus sa bhithgheilleagar i gcoitinne d’fhonn bonn taca a chur faoi bhrabúsacht, acmhainn iomaíochta agus inbhuanaitheacht.

## Fís

Is mian le Teagasc aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach mar an soláthraí eolais is rogha le hearnáil agraibhia na hÉireann.



**Aoi-chainteoirí ag Comhdháil Bhliantúil 2017 an Chumainn Eacnamaíochta Talmhaíochta, Brexit and Beyond: An tOllamh Peter Midmore, Ollscoil Aberystwyth; An Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Teagasc in éineacht leis an Dr Trevor Donnellan, Príomh-Eacnamaí Taighde, Teagasc; An Dr Tim Lloyd, Uachtarán an Chumainn Eacnamaíochta Talmhaíochta; Phil Hogan, Coimisinéir AE um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe; Mairéad McGuinness, FPE agus Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa; An tOllamh Alan Matthews, An Roinn Eacnamaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an tOllamh Alan Swinbank, An Cumann Eacnamaíochta Talmhaíochta.**

# Ráiteas an Chathaoirligh

Léirigh Suirbhé Náisiúnta Teagasc ar Fheirmeacha gur tháinig méadú ar an meánioncam feirme go dtí níos mó ná €31,300 in 2017, sin méadú níos mó ná €7,500 ar mheánioncam feirme na bliana 2016. Is é a spreag an méadú sin ar an meánioncam feirme beagnach go huile is go hiomlán, áfach, ná an méadú mór atá tagtha ar an ioncam ar fheirmeacha déiríochta. I gcás breis is dhá thrian de na feirmeacha, is beag athrú a tháinig ar a n-ioncam in 2017 i gcomparáid le 2016.

Tháinig méadú ar an meánioncam ar fheirmeacha déiríochta ó bheagán le cois €52,000 in 2016, go dtí os cionn €86,000 in 2017. Thuill níos mó ná 70% de na feirmeacha déiríochta ioncam os cionn €50,000 in 2017.

Léiríonn na torthaí i leith an dá chóras eallaigh a chuirtear i láthair i dtuarascáil Teagasc ar an Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha (Tógáil Eallaigh agus Eallaigh Eile) gur beag athrú a tháinig ar ioncam in 2017 i gcomparáid le 2016: meánioncam thart ar €12,500 in aghaidh na feirme a bhí i gceist in 2017 agus €16,500 in 2016.

I gcás feirmeacha caorach, tháinig méadú thart ar €1,000 ar an meánioncam in 2017, go dtí €17,000, agus ba é an méadú ar an tacaíocht a tugadh don earnáil tríd an Scéim Leasa Caorach ba bhonn le cuid mhór de sin.

Tháinig méadú ar an meánioncam ar fheirmeacha curaíochta freisin ó €31,000 in 2016 go €37,200 in 2017, de bharr táirgeacht mhéadaithe agus ísliú na gcostas táirgeachta. Ós rud é gurb iondúil gur mó iad na feirmeacha curaíochta ná cineálacha feirme eile, bhí an meánioncam ar fheirmeacha curaíochta fós íseal in 2017.

Bhí an dúshlán atá le sárú ag feirmeoirí curaíochta na hÉireann i dtaobh brabús a dhéanamh go mór i réim sna díospóireachtaí agus sna taispeántais ag an Lá Oscailte Barr agus Saothraithe 2017 a bhí ar siúl i mí an Mheithimh ag Ionad Taighde Teagasc um Eolaíocht

na mBarr i bPáirc na Darach i gCeatharlach. Toisc an fhrithsheasmhacht a bheith ag dul i méid i leith táirgí cosanta barr, agus fáil níos lú a bheith ar tháirgí de bharr athruithe ar an reachtaíocht, is deacra ná riamh é an rialú.

Sa Tuarascáil 'People in Dairy Project Report' de chuid Teagasc, meastar gur gá do 6,000 duine dul i mbun feirmeoireacht déiríochta sna naoi mbliana atá romhainn. Cuimsítear san fhigiúr sin 2,000 deis nua fostaíochta agus 4,000 duine a thiocfaidh in ionad roinnt d'fheirmeoirí déiríochta an lae inniu.

Chun faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir le gach gné a bhaineann le daoine a fhostú, d'ullmhaigh Teagasc, i gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Lámhleabhar um Fhostú Daoine in 2017. Tugtar aghaidh sa lámhleabhar sin ar na saincheisteanna go léir nach mór d'fhostóir a chur san áireamh sula bhfostaítear daoine agus tá comhairle ann maidir le baill foirne a bhainistiú go héifeachtach.

I straitéis nua de chuid Teagasc maidir le daoine (Teagasc People Strategy 2018-2022), tógtar ar an méid atá bainte amach sa dá straitéis Acmhainní Daonna roimhe seo. Tá an straitéis nua cúig bliana sin dírithe orthu siúd a chumasaíonn an ardfheidhmíocht agus ar inniúlachtaí nua a sholáthraíonn luach níos fearr ar airgead dár gcliaint, dár bpáirtithe leasmhara, dár mbaill foirne agus don eagraíocht ar leibhéal na ndaoine aonair agus ar leibhéal foirne.

Fágann ardleibhéal rannpháirtíochta i measc na mball foirne go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann le treoir a thabhairt agus torthaí a bhaint amach in eagraíocht chasta agus i dtionscal casta. Tá an straitéis sin dírithe go príomha ar: (i) tacú le baill foirne atá féinspreagtha, diongbháilte agus (ii) tacú le foirne chun leas iomlán a bhaint as láidreachtaí agus cumais na mball go léir.

Is comhartha measa ar Teagasc i gcoitinne é, agus ar an Ollamh Gerry Boyle go háirithe, gur ainmnigh an tUasal Jean-Pierre Thébault, Ambasadóir na Fraince go hÉirinn, é ina Chevalier des Palmes Académiques ag searmanas in Ambasáid na Fraince i mí na Bealtaine. Is é atá i gceist leis an Ordre des Palmes Académiques ná suaitheantas ridireachta de chuid na Fraince do lucht acadúil, lucht cultúir agus lucht oideachais.



**An tUasal Jean-Pierre Thébault, an tOllamh Gerry Boyle, an tUasal Michael Creed, TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Dr Noel Cawley.**



# Tuarascáil an Stiúrthóra

An borradh a bhí faoi thionscal déiríochta na hÉireann le trí bliana anuas, chuaigh sé go mór chun tairbhe fheirmeacha teaghlaigh na hÉireann, an gheilleagair tuaithe i gcoitinne agus an gheilleagair náisiúnta i dtaobh cúrsaí airgeadais; bliain den scoth a bhí ag na feirmeoirí déiríochta in 2017. Má táimid chun coinneáil leis an mborradh sin, ní mór Teicneolaíochtaí Athléimnithe a ghlacadh. Ba é sin an téama a bhí le Lá Oscailte Teagasc sa Chloch Liath, a mheall níos mó ná deich míle feirmeoir ó gach cearn den tír agus ó thar lear. Is lárbhuntáiste iomaíoch é an cumas atá againn féar ardchaighdeáin a tháirgeadh go hinbhuanaithe i gcás táirgeoirí mairteola agus caorach agus i gcás feirmeoirí déiríochta.

Feachtas ceithre bliana is ea Grass10 a seoladh in 2017 chun sármhaitheas i leith féarach inbhuanaithe a chur chun cinn i leith athchogantaigh uile na hÉireann. Is é is aidhm leis cur le húsáid an fhéir ar fheirmeacha beostoic uile na hÉireann. Tá sé i gceist leis líon na n-inniltí bliantúla in aghaidh na banraí a mhéadú go 10 agus an méid féar a úsáidtear a mhéadú go 10 dtona ábhair thirim féir in aghaidh an heicteáir.

Tá ceithre cholún thábhachtacha is bonn taca leis an bhfeachtas Grass10: torthúlacht na hithreach, comhdhéanamh báinsí, athshíolú agus bainistíocht féaraigh agus bonneagar innilte. Más mian le feirmeoirí beostoic an leas is fearr a bhaint as an bhféarach, ní mór dóibh dul i ngleic le gach ceann de na ceithre réimse sin agus tá an feachtas seo dírithe ar an eolas teicniúil agus na scileanna riachtanacha a sholáthar do gach feirmeoir ar spéis leo an t-ábhar sin. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus comhpháirtithe tionscail ag tacú leis an bhfeachtas Grass10 de chuid Teagasc.

D'fhógair an Rialtas cistiú in 2017 don Ionad VistaMilk de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). Beidh an tIonad VistaMilk á óstáil ag Teagasc, i gcomhar le hInstitiúid Náisiúnta Tyndall, Institiúid Náisiúnta Micrileictreonaic na hÉireann, leis an nGrúpa Bogearraí agus Córas Teileachumarsáide in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus leis an Ionad Insight um Anailísíocht Sonraí (i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, OÉG agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Comhar nuálach idir institiúidí taighde Agraibhia agus TFC, chomh maith le beagnach 50 príomhchuideachta bia agus TFC, idir chinn Éireannacha agus chinn idirnáisiúnta, atá i gceist le Vistamilk. Luach thart ar €40 milliún atá luaite leis an tionscadal agus is é an chéad tionscadal dá leithéid ar thacaigh SFI leis san earnáil agraibhia. Cuireadh fáilte mhór roimh an bhfógra ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, go soláthrófar cistiú €8.8m ón státchiste trí mheán leithdháileadh caipitil na Roinne ar bhonn céimnithe thar 2018 agus 2019 chun cistiú a dhéanamh ar fhorbairt an Mhoil Náisiúnta um Nuálaíocht Bia.

Chuir baill foirne de chuid Teagasc i láthair taighde faoi chúrsaí déiríochta agus cothaithe do chuideachtaí bia ón tSín ag seimineáir a d'eagraigh Fiontraíocht Éireann in Shanghai agus i mBéising na Síne i mí Feabhra. Cuireadh na seimineáir ar bun ar mhaithe le táirgí déiríochta na hÉireann a chur chun cinn ar mhargadh na Síne agus chun Éire a chur i lár an aonaigh i gcomhair infheistíocht ón tSín sa tionscal déiríochta.

D'fhreastail ionadaithe ó Glanbia Ingredients Ireland, Kerry, Ornua, Aurivo, Carbery, agus Dairygold ar an dá sheimineár freisin. Chomh maith leis na seisiúin de chuid Teagasc, bhí láithreoireachtaí ann freisin ó Moorepark Technology Limited, ó Institiúid Micribithóim APC, ó Food for Health Ireland, ón mBord Bia, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ó Fhiontraíocht Éireann agus ó Ambasáid na hÉireann i mBéising.

Is é táirgeadh muc atá sa tríú háit i dtaobh cur le hOll-Aschur Talmhaíochta na hÉireann, sna sála ar earnáil an bhainne agus earnáil na mairteola. Is ionann é agus thart ar 6% den Oll-Aschur Talmhaíochta agus b'ionann luach onnmhairí muiceola na hÉireann in 2016 agus €615 milliún. D'oscail an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD saoráid i gcomhair taighde faoi mhuca, saoráid a chosain €3.5 milliún, i gcampas Teagasc sa Chloch Liath i mí na Bealtaine. Tá an tsaoráid taighde úrscothach sin ar phíosa talún a chlúdaíonn 6,000 méadar cearnach agus is féidir léi freastal ar thréad comhtháite ina bhfuil 200 cráin mhuice, a tháirgeann níos mó ná 5,500 muc in aghaidh na bliana.

Is clár taighde agus nuálaíochta cúig bliana a chosnóidh €8.1 milliún é Teicneolaíocht Feola Éireann. Tá an clár á fhorbairt ag lucht tionsclaíochta agus á chomhchistiú ag Fiontraíocht Éireann agus cuibhreannas ina bhfuil naoi gcuideachta próiseála mairteola agus caorach. Tá sé á óstáil ag Teagasc ag an Ionad Taighde Bia i mBaile an Ásaigh i mBaile Átha Cliath i gcomhar lena chuid comhpháirtithe taighde: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste

na hOllscoile, Corcaigh agus Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF).

Gheobhaidh Teagasc cistiú €8.8m ón státchiste do Mhol Nuálaíochta Bia, saoráid nua a bheidh i gcampas Teagasc sa Chloch Liath. Is é príomhchuspóir an Mhoil Náisiúnta um Nuálaíocht Bia ná líonra nuálaíochta gnó a chruthú ina mbeidh cuideachtaí déiríochta agus cláir T&F de chuid comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a mbíonn a gcuid taighde dírithe ar phróiseáil bia, ar cháilíocht bhia agus ar chothú.

Beidh an Mol Náisiúnta um Nuálaíocht Bia nasctha go díreach le hIonad Teagasc um Thaighde Bia agus le Teicneolaíocht Feola Éireann chun dlúthchomhar a spreagadh idir na hionaid taighde agus na cuideachtaí atá lonnaithe ar champas Teagasc sa Chloch Liath.

Reáchtáil Teagasc Comhdháil Náisiúnta um Aistriú Eolais (Comhairleach) i gCill Chainnigh ar ar fhreastail beagnach 200 comhairleoir/Comhalta Walsh/Speisialtóir de chuid Teagasc agus comhghleacaithe leo. Príomhghné den chomhdháil ab ea an tsraith ceardlann rannpháirtíoch ar ábhair lenar áiríodh: Dúshlán na gCliant a Chur chun Níos Mó a Bhaint Amach; Tionchar na Meán Sóisialta; Dinimic i bPléghrúpaí; Cur le Tionchar an Chomhairleora i gcás Cliant agus na Meán; Dul Chun Cinn i dtaobh Gairme; Aistriú Teicneolaíochta don Todhchaí.

In 2017, ghlac beagán os cionn 7,000 foghlaimeoir páirt i gcláir bhreisoideachais de chuid Teagasc (oideachas lánaimseartha, oideachas páirtaimseartha agus cianoideachas) agus i gcláir ardoideachais a bhfuil baint ag Teagasc leo. Cuireadh i gcrích an tionscadal maidir le Fís Oideachais Teagasc – freastal ar riachtanais sa todhchaí – in 2017. Leis an mórthionscadal sin, déantar cur síos ar an bhfís atá ag Teagasc don oideachas sna blianta atá romhainn.

Soláthraíonn Teagasc seirbhís GLAS do 15,000 cliant trí chomhaontú seirbhíse le National Co-Op Farm Relief Services Limited (NCFRS). Tá 13,500 cliant fós páirteach sa scéim GLAS. Críochnaíodh pleananna bainistíochta cothaitheach agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara iad le haghaidh 11,200 cliant faoi dheireadh 2017.

Is cur chuige nua é an Clár um Thacaíocht agus Comhairle faoin Inbhuanaitheacht maidir le feabhas a chur ar cháilíocht uisce. Faoin gclár, tá ról á bhunú agus á chomhchistiú do Chomhairleoirí Inbhuanaitheachta Talmhaíochta.

Le tiomantas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Michael Creed TD, agus ón Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Eoghan Murphy TD, agus le tacaíocht ón lucht tionsclaíochta, beidh na comhairleoirí ag obair i gcomhpháirtíocht aontaithe ina gcuimseofar Teagasc, na Comharchumainn agus Oifig Uisce agus Pobail na n-údarás áitiúil. Beidh na Comhairleoirí Inbhuanaitheachta ag obair go réamhghníomhach maidir le comhairle a chur ar fheirmeoirí agus bheith ag obair leo chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú.

In 2017, fuair 24 duine san iomlán bás i dtimpistí ar fheirmeacha na hÉireann, sin triúr níos mó ná mar a bhí amhlaidh in 2016. Bíonn Teagasc ag obair i ndlúthpháirt le roinnt comhpháirtithe chun Sláinte agus Sábháilteacht a chur chun cinn ar na feirmeacha. D'éirigh le Teagasc leis an tairiscint a rinne sé chun oiliúint sláinte agus sábháilteachta a sholáthar do gach éascaitheoir de chuid na ngrúpaí maidir le haistriú eolais, agus chuir 10,000 rannpháirtí sna grúpaí sin i gcrích plean sláinte agus sábháilteachta/eagrúcháin oibre. Táimid fós ag cur cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar fáil d'iarrthóirí ar an Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta de réir mar is gá.

Chuidigh Teagasc leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta leagan athbhreithnithe a ullmhú den Chód Cleachtais um Chosc ar Dhíobháil agus ar Dhrochshláinte Ghairme sa Talmhaíocht (Cód Cleachtais um Shábháilteacht ar an bhFeirm). Sheol Teagasc agus Meabhairshláinte Éireann an foilseachán comhpháirteach 'Coping with the Pressures of Farming'.

Tionóladh Comhdháil Náisiúnta Sábháilteachta Teagasc i gCo. an Chláir i mí na Samhna. Is é an tOllamh James Phelan, comhalta boird de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, a thug an spreagaitheasc, dar teideal ‘Understanding Fatality Trends for Future Action’.

Chuir Teagasc, i gcomhar leis an gcarthanas Pieta House a bhíonn ag obair chun an féinmharú a chosc, gairdín taispeántais i láthair den chéad uair ag imeacht bliantúil Bloom na bliana 2017 i bPáirc an Fhionnuisce i mí an Mheithimh. Thug sé sin an deis do Teagasc a chuid buanna gairneoireachta ó gach cearn den eagraíocht a thabhairt le chéile chun gairdín taispeántais a chruthú. Thug sé an deis dúinn freisin obair a dhéanamh le Pieta House agus tacaíocht a thabhairt dó trí Ghairdín Dóchais Teagasc a dhearadh agus a chur i láthair.

Bhuaigh an gairdín Bonn Óir le haghaidh an Ghairdín Taispeántais Meánmhéide is fearr agus, sna sála air sin, rug sé leis Gradam Rogha an Phobail don ghairdín is fearr as measc an 22 gairdín a bhí ar taispeáint.

D'fhoilsigh Teagasc leabhrán nua in 2017 dar teideal 'Teagasc Women in STEM' mar chuid dá ghníomhaíochtaí i gcomhair Sheachtain na hEolaíochta. Dírítear aird sa leabhrán sin ar mhná Teagasc atá ag obair le Teagasc sna réimsí STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) agus beidh siad ina n-eiseamláirí do scoláirí ban. Léiríonn an foilseachán sin go mbíonn na mná atá ina n-eolaithe le Teagasc ag obair ar fud réimsí an-éagsúil sna ceithre chlár taighde dár gcuid.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe uile, ina gcuid ról agus feidhmeanna éagsúla ar fud Teagasc, as a dtiomantas agus a ndíograis in 2017.



# Comhaltaí an Údaráis

## Údarás Teagasc

**Comhaltaí Údarás Teagasc: Líne thosaigh: An tUas. Alan Jagoe, Clíona Murphy, Uas., an Dr. Noel Cawley (Cathaoirleach), an tOll. Gerald Fitzgerald.**

**Líne chúil: An tUas. Pádraig Gibbons, an tUas. Tommy Cooke, an tUas. Liam Woulfe, an tUas. Joseph Larkin, an tUas. Richard Kennedy.**



**An tUas. Brendan Byrne**



**An Dr. Karina Pierce**

# An Fhoireann Ardbhainistíochta



**An tOll. Gerry Boyle**
An Stiúrthóir



**An tOll. Frank O'Mara**
An Stiúrthóir Taighde




**An tUas. Tom Doherty**
An Príomhoifigeach Oibriúcháin




**An tOll. Tom Kelly**
An Stiúrthóir um Aistriú Eolais

# Cairt Eagraíochta



# Oifigí agus Ionaid Teagasc





Sprioc 1

# Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú

# MAIRTEOIL

## An Clár Mairteola Feirme DEN SCOTH

Seoladh Céim III den Chlár Mairteola Feirme DEN SCOTH de chuid Teagasc/Irish Farmers Journal, lena n-áirítear 27 gcinn d'fheirmeacha óstacha, in 2017. Chuaigh an chéad dá chéim chun tairbhe na bhfeirmeoirí a ghlac páirt sa Chlár, agus chun tairbhe na mílte feirmeoir mairteola a thug cuairt ar na feirmeacha agus a léigh faoi thionchar na dteicneolaíochtaí a glacadh. Tá ABP, Dawn Meats, FBD agus Kepak ag tacú leis an Dúshlán Mairteola Feirme DEN SCOTH.

Tháinig méadú 52% ar ollchorrlaigh na bhfeirmeoirí óstacha a ghlac páirt i gCéim 2 den Chlár Feirme Mairteola den Scoth ó tháinig siad isteach sa chlár in 2012. Ba iad éifeachtúlachtaí teicniúla ba bhonn le 83% den fheabhas sin. Bhí deis ag feirmeoirí eallaigh i ngach cearn den tír feabhsuithe a fheiceáil á gcur i bhfeidhm ar na feirmeacha sin.

Dírítear i gCéim III den chlár ar fheabhsuithe i réimsí sonracha intomhaiste. Tá pleananna feirme ceithre bliana, pleananna bainistíochta cothaitheach agus pleananna sláinte tréad curtha i gcrích i leith gach feirme agus tá féar á thomhas ag gach feirm agus iad á thaifeadadh ar an mbunachar PastureBase Ireland atá ag Teagasc.

## BeefCow

Leis an tionscadal BeefCow, atá faoi stiúir champas Teagasc sa Ghráinseach, tá cur chuige uile-Éireann á ghlacadh i dtaobh thorthúlacht na dtréad diúil, agus conas is féidir an torthúlacht sin a fheabhsú. Áirítear leis an tionscadal taighde ar an tionchar a bhíonn ag inseamhnú saorga, pataiginí, stádas riandúile agus cothú bodóg.

Tá samhail chuimsitheach bhith-eacnamaíoch uile-fheirme á giniúint d'fhonn bonn eolais níos cinnte a chur faoi chinntí faoin atáirgeadh ar leibhéal na dtréad. I measc na gcomhpháirtithe sa chlár, atá á chistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann, an Institiúid Agraibhia agus Bitheolaíochtaí i dTuaisceart Éireann agus an Irish Farmers Journal.

## Comhdháil Náisiúnta Mhairteola Teagasc 2017

Ba é 'Planning for healthy profits' an téama a bhí le Comhdháil Náisiúnta Mhairteola Teagasc. I measc na n-ábhar a pléadh ag an gcomhdháil bhí: Feabhas a chur ar rialú na leithe uisce agus na leithe cogansaí; inseamhnú saorga a úsáid i dtréad diúil ina bhfuil 100 bó; Bainistíocht Féaraigh; Nuashonrú maidir le Taighde Mairteola; agus tionchar an Bhreatimeachta ar Thionscal Mairteola na hÉireann.

Ina measc siúd a labhair ag an gcomhdháil bhí: an Dr Theo de Waal, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Matthew Murphy, atá ina bhainisteoir ar an bhFeirm Thaispeántais Tréada Diúil de chuid Dawn Meats/Teagasc san Áth Nua; John Maher, Comhordaitheoir Teagasc ar an bhfeachtas Grass10; John Heslin, campas Teagasc na Ghráinseach; Stephen Connolly, ABP; an Dr Mark McGee, campas Teagasc sa Ghráinseach; agus an Dr Kevin Hanrahan, Clár Teagasc um an nGeilleagar Tuaithe.



Sa phictiúr ag Comhdháil Mhairteola Teagasc: Pearse Kelly, Ceann um Aistriú Eolais i dtaobh Mairteola, an Dr David Graham, Animal Health Ireland, an tOllamh Tom Kelly, Ceann um Aistriú Eolais le Teagasc, agus Con Feighery, Bainisteoir Réigiúnach le Teagasc.



Cuid den lucht éisteachta ag Comhdháil Mhairteola Teagasc.

## Tréad an Átha Nua

D'fhreastail na céadta feirmeoir as measc 32 grúpa mairteola um Aistriú Eolais ar cheithre lá oscailte faoin Aistriú Eolais ag Tréad Diúil an Átha Nua i mBaile Átha an Rí, feirm a bhunaigh Dawn Meats agus Teagasc. Bhí an-fhonn orthu siúd a bhí i láthair a fháil amach conas a d'éirigh leis an bhfeirm aistriú go hiomlán chuig an inseamhnú saorga ar mhaithe le leas a bhaint as scoth na géineolaíochta mairteola.

## Teagasc/Animal Health Ireland

Is fearr galar a chosc ná é a leigheas: ba é sin an téama a bhí faoi chaibidil ag sraith imeachtaí a chuir Teagasc agus Animal Health Ireland ar bun ar fheirmeacha rannpháirteacha ar fud na tíre. Ar gach feirm, phléigh an t-óstach agus a thréidlia an Plean i gcomhair Sláinte ar an bhFeirm, lena n-áirítear beartas vacsaínithe. Príomhchuspóir atá leis is ea sláinte an stoic a chothú agus gan a bheith ag brath chomh mór ar fhrith-antaibheathaigh. I measc na bpríomhthéamaí eile, bhí na tairbhí a bhaineann le samplaí faecais a ghlacadh i straitéisí rialaithe seadán agus an seadán Neospora a rialú agus a chosc.

## Imeacht faoi Bha Diúil agus Mairteoil

Bhreathnaigh feirmeoirí ar na córais mhairteola a bhí ag feidhmiú i gColáiste Talmhaíochta Teagasc i gCill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh i mí Mheán Fómhair. Chomh maith leis an tréad diúil ina bhfuil 60 bó a mbíonn lao acu san earrach, bhí an deis ann cloisteáil faoi na ceithre chóras eallaigh atá ag feidhmiú ag an gColáiste:

- Tairbh chrosphóraithe mhór-roinneacha arna gcríochnú ag 16 mhí
- Tairbh chrosphóraithe mhór-roinneacha arna gcríochnú ag 24 mhí
- Bodóga crosphóraithe mór-roinneacha arna gcríochnú ag 18-20 mí
- Córas treoraí/leantóra maidir le heallaí mairteola déiríochta 0-1 bhliain agus 1-2 bhliain arna gcríochnú ag 24 mí

**Paul Hennessy, Príomhoide Choláiste Chill an Dátúnaigh:**

"Beimid ag díriú ar bhainistiú fómhair an tréada i gCill an Dátúnaigh, lena n-áirítear baint den diúl, bainistíocht féaraigh, agus eallach a chríochnú ar láthair nach féarach í. Le linn na siúlóide freisin, scrúdófar feidhmíocht fhisiceach agus airgeadais an tréada diúil, lena n-áirítear na córais éagsúla atá sa Choláiste maidir le heallach mairteola a chríochnú."



Paul Hennessy, ag tabhairt aithisc os comhair ceann den iomaí grúpa feirmeoirí a d'fhreastail ar an Lá Oscailte a d'eagraigh Teagasc i Cill an Dátúnaigh.

# CAOIRIGH

## Comhdhálacha faoi Chaoirigh

Is nithe iad an fheidhmíocht theicniúil maidir le táirgiúlacht ó thaobh caorach, bainistíocht féaraigh, ráta stocála agus sláinte na dtréad a mbaineann tábhacht leo i dtaobh brabús a dhéanamh agus ní mór do gach táirgeoir caorach díriú orthu, go háirithe nuair a bhíonn an neamhchinnteacht i réim. Ba é sin an teachtaireacht a thug rannpháirtithe leo ó Chomhdhálacha Náisiúnta Caorach Teagasc a bhí ar siúl i gCarraig na Sionainne (Talamh Íseal), i gContae Liatroma (Talamh Chnocach), agus i gCeatharlach (Talamh Íseal).



Cuid den lucht féachana ag an gComhdháil Náisiúnta Caorach de chuid Teagasc i gCill Airne.

## Éifeachtacht Theicniúil ar Fheirmeacha Caorach

Is mór an tionchar a bhíonn ag feabhsuithe réasúnta beag i roinnt príomhtheicneolaíochtaí ar tháirgiúlacht agus ar bhrabúsacht ar fheirmeacha caorach. Ba é sin an teachtaireacht a thug rannpháirtithe leo ó Lá Oscailte Caorach Teagasc i mBéal Átha an Rí, ag ar cuireadh i láthair faisnéis nua maidir le pórú, bainistíocht féaraigh, sláinte tréad agus caoirigh shléibhe.




Cainteoirí ag Comhdháil Náisiúnta Teagasc faoi Chaoirigh Shléibhe i gCill Airne: Catherine Keena, Declan Byrne, an tOllamh Gerry Boyle, Kevin O'Sullivan ó Teagasc, Tim Kirby ó Bimeda, John Horgan, Bainisteoir Réigiúnach Teagasc. Ina suí: an Dr Anne McClaren ó SRUC.

Léirigh sonraí ón Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha a rinne Teagasc in 2016 gur meán-ollchorrlach €595 in aghaidh an heicteáir a bhí i gceist i leith tréada breithe uan lárséasúir ar thalamh íseal. Dúirt Michael Diskin, Ceannaire Fiontraíochta Caorach le Teagasc, gur ghin an tríú chuid ab fhearr de na tréada ollchorrlach €1,329 in aghaidh an heicteáir i gcomparáid le €268 in aghaidh an heicteáir i gcás an tríú chuid ba mheasa de na tréada.

**Dúirt an tOllamh Diskin:**

"Léiríonn sé sin go bhfuil deis shuntasach le tapú chun ioncam a mhéadú trí chur leis an éifeachtúlacht theicniúil ar a lán feirmeacha. Bhí an t-ollchorrlach in aghaidh an heicteáir beagnach cúig huaire ní b'airde ar na feirmeacha ab fhearr feidhmíochta i gcomparáid leis na feirmeacha ba mheasa."

**Dúirt Michael Gottstein, Ceann um Aistriú Eolais i dtaobh Caorach le Teagasc:**

"Is nithe iad an fheidhmíocht theicniúil maidir le táirgiúlacht ó thaobh caorach, bainistíocht féaraigh, ráta stocála agus sláinte na dtréad a mbaineann tábhacht leo i dtaobh brabús a dhéanamh agus ní mór do gach táirgeoir caorach díriú orthu, go háirithe nuair a bhíonn an neamhchinnteacht i réim."

## Foilseacháin

Foilsíodh cnuasach drugaí le haghaidh rialú seadán i gcaoirigh: *Products licensed for control of parasites in sheep in the Republic of Ireland* in 2017. Foilsíodh dhá bhileog nua leis an Dr Barbara Good freisin i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le tionscal na gcaorach chun aird a dhíriú ar an tábhacht a bhaineann le caoirigh a bheith glan agus iad á dtabhairt chun maraithe.



James Mimnagh, Comhairleoir le Teagasc, agus táirgiúlacht caorach á plé aige ag an Lá Oscailte Caorach a d'eagraigh Teagasc i mBaile Átha an Rí..



# FÉARACH

## Grass10

**Ag seoladh an fheachtais Grass10 de chuid Teagasc sa Chloch Liath, bhí (ó chlé go deas) John O'Doherty, AIB; an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; Michael Creed, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; Liam Woulfe, Grassland Agro; Jack Kennedy, Irish Farmers Journal; Hugh Ryan, FBD.**

Feachtas ceithre bliana is ea Grass10 chun sármhaitheas i leith féarach inbhuanaithe a chur chun cinn i leith bheostoc na hÉireann. Is é is aidhm leis cur le húsáid an fhéir ar fheirmeacha beostoic uile na hÉireann. Tá sé i gceist leis líon na n-innilí bliantúla in aghaidh na banraí a mhéadú go 10 agus an méid féir a úsáidtear a mhéadú go 10 dtona ábhair thirim féir in aghaidh an heicteáir.

Cuimsítear le Grass10 cur i láthair agus cur chun cinn an bhunachair sonraí féaraigh ar líne, PastureBase Ireland, a rinneadh a athsheoladh. Is féidir le feirmeoirí beostoic an t-ardán sin a úsáid chun a gclúdaigh féir a thaifeadadh, agus chun monatóireacht fhurasta a dhéanamh ar a gcuid feidhmíochta maidir le spriocanna Grass10. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag tacú leis an bhfeachtas Grass10 de chuid Teagasc, mar aon le AIB, FBD Trust, Grassland Agro agus an Irish Farmers Journal.

## Feirmeoir Féaraigh na Bliana

Is tionscnamh faoi chuimse Grass10 é an comórtas 'Feirmeoir Féaraigh na Bliana'. Is é Eddie O'Donnell, as an nGabhailín i gCaiseal, Co. Thiobraid Árann, an chéad duine a bhuaigh an duais fhoriomlán i nGradam Fheirmeoir Féaraigh na Bliana. Tugtar aitheantas sa chomórtas sin do na feirmeoirí a bhfuil ardleibhéal úsáide féir á bhaint amach acu ar bhealach inbhuanaithe.

**Ag seoladh Grass10, dúirt an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc:**

"Tá ceithre cholún thábhachtacha is bonn leis an bhfeachtas Grass10: torthúlacht na hithreach, comhdhéanamh báinsí agus athshíolú, agus bainistíocht féaraigh agus bonneagar innilte. Más mian le feirmeoirí beostoic an leas is fearr a bhaint as an bhféarach, ní mór dóibh dul i ngleic le gach ceann de na ceithre réimse sin agus is é is aidhm don fheachtas seo an t-eolas teicniúil agus na scileanna riachtanacha a sholáthar do gach feirmeoir chun an sprioc sin a bhaint amach."



Sa phictiúr tá an tUasal Michael Creed, TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara (sa lár) in éineacht le Feirmeoir Féaraigh na Bliana 2017, Eddie O'Donnell (ar dheis), a bhean chéile Fiona, a thuismitheoirí Nora agus Denis agus a chuid leanaí, Muireann, Méabh agus Eddie óg.

# DÉIRÍOCHT

## Campas Teagasc sa Chloch Liath 17

An borradh a bhí faoi thionscal déiríochta na hÉireann le trí bliana anuas, chuaigh sé go mór chun tairbhe fheirmeacha teaghlaigh na hÉireann agus an gheilleagair tuaithe i gcoitinne i dtaobh cúrsaí airgeadais de. Ba é sin an teachtaireacht a luaigh Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, ag labhairt dó ag an Lá Oscailte Déiríochta chuir Teagasc ar bun sa Chloch Liath i Mainistir Fhear Maí, Contae Chorcaí. Beidh an borradh a bheidh faoin tionscal amach anseo ag brath ar ghlacadh Teicneolaíochtaí Athléimnithe, agus b'in é téama an Lá Oscailte, a bhí urraithe ag FBD Insurance agus a mheall na mílte feirmeoir ó gach cearn den tír agus ó thar lear.

Ag an imeacht, ar ar fhreastail breis is 10,000 feirmeoir, dúirt an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD: "Is maith an riocht ina bhfuil feirmeoireacht déiríochta na hÉireann, ach ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag díriú ar theicneolaíochtaí athléimneacha a chuirfidh ar ár gcumas dúinn coinneáil leis an mbuntáiste iomaíoch i dtaobh táirgeadh bainne. Is samhail inbhuanaithe é an táirgeadh bainne féarbhunaithe nach ndéantar ach sa tír seo amháin, ó fheirmeacha teaghlaigh in Éirinn. Tá 2017 ainmnithe mar 'Bliain an Fhéaraigh Inbhuanaithe' chun foinse tháirgiúil, inbhuanaithe sin an bheatha cothaitheach i gcomhair beostoic a cheiliúradh, foinse atá thar a bheith tábhachtach. Tá na buntáistí a bhaineann le féar a fhás agus a úsáid ar bharr ár gcumais á dtaispeáint go soiléir ag Teagasc anseo sa Chloch Liath inniu."

D'fhoilsigh Teagasc, le tacaíocht ó Bhanc Uladh, Lámhleabhar Bonneagair i gcomhair Feirmeacha Déiríochta, a bhí ar fáil d'fheirmeoirí a thug cuairt ar Lá Oscailte Déiríochta Teagasc sa Chloch Liath, 2017. Tá dea-bhonneagar feirme déiríochta riachtanach chun bainne scamhardach a tháirgeadh ó ainmhithe sláintiúla, ag úsáid cleachtais bhainistíochta atá inbhuanaithe ó thaobh leas ainmhithe, éifeachtúlacht saothair, na gné eacnamaíche agus na gné comhshaoil.



Déanann taighdeoir de chuid Teagasc, an Dr Brendan Horan, cur síos ar Scoth na Bó ag Lá Oscailte na bliana 2017 sa Chloch Liath.

## Comhdháil Náisiúnta Déiríochta Teagasc

Tá an t-aschur ón táirgeadh bainne in Éirinn méadaithe ó 5.5 billiún lítear go dtí os cionn 7 mbilliún lítear agus meastar go gcoinneofar leis an treocht sin. Ba é sin an chéad teachtaireacht ó Michael Hanley, príomhfheidhmeannach Lakeland Dairies, sa spreagaitheasc a thug sé ag Comhdháil Náisiúnta Déiríochta Teagasc sa Chabhán, ceann den dá ionad inar tionóladh an chomhdháil mhóréilimh sin.



D'fhreastail os cionn 10,000 duine ar Lá Oscailte Teagasc sa Chloch Liath ar an 4 Iúil.




Michael Creed, TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an tOllamh Gerry Boyle ag Lá Oscailte Teagasc sa Chloch Liath.

Is é an teachtaireacht chéanna le Michael Hanley a bhí ag Sean Molloy, Glanbia, a thug an spreagaitheasc ag an gcomhdháil i gCill Chainnigh. Rinne sé cur síos ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh Glanbia sa mhargadh agus ar an gcaoi a bhfuil Glanbia ag freagairt dóibh. Chuir sé torthaí ó shuirbhé a rinne Glanbia le déanaí ar sholáthraithe i láthair freisin.

Ba é 'Seizing Opportunities for a Better Future' an téama don dá imeacht agus, i dteannta na spreagaitheasc, scrúdaigh painéal saineolaithe na saincheisteanna a chuirfidh cruth ar thodhchaí na feirmeoireachta déiríochta in Éirinn. Cuireadh sraith ceardlann ar bun ag a raibh plé den scoth leis na feirmeoirí a d'fhreastail orthu.

## Daoine atá i mbun Déiríochta

Sa Tuarascáil 'People in Dairy Project Report' de chuid Teagasc, meastar gur gá do 6,000 duine dul i mbun feirmeoireacht déiríochta sna naoi mbliana atá romhainn. Cuimsítear san fhigiúr sin 2,000 deis nua fostaíochta agus 4,000 duine a thiocfaidh in ionad roinnt d'fheirmeoirí déiríochta an lae inniu.

Chun faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir le gach gné a bhaineann le daoine a fhostú, d'ullmhaigh Teagasc, i gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Lámhleabhar Saothair Teagasc in 2017. Tugtar aghaidh sa lámhleabhar sin ar na saincheisteanna go léir nach mór d'fhostóir a chur san áireamh sula bhfostaítear daoine agus tá comhairle ann maidir le baill foirne a bhainistiú go héifeachtach.



**Maria Ross, Pat Clarke, Valerie Farrell agus an tOllamh Gerry Boyle ag seoladh Lámhleabhar Saothair Teagasc.**

## Cow's Own Worth

Ar an 31 Deireadh Fómhair, sheol ICBF agus Teagasc uirlis nua chinnteoireachta, C.O.W. (Cow's Own Worth), chun cabhrú le cinntí a dhéanamh maidir le ba déiríochta a dhealú agus a choinneáil. Bhí an ócáid ar siúl ag Ionad Nuálaíochta Paddy O'Keeffe, ag campas Teagasc sa Chloch Liath, agus i measc na gcainteoirí bhí an tOllamh Pat Dillon, Teagasc, an Dr Margaret Kelleher, ICBF, an tOllamh Donagh Berry, Teagasc, an feirmeoir Alan Jagoe, an feirmeoir Fiachra Liston, an Dr Doreen Corridan, Animal Health Ireland agus an tOllamh Dorian Garrick ón Nua-Shéalainn.

## ProWelCow

Tionscadal deisce a mhairfidh bliain is ea ProWelCow chun sainaithint a dhéanamh ar rioscaí agus straitéisí cosanta i dtaobh leas ba, a bhaineann le tréada ba bainne a leathnú. Aimsíodh faoin tionscadal go bhféadfadh scór íseal um riocht coirp, róphlódú agus an bhácáil a bheith ina gcúiseanna le drochleas ba maidir le córais ísealchostais atá bunaithe ar fhéarach agus atá á leathnú.

Sa mheántréimhse, beidh gá le taighde chun sainaithint a dhéanamh ar tháscairí bunaithe ar ainmhithe a bhaineann le córais féaraigh, ar thréithe leasa nua, ar bhealaí nua chun ualú a dhéanamh ar thréithe den sórt sin in innéacsanna pórúcháin agus ar bhealaí chun feabhas a chur ar an ngnáthrochtain ar shonraí a bhaineann leis na tréithe sin nó le tréithe comhghaolmhara.

## Tógáil Gamhna

Le linn 2017, d'fhoilsigh Teagasc an lámhleabhar 'Teagasc Calf-Rearing Manual', treoir theicniúil maidir leis an dea-chleachtas i dtógáil lao.

### Aoife Healy,
**Comhairleoir le Teagasc, Corcaigh Thiar**



Is ar fheirm in Iarthar Chorcaí a tógadh Aoife. Bhain sí amach céim san Eolaíocht Talmhaíochta ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath in 2015, agus ansin thug sí faoin staidéar i gcomhair Céim Mháistir i Leathnú agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht.

Mar chuid dá Céim Mháistir, a ndearnadh cistiú uirthi le Comhaltacht Walsh, bhí sí lonnaithe i réigiún comhairleach Teagasc i gCiarraí/Luimneach aoi mhaoirseacht an chomhairleora déiríochta Nora O'Donovan. Chuir sí go mór lena taithí ansin.

I mí Feabhra 2016 thosaigh Aoife ag obair faoi chonradh sealadach dhá bhliain mar mhúinteoir ag Coláiste Talmhaíochta Teagasc i gCloch na Coillte. Chaith sí deich mí ansin ag obair ar an gCúrsa Cianoideachais agus ar Theastas Talmhaíochta Leibhéal 5.

I mí na Samhna 2016 ceapadh í ina ball foirne buan de chuid Teagasc, mar Chomhairleoir Déiríochta in Aonad Réigiúnach Chorcaí Thiar. Is le feirmeoirí óga is mó a bhíonn sí ag obair agus bhí baint aige le pléghrúpa a chur ar bun agus a rith le mic léinn agus céimithe ó Choláiste Talmhaíochta Chloch na Coillte, agus le dul i gcomhairle le Macra na Feirme agus imeachtaí a eagrú i gcomhar leo.

# CURAÍOCHT

## Comhdháil Churaíochta

Tionóladh Comhdháil Churaíochta Teagasc le linn tréimhse gheilleagrach inar cuireadh dúshlán na dtáirgeoirí. Tá méadú seasta tagtha ar an éileamh ar ghrán ar fud an domhain le 15 bliana anuas, ach le ceithre bliana anuas is mó an méid gráin atá á tháirgeadh ná mar atá á éileamh, rud a fhágann go bhfuil níos mó stoic á thabhairt anonn. Rinne feirmeoirí, taighdeoirí agus saineolaithe tionscail scrúdú ar réitigh.

Rinne David Walsh-Kemmis, feirmeoir ón Sráidbhaile, Co. Laoise, cur síos ar an gcaoi a raibh arbhar á réamhdhíol aige gach bliain, ar mheánphraghas a bhí €15 agus €20 in aghaidh an tona ní b'airde ná praghas an arbhair ghlais tráth an fhómhair. Mhínigh sé freisin an chaoi a raibh a phatrún curaíochta á athrú aige chun leas a bhaint as an oiread margaí don scotharbhar agus is féidir.

Rinne Sarah Clarke, ó ADAS sa Ríocht Aontaithe, cur síos ar mhargaí ansin le haghaidh arbhar i gcomhair táirgeadh alcóil, lena n-áirítear cruithneacht i gcomhair bitheatánóil agus fuisce. Mhínigh sí mar a fheabhsaíonn cruithneacht bhog, ar phróitéin íseal, an toradh alcóil in aghaidh an tona agus an cumas próiseála, agus chuir sí in iúl go mbeadh cruithneacht na hÉireann an-oiriúnach don táirgeadh alcóil ach an cineál ceart cruithneachta a roghnú.

Léirigh Dermot Forristal, Taighdeoir Barraí le Teagasc, na buntáistí a bhaineann le barra sosa i dtaobh uainíocht na mbarr, chuir sé in iúl go bhfuil brabús níos mó le déanamh as uainíocht na mbarr, agus luaigh sé go bhféadfadh leathnú teacht ar an margadh i gcomhair ráibe agus pónairí. Chuir sé béim ar an ngá atá le cur chuige a ghlacadh ar fud an tionscail maidir leis na margaí sin a fhorbairt.

Chuir Kevin Cunningham as DLF an Treoir Gráin Bhuí nua i láthair, ina bhfuil an fhaisnéis is déanaí maidir le táirgeadh agus úsáid an ghráin bhuí ó Ghrúpa Tionscail an Ghráin Bhuí. Rinne sé cur síos freisin ar shampla de chonradh gráin bhuí is féidir a úsáid chun trádáil an ghráin bhuí idir feirmeacha a chur ar bhonn foirmiúil agus éascú di.

Mhínigh an Dr Steven Kildea, paiteolaí plandaí le Teagasc, mar atá cúrsaí faoi láthair i dtaobh frithsheasmhacht i gcoinne fuingicídí a bhaineann leis na príomhghalair a bhíonn ar arbhar agus cad is féidir a dhéanamh chun moill a chur ar fhorbairt na frithsheasmhachta. Léirigh an Dr Liz Glynn, ó Roinn Eolaíochta Barr Teagasc, Páirc na Darach, gur lú an méid fuingicídí is féidir a úsáid ach iad a spraeáil ag an am ceart, rud a thugann deis nach beag don saothróir airgead a spáráil. Rinne an Dr Ewen Mullins agus Ger Hehir cur i láthair faoin obair atá ar bun ag Teagasc, Páirc na Darach, chun cineálacha barr a fhorbairt ar mó a bhfrithsheasmhacht i gcoinne Septoria.



An Dr Liz Glynn, taighdeoir le Teagasc, agus cur i láthair á dhéanamh aici ag an gComhdháil Churaíochta de chuid Teagasc.



D'fhreastail líon mór feirmeoirí curaíochta agus lucht gairme tionscail ar chomhdháil Teagasc le linn tréimhse inar cuireadh dúshlán an tionscail.




**Baill foirne de chuid Teagasc ag an gComhdháil Churaíochta. Michael Hennessy, an Dr Steven Kildea, an Dr Liz Glynn, Joseph Lynch, Ger Heir, Louise McNamara, an tOllamh Gerry Boyle, Roisin Byrne, Henry Creissen, Ronan Byrne agus an Dr Ewen Mullins**

## Frithsheasmhacht i gcoinne Luibhicídí

Sna chéad torthaí ó shuirbhé náisiúnta atá á dhéanamh ag taighdeoirí de chuid Teagasc i bPáirc na Darach, aimsíodh frithsheasmhacht i gcoinne luibhicídí i measc na bhfiailí i ngarraithe coirce móinéir agus alopecurus myosuroides. D'fhéadfadh méadú teacht ar chostais ionchuir mar gheall gur gá rialú a dhéanamh ar leathnú na frithsheasmhachta agus fiailí frithsheasmhacha a bhainistiú, rud a laghdódh an brabús a dhéanann na saothróirí.

Is é an chéad chéim tar éis na dtástálacha tosaigh ná a chinneadh cén fhreagairt atá ag na pobail fhrithsheasmhacha ar dháileoga éagsúla luibhicídí, rud a léireoidh an leibhéal frithsheasmhachta sna pobail sin. Rinne Comhlachas Trádála Síolta na hÉireann páirtchistiú ar an taighde agus cuireadh na torthaí i láthair ag an gComhdháil Churaíochta.

Tá sé i gceist le turgnaimh bhreise, i gcomhar le Rothamsted Research sa Ríocht Aontaithe, scrúdú a dhéanamh ar an mbonn géiniteach atá le frithsheasmhacht i gcoinne luibhicídí i ngach fiaile féir Éireannach.

## Seimineár faoin Eorna Bhraiche

D'fhreastail feirmeoirí ó ar fud an Oirdheiscirt ar Sheimineár faoin Eorna Bhraiche a d'eagraigh Teagasc i mBun Clóidí, Contae Loch Garman. Cuireadh an seimineár ar bun i gcomhthéacs ioncam íseal a bheith á thuilleamh ag feirmeoirí curaíochta. Tá an t-éileamh ar an eorna bhraiche fós ag dul i méid, áfach, agus is in airde atá an treocht ag dul in earnáil an driogtha.

> "Tá Teagasc meáite ar thacú le hearnáil na heorna braiche chun freastal ar na héilimh ón lucht tionsclaíochta agus iad a fhorbairt,"

**a dúirt Michael Hennessy, atá i gceannas ar Chlár Teagasc um Aistriú Eolais faoi Bharra.** Bhí an seimineár dírithe ar na gnéithe teicniúla a bhaineann le heorna bhraiche a tháirgeadh i gcomhair na margaí grúdaireachta (beoir) agus driogtha (fuisce).

## Teicneolaíochtaí le haghaidh

## Feirmeacha Curaíochta

Bhí an dúshlán brabúsachta atá roimh fheirmeoirí curaíochta na hÉireann go mór i réim sna díospóireachtaí agus sna taispeántais go léir ag an Lá Oscailte Barr agus Saothraithe 2017 a bhí ar siúl i mí an Mheithimh ag Ionad Taighde Teagasc um Eolaíocht na mBarr ag Páirc na Darach i gCeatharlach.

**Dúirt John Spink, atá i gceannas ar Chlár Teagasc um Thaighde faoi Bharra:**

"Braitheann an brabús atá le déanamh ar an gcuraíocht in Éirinn ar fhómhair mhaithe. Tá sé ríthábhachtach rialú éifeachtach a dhéanamh ar fhiailí, ar lotnaidí agus ar ghalair. I ngach cás, áfach, toisc an fhrithsheasmhacht a bheith ag dul i méid i leith táirgí cosanta barr, agus fáil níos lú a bheith ar tháirgí de bharr athruithe ar an reachtaíocht, is deacra anois atá sé na nithe sin a rialú."

## Feirmeacha Curaíochta DEN SCOTH

Úsáideadh Feirmeacha Curaíochta DEN SCOTH i rith na bliana chun teachtaireachtaí a chur in iúl d'fheirmeoirí faoi churaíocht bheacht. Rinneadh obair mhór ar thoisí sna garraithe agus cuireadh na torthaí i láthair ag trí cinn de Laethanta Oscailte tábhachtacha i rith na bliana. Ach a bheith níos beaichte, féadfar airgead a spáráil agus cur leis an inbhuanaitheacht.



Reáchtáladh Lá Oscailte faoi Bharra agus Saothrú ag ionad Teagasc i bPáirc na Darach i mí an Mheithimh.

# MUCA

D'oscail an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, saoráid i gcomhair taighde faoi mhuca, saoráid a chosain €3.5 milliún, i gcampas Teagasc sa Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, i mí na Bealtaine. Tá an tsaoráid taighde úrscothach sin ar phíosa talún a chlúdaíonn 6,000 méadar cearnach agus is féidir léi freastal ar thréad comhtháite ina bhfuil 200 cráin mhuice, a tháirgeann níos mó ná 5,500 muc in aghaidh na bliana.



Le feiceáil sa phictiúr ag oscailt oifigiúil na saoráide de chuid Teagasc i gcomhair taighde faoi mhuca, atá lonnaithe sa Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, tá an tUasal Michael Creed TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Ciaran Carroll, Ceann Rannóg Forbartha Muc Teagasc, an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc agus an tUasal Michael Berkery, Cathaoirleach Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Muc Teagasc.

**Agus é ag oscailt na saoráide nua i gcomhair taighde faoi mhuca, dúirt an tAire Creed:**

"Tá táirgeadh muc sa tríú háit ar liosta na n-earnálacha is mó a chuireann le hOll-Aschur Talmhaíochta na hÉireann, sna sála ar earnálacha an bhainne agus na mairteola. Is ionann é agus thart ar 6% den Oll-Aschur Talmhaíochta agus b'ionann luach onnmhairí muiceola na hÉireann in 2016 agus €615 milliún."

Rinne Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, cur síos ar an gclár taighde atá agus a bheidh ar bun ag Teagasc chun tacú le hearnáil na muc. Áirítear leis seo obair ar chothú agus ar bhainistiú muc, táirgiúlacht cránacha, sláinte agus leas ainmhithe, géineolaíocht agus an comhshaol.

**Dúirt an tOllamh Boyle:**

"Bímid ag obair i ndlúthpháirt le táirgeoirí tráchtála muc agus tá nasc déanta idir muid féin agus institiúidí taighde agus ollscoileanna eile in Éirinn agus thar lear. Ar an gcaoi sin, féachtar chuige go bhfuil an clár taighde atá againn nuálach, praiticiúil agus feidhmeach, agus fágann sé go bhfuil rochtain againn ar scoth na heolaíochta ó gach cearn den domhan."



**Ag labhairt dó leis na táirgeoirí muc agus leis an lucht tionscail a bhí i láthair ag an seoladh, rinne Ciaran Carroll, Ceann Rannóg Forbartha Muc Teagasc, cur síos ar na príomhghnéithe a bhaineann le Clár Teagasc um Thaighde, Comhairle, Oideachas agus Oiliúint a bhaineann le Muca 2016-2020:**

"Baineann an-tábhacht leis na cúrsaí oideachais agus oiliúna dóibh siúd atá ag obair sa tionscal, chomh maith leis an gclár comhairleach feirme, chun an t-eolas a thagann as an taighde a chur amach chomh fada leis na feirmeacha. Chun coinneáil leis an iomaíochas in earnáil táirgthe muc na hÉireann, déanfar taighde ar bhonn eolaíochta."

Soláthraíonn Teagasc seirbhís chomhairleach do thionscal na muc, trí chuairteanna ar an bhfeirm, nuachtlitreacha leictreonacha, agus pléghrúpaí agus gníomhaíochtaí cumarsáide eile.

Faoi Chlár Comhpháirteach a aontaíodh idir Teagasc agus Coiste Muc Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann tugann táirgeoirí 10 cent in aghaidh na muc ar mhaithe leis an obair a dhéanann Teagasc ar Thaighde, Aistriú Eolais agus Oideachas/Oiliúint i dtaobh Muc. Cuidíonn an t-airgead sin le híoc as baill foirne (a bhíonn ag plé le Taighde, Comhairle agus Gnéithe Teicniúla) chun Clár Comhpháirteach atá aontaithe ag Teagasc le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann a chur i ngníomh. Bailítear an t-airgead trí shuim bhreise a chur leis an tobhach reachtúil a ghearrann an Bord Bia.

## Cur le Saibhreas na Timpeallachta

D'eisigh an Coimisiún Eorpach moladh maidir le bainistiú a dhéanamh ar ithe eireabaill i measc muc, inar sonraíodh gur cheart go bhféadfaí ábhair shaibhriúcháin a ithe, a chogaint, a imscrúdú agus a láimhseáil, agus gur cheart nach gcaillfeadh na muca a spéis iontu. Tá taighdeoirí Teagasc ag scrúdú bealaí chun an timpeallacht a shaibhriú do mhuca, ionas nach mbeidís ag ithe a n-eireabaill.

Tháinig sé as a gcuid oibre go bhfuil táirgeoirí muc in Éirinn sásta úsáid a bhaint as bloic adhmaid chun an timpeallacht a shaibhriú, rud a oireann do chórais lataí. Ba ar an sprús, an t-adhmad is boige ar breathnaíodh air, ba mhó a bhí tóir ag na muca agus déanfar tuilleadh scrúdaithe air sin.

# FORAOISEACHT

## Cur Chun Cinn agus Comhairle



Andrew Doyle, TD, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag seastán Teagasc ag an imeacht Forestry 2017.

Tá aitheantas níos mó agus níos mó á thabhairt do ról ilfheidhmeach na foraoiseachta agus don chumas atá aici sochair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a sholáthar. Cuireann Teagasc chun cinn comhtháthú na foraoiseachta mar fhiontar feirme atá inbhuanaithe agus comhlántach.

Chuir a Rannóg um Fhorbairt na Foraoiseachta i láthair a cuid seirbhísí fairsinge comhairleacha, taighde, oiliúna agus oideachais ag TIMBER 2017, an Taispeántas Foraoiseachta, Coillearnaí agus Bithfhuinnimh Éireannach a bhíonn ar siúl gach dara bliain.

Reáchtáladh sraith clinicí comhairleacha faoin bhforaoiseacht ar fud na tíre le linn 2017, ar ar fhreastail breis is 900 duine. Ag na clinicí sin, tugadh tacaíocht duine le duine d'úinéirí talún atá ag smaoineamh ar an bhforaoisiú, agus cuireadh comhairle orthu siúd a bhfuil foraoisí acu cheana faoin dea-chleachtas maidir le bainistíocht foraoise.

Neartaigh Teagasc an ceangal atá idir é féin agus Dámhachtainí Foraoiseachta agus Coillearnaí Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath in 2017 tríd an urraíocht a rinne sé ar chatagóir nua: Gradam Teagasc um Fheirm Foraoise. Leis an ngradam sin, tugtar aitheantas d'úsáid inbhuanaithe talún ar a bhfuil feirmeoireacht agus foraoiseacht araon ar siúl, agus cuirtear an cleachtas sin chun cinn.

## Tacaíocht do Bhainistíocht Foraoise

Cuireann an Rannóg um Fhorbairt na Foraoiseachta chun cinn bainistíocht ghníomhach foraoise don earnáil foraoiseachta/feirmeoireachta ón luathbhainistíocht go dtí leagan crann. Bíonn sí ag freastal ar riachtanais forbartha agus oiliúna na nGrúpaí Úinéirí Foraoise, trí mheán tacaíocht leanúnach, eagrú imeachtaí agus comhairle theicniúil faoin bhforaoiseacht. Thug sí tacaíocht agus poiblíocht do bhunú na nGrúpaí Aistrithe Eolais nua de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le Deimhniú Foraoise agus Úsáid Adhmaid le linn 2017.

Thug an Rannóg sin tacaíocht don earnáil foraoiseachta/feirmeoireachta maidir le tanú agus margaíocht a dhéanamh ar a gcuid adhmaid i rith 2017 nuair a d'eagraigh sí trí cinn d'imeachtaí náisiúnta maidir le Margaíocht Adhmaid. Bhí dhá cheann de na himeachtaí sin, 'Talking Timber' i gContae an Chabháin agus i gContae Thiobraid Árann, dírithe ar mhargaíocht a dhéanamh ar adhmad ó bhuaircínigh. Sa tríú himeacht, 'Talking Hardwoods', leagadh béim ar mhargaíocht agus ar chur le luach an adhmaid ó fhoraoisí leathanduilleacha. Bhí an-tóir ar na himeachtaí sin ina raibh idir thaispeántais agus seimineár inar díríodh ar dheiseanna atá le tapú ag úinéirí foraoise chun teagmháil a dhéanamh le ceannaitheoirí adhmaid agus leis an tionscal i gcoitinne.

## Taighde faoin bhForaoiseacht

Rinneadh dul chun cinn i rith 2017 leis an obair thaighde maidir le scagthástáil i gcomhair géinitíopaí aonair fuinseoige a léiríonn frithsheasmhacht i gcoinne an ghalair Chalara nó a fhulaingíonn an galar sin, agus na géinitíopaí sin a roghnú. Úsáidfear iadsan chun stoic crann frithsheasmhach a chomhchruinniú le chéile san fhásra, agus chun síolghoirt a bhunú ina mbeidh na máthairchrainn frithsheasmhach.

**Teagasc agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo:** Shínigh Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo, an Dr Fergal Barry, agus Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, Meabhrán Tuisceana i gcampas Leitir Fraic i gConamara, an tIonad Náisiúnta um Fheabhas maidir le Dearadh agus Teicneolaíocht Troscán, ar ar fhreastail baill foirne ón dá eagraíocht sin. Cé go mbeidh an Meabhrán Tuisceana dírithe ar dtús ar na cláir thaighde atá ag Teagasc maidir le feabhsú crann leathanduilleach, cranneolaíocht agus bainistíocht a ailíniú le riachtanais an tionscail agus úsáideoirí deiridh an chrua-adhmaid, tá scóip sa chomhaontú i dtaobh gníomhaíochtaí comhoibritheacha éagsúla eile a fhorbairt i réimsí éagsúla.

**Ag Díriú ar Thanú:** Cé go gcuirtear timpeall is 2,500 crann in aghaidh an heicteáir ar dtús, fágann an iomaíocht agus an roghnú nádúrtha go laghdaítear líon na gcrann le himeacht ama. Is é atá i gceist le tanú ná crainn ísealchaighdeáin a bhaint ionas go mbeifear in ann an táirgeadh adhmaid a bhunú ar na crainn ardchaighdeáin. I bpíosa taighde a rinne Teagasc le déanaí, léirítear gur chóir an tanú i bhforaoisí buaircíneacha a dhíriú ar níos mó de na crainn ísealchaighdeáin a bhaint níos luaithe i dtimthriall na foraoise.

# GAIRNEOIREACHT

## An bua ag Teagasc leis an nGairdín Dóchais ag Bloom 2017.

Chuir Teagasc, i gcomhar leis an gcarthanas Pieta House a bhíonn ag obair chun an féinmharú a chosc, gairdín taispeántais i láthair den chéad uair ag imeacht bliantúil Bloom na bliana 2017 i bPáirc an Fhionnuisce i mí an Mheithimh. Bhain dhá bhuntáiste le gairdín a chur ar taispeáint ag Bloom 2017: thug sé sin an deis do Teagasc a chuid buanna gairneoireachta ó gach cearn den eagraíocht a thabhairt le chéile chun gairdín taispeántais a chruthú, agus thug sé an deis dúinn freisin obair a dhéanamh le Pieta House agus tacaíocht a thabhairt dó trí Ghairdín Dóchais Teagasc a dhearadh agus a chur i láthair." Bhuaigh an gairdín bonn óir le haghaidh an Ghairdín Taispeántais Meánmhéide ab fhearr agus, sna sála air sin, rug sé leis Gradam Rogha an Phobail don ghairdín is fearr as measc an 22 gairdín a bhí ar taispeáint.

## Na nithe ba mhó a spreag athruithe in 2017

### An Breatimeacht:

breathnófar siar ar 2017 mar an bhliain inar tosaíodh ag teacht ar thuiscint ar an tionchar a bheadh ag an gcinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach, agus inar tugadh i ndáiríre faoin anailís ar chásanna. Toisc go ndearnadh infheistíocht chaipitil nach beag sa ghairneoireacht agus speisialtóireacht inti le blianta beaga anuas, baineann tábhacht ollmhór leis an trádáil leis an Ríocht Aontaithe.

In earnáil na muisiriún, chuaigh luaineacht leanúnach an ráta malairte i gcion ar an earnáil in 2017 ach tá raon na luaineachta laghdaithe anois. Chomh maith leis sin, rinne táirgeoirí iarracht a bheith a laghad is féidir faoi lé luaineacht an ráta malairte trí ionstraimí airgeadais éagsúla a úsáid, lena n-áirítear steirling a réamhcheannach. Dhírigh Teagasc ar chabhrú le saothróirí a bheith níos éifeachtaí tríd an gclár tionscail atá a reáchtáil aige i gcomhpháirtíocht le táirgeoirí muisiriún tráchtála.

**Sa phictiúr ag Bloom: Louise Jones (Léachtóir Gairneoireachta, Coláiste Teagasc i nGarraithe Náisiúnta na Lus), Laura Cassin (Léachtóir Gairneoireachta, Coláiste Teagasc i gCill an Dátúnaigh), an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn agus a bhean chéile Saidhbhín, Brian Higgins (Príomhfheidhmeannach, Pieta House), Linda Murphy, (Léachtóir Gairneoireachta, Coláiste Teagasc i nGarraithe Náisiúnta na Lus).**



Díríodh as an nua in 2017 ar chleachtais bhainistíochta ar fheirmeacha muisiriún tráchtála d'fhonn leibhéil bhrabúis a chothabháil agus a fheabhsú chuig an leibhéal ar a mbídís. As sin d'eascair sainchlár bainistíochta barainní don tionscal atá á chistiú ag gníomhaireachtaí. Reáchtáil Teagasc roinnt ceardlann agus ghlac líon suntasach saoráidí táirgthe páirt i Measúnuithe i dtaobh Feirmeacha Barainneacha. Sainaithníodh áiteanna ina bhféadfaí airgead a spáráil nuair a cuireadh na measúnuithe sin chun feidhme.

## Páirtí an Lucht Oibre

Is tionscal dlúthshaothair í an ghairneoireacht agus bíonn baill foirne lánaimseartha agus baill foirne shéasúracha araon ag teastáil ó na táirgeoirí. De réir saothróirí a ndearna Teagasc suirbhé orthu in 2017, is ag éirí níos deacra atá sé baill foirne a earcú agus a choinneáil.

Ina lán cásanna, is in olcas a chuaigh cumas na bhfeirmeacha an fómhar a thabhairt isteach in 2017. Sa taighde gairneoireachta amach anseo, beifear ag freastal ar riachtanais maidir le TFC a chur i bhfeidhm níos mó, oiliúint i dtaobh earcaíochta agus coinneála, roghanna éagsúla maidir le héifeachtúlacht saothair, agus glacadh teicneolaíochtaí i dtaobh uathoibriú a dhéanamh ar an bpiocadh, róbataice agus gléasanna dua-sheachanta.

## Iomaíochas

Ar an meán, is lú i bhfad iad aonaid táirgthe gairneoireachta na hÉireann ná iad siúd atá sa Ríocht Aontaithe nó san Eoraip. Is in earnáil na muisiriún atá formhór bhaill na n-eagraíochtaí táirgeoirí in Éirinn. Fágann sé sin go bhfuil saothróirí Éireannacha faoi mhíbhuntáiste i dtaobh costais le hais táirgí allmhairithe a dhéantar a tháirgeadh go hiondúil faoi scéim atá á reáchtáil ag eagraíocht táirgeoirí.

Tá an taighde gairneoireachta a dhéanann Teagasc dírithe ar iomaíochas costas, mar shampla úsáid a bhaint as múirín muisiriún, áit a bhféadfaí tairbhe níos fearr a bhaint as an múirín ach tuiscint a fháil ar léiriú géiniteach i dtimthriall na curaíochta. Má laghdaítear líon na mbarr a chailltear de bharr lotnaidí agus galair ar fud na bhfo-earnálacha go léir trí thaighde agus comhairle i réimsí na feithideolaíochta agus na paiteolaíochta, is ea is inmharthana a bheidh fiontair. Tá freagracht dhíreach ar Teagasc as éascú do thaighde agus aistriú eolais maidir le srianadh comhtháite lotnaidí ar fud na n-earnálacha gairneoireachta.

## Saoráidí de chuid Teagasc tugtha chun críche

I measc na saoráidí nua atá ag Teagasc i mBaile an Ásaigh tá teach gloine nua ina bhfuil achar 1,700$m^2$, saoráid taighde muisiriún agus polatholláin ghairneoireachta agus foirgneamh fóntais. Úsáidfear an t-ionad taighde muisiriún agus an teach gloine i gcomhair taighde arna chistiú ag an Aontas Eorpach, ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag Teagasc agus ag lucht an tionscail.

# BIA

## Teicneolaíocht Feola Éireann




**An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, in éineacht le John Malone, Cathaoirleach, Teicneolaíocht Feola Éireann; An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Mary Mitchell O'Connor, TD; An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; Príomhfheidhmeannach Fhiontraíocht Éireann, Julie Sinnamon agus an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Teagasc, sa phictiúr ag an ócáid ag ar seoladh Teicneolaíocht Feola Éireann, bonn taighde straitéisigh agus nuálaíochta maidir le próiseáil mairteola agus caoireola in Éirinn. Tionscnamh nua atá faoi stiúir an tionscail is ea Teicneolaíocht Feola Éireann atá á chistiú ag Fiontraíocht Éireann agus ag lucht an tionscail chun ionad ilfhreastail a chur ar bun le haghaidh taighde agus teicneolaíocht i dtaobh próiseáil feola.**

Tionscnamh nua atá faoi stiúir an tionscail is ea Teicneolaíocht Feola Éireann chun ionad ilfhreastail a chur ar bun le haghaidh taighde agus teicneolaíocht i dtaobh próiseáil feola.

Is clár taighde agus nuálaíochta cúig bliana a chosnóidh €8.1 milliún é Teicneolaíocht Feola Éireann, atá á fhorbairt ag lucht an tionscail agus á chómhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus cuibhreannas ina bhfuil naoi gcuideachta a mbíonn mairteoil agus caoireoil á bpróiseáil acu. Tá an clár á óstáil ag Teagasc ag an tSaoráid Taighde Bia dá chuid i mBaile an Ásaigh i mBaile Átha Cliath i gcomhar lena chuid comhpháirtithe, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF).

Is iad na cuideachtaí atá taobh thiar den tionscnamh ná ABP Ireland, Ashbourne Meat Processors, Dawn Meats Group, Dunbia (Éire), Hilton Foods Ireland, Irish Country Meats, Kepak Group, Liffey Meats, agus Slaney Foods International.

Tháinig Teicneolaíocht Feola Éireann chun cinn ó fhís taighde cúig bliana de chuid an ghrúpa tionscail feola atá bunaithe ag IBEC, fís a cuireadh faoi bhráid Fhiontraíocht Éireann. Ceapadh John Malone ina Chathaoirleach ar Theicneolaíocht Feola Éireann in 2016 agus ceapadh an Dr John Colreavy ina Stiúrthóir ar an tionscnamh.

### ICoMST

D'óstáil Teagasc an 63ú Comhdháil Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta Feola (ICoMST) i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh in 2017. D'fhreastail os cionn 400 duine ar an gcomhdháil, agus ina measc bhí eolaithe bia, innealtóirí, gairmithe ó thionscal an bhia, smaointeoirí ar thús cadhnaíochta, cinnteoirí, údaráis rialála agus mic léinn ó 55 tír.

## Gradam




**Declan Troy**

Roghnaigh Cumann Eolaíochta Feola Mheiriceá (AMSA) Declan J. Troy, atá ina Stiúrthóir Cúnta Taighde le Teagasc, i gcomhair Ghradam Idirnáisiúnta AMSA don Léachtóireacht, 2017. Bunaíodh an Gradam Idirnáisiúnta Léachtóireachta chun onóir a thabhairt do dhuine aonair as ucht cion a dhéanamh i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta feola, ar cion é a aithníodh ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Cuireadh ceardlann lae faoi Chomhtháirgí Feola ag bun ag Ionad Taighde Bia Teagasc, Baile an Ásaigh. Is í foireann an tionscadail ReValueProtein a d'eagraigh an cheardlann, ag ar comhroinneadh smaointe, eolas agus scileanna i réimsí a bhaineann le húscadh próitéine ainmhithe (neamhdhéiríochta), d'fhonn táirgí agus feidhmeanna ardluacha a fhorbairt.

Is tionscadal taighde é ReValueProtein atá cistithe ar an leibhéal náisiúnta, ina dtugtar le chéile foireann ildisciplíneach chun tacú leis an nuálaíocht i dtionscal feola na hÉireann. Is iad na comhpháirtithe sa tionscadal ná Teagasc, na Coláistí Ollscoile i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath, OÉG, Ionad Biteicneolaíochta Feidhmí Thrá Lí/na Sionainne agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.



**An Dr Maria Hayes agus Ciaran Carroll ó Teagasc ag ceardlann an tionscadail ReValueProtein**

## Mol um Nuálaíocht Bia




**Ó chlé: An Dr Mark Fenelon, Ceann an Chláir Taighde Bia de chuid Teagasc, an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Taighde le Teagasc, an Taoiseach Leo Varadkar, TD, agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD agus an Mol Náisiúnta um Nuálaíocht Bia atá beartaithe i gcomhair champas Teagasc sa Chloch Liath faoi chaibidil acu.**

Gheobhaidh Teagasc cistiú €8.8m ón státchiste do Mhol Nuálaíochta Bia, saoráid nua a bheidh i gcampas Teagasc sa Chloch Liath. **Ag labhairt dó ag an seoladh, dúirt an Taoiseach Leo Varadkar, TD:**

"Tá gnólachtaí agraibhia beaga agus meánmhéide ag ullmhú don Bhreatimeacht cheana féin trí chur chuige nuálach a ghlacadh agus margaí nua Eorpacha agus idirnáisiúnta a oscailt níos faide anonn ná an Ríocht Aontaithe. Cabhróidh an tionscnamh nua seo, am Mol Náisiúnta um Nuálaíocht Náisiúnta, le gnólachtaí Éireannacha a bheith nuálach agus iad féin a leathnú, rud a chuideoidh leis an acmhainn iomaíochta a chothú inár n-earnáil agraibhia agus le hinfheistíocht a mhealladh tar éis an Bhreatimeachta."

**Dúirt an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD:**

"Sa tuarascáil FoodWise 2025, sainaithníodh gurb iad an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht is mó a spreagann an iomaíocht san earnáil agraibhia. Sa chomhthéacs sin, moladh inti go mbunófaí comhar idir an tionscal agus an pobal taighde chun taighde agus nuálaíocht i dtaobh táirgí nua a chur chun cinn."

Is é príomhchuspóir an Mhoil Náisiúnta um Nuálaíocht Bia ná líonra nuálaíochta gnó a chruthú ina mbeidh cuideachtaí déiríochta agus cláir T&F de chuid comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha a mbíonn a gcuid taighde dírithe ar phróiseáil bia, ar cháilíocht bhia agus ar chothú. Ar mhaithe leis sin, bunófar suas le 12 svuít fheidhmiúla do chustaiméirí, ina mbeidh spás oifige agus spás saotharlainne, ionas gur féidir le gach cuideachta láithreacht ar champas a bheith aici chun táirgí nua a fhorbairt.

Beidh an Mol Náisiúnta um Nuálaíocht Bia nasctha go díreach le hIonad Teagasc um Thaighde Bia agus le Moorepark Technology Limited chun dlúthchomhar a spreagadh idir eolaithe Teagasc agus na cuideachtaí atá lonnaithe ar champas Teagasc sa Chloch Liath.

## VistaMilk

Ó d'fhógair an Rialtas cistiú don Ionad VistaMilk de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), tá 17 ionad taighde san iomlán á gcistiú ag SFI anois. Beidh an tIonad Vistamilk á óstáil ag Teagasc, i gcomhar lena chuid comhpháirtithe eolaíochta, Institiúid Náisiúnta Tyndall, institiúid náisiúnta micrileictreonaic na hÉireann i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, an Grúpa Bogearraí agus Córas Teileachumarsáide in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus an tIonad Insight um Anailísíocht Sonraí i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, OÉG agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Comhar nuálach idir institiúidí taighde Agraibhia agus TFC, chomh maith le príomhchuideachtaí bia agus TFC, idir chinn Éireannacha agus chinn idirnáisiúnta, atá i gceist leis.

## Micribhithóm

Tá sé deimhnithe ag eolaithe ag Institiúid Micribithóim APC i gCorcaigh, atá á cistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, go bhfuil baint ag na miocróib sa phutóg le sláinte an chroí. Thaispeáin siad freisin gur chóir dúinn leite a ithe go rialta chun leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis an mbéite-ghlúcan sa choirce ar mhaithe le sláinte an chroí agus na bputóg!



**An tOllamh Noel Caplice, an tOllamh Catherine Stanton agus an Dr Paul Ryan agus iad ag díriú aird ar na buntáistí sláinte a bhaineann le leite a ithe.**

"Léiríonn na torthaí seo nach mór dúinn an tionchar ar an micribithóm a chur san áireamh agus cóir leighis á cur againn i gcoinne galar cardashoithíoch le bia nó le cógas," a dúirt an tOllamh Catherine Stanton, atá i gceannas ar an taighde ag Institiúid Micribithóim APC agus in Ionad Taighde Bia Teagasc sa Chloch Liath. "Is é an teachtaireacht atá againn ná leite a ithe go rialta ionas gur lú an baol go bhfaighfeá galar cardashoithíoch agus chun micreaflóra na bputóg a chosaint an tráth céanna."

## Próiseáil éisc

Tá éileamh níos mó agus níos mó i measc tomhaltóirí anois ar tháirgí níos sláintiúla agus níos sábháilte a bhfuil seilfré níos faide acu. Speiceas iasc sailleach ar nós an ronnaigh, a bhfuil ardluach cothaitheach aige mar gheall ar leibhéal na n-aigéad sailleach polai-neamhsháithithe óimige 3 atá ann. Is féidir na comhdhúile sin a ocsaídiú, áfach, rud a laghdaíonn an caighdeán céadfach agus an tseilfré.

Tá sé cinnte ag taighdeoirí Teagasc atá ag déanamh imscrúdú ar phróiseáil ardbhrú agus ar dheatú go bhfeabhsaíonn na teicneolaíochtaí sin le chéile tréithe cáilíochta an ronnaigh, agus go gcuidíonn siad leis na cothaithigh a choinneáil ann, agus go bhfuil gealladh fúthu i dtaobh cur le seilfré an ronnaigh.



## Food Wise 2025

Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cuireadh do Teagasc taispeántas a chur ar bun ag an gcomhdháil Food Wise 2025. Sa phictiúr tá Shane O'Donnell, mac léinn PhD le Teagasc sa Chloch Liath, an Dr Mark Fenelon, atá i gceannas ar Thaighde Bia le Teagasc, Michael Creed, TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Dr Tim Guinee ó Teagasc sa Chloch Liath.



**Ag Limistéar Taispeántais Teagasc ag an gComhdháil Food Wise 2025 a d'eagraigh an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara, tá an Dr Karl Richards (ar dheis) ag cur síos ar thaighde ar ghnáthóga talaimh feirme leis an Uasal Andrew Doyle, TD, Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.**

# Seirbhísí Comhairleacha

## Comhdháil Chomhairleach



Martin Bourke, comhairleoir curaíochta agus é i mbun comhrá le duine atá díreach tosaithe le Teagasc.

Reáchtáil Teagasc Comhdháil Náisiúnta um Aistriú Eolais (Comhairle) i gCill Chainnigh ar ar fhreastail beagnach 200 Comhairleoir/Comhalta Walsh/Speisialtóir de chuid Teagasc, agus comhghleacaithe leo. Príomhghné den chomhdháil ab ea an tsraith ceardlann, inar leagadh béim mhór ar an rannpháirtíocht, ar ábhair lena n-áirítear: Dúshlán na gCliant a Chur chun Níos Mó a Bhaint Amach; Tionchar na Meán Sóisialta; Dinimic i bPléghrúpaí; Cur le Tionchar an Chomhairleora i gcás Cliant agus na Meán; Dul Chun Cinn i dtaobh Gairme; Aistriú Teicneolaíochta don Todhchaí. Chuir an Dr Seán McCarthy, ón eagraíocht Kerry Agribusiness, deireadh leis an gcomhdháil lena chuid smaointe faoina bhfuil i ndán don Aistriú Eolais.

### Gníomhaíochtaí agus Aschuir Chomhairleacha um Aistriú Eolais 2017

| | Iomlán | Gnó agus Teicneolaíocht – Déiríocht | Gnó agus Teicneolaíocht – Stoc Tirim | Gnó agus Teicneolaíocht – Curaíocht | Ithreacha agus an Comhshaol Talmhaíochta |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcomhairleoirí ar an 31 Nollaig 2017** | **236.4** | 84 | 116 | 13.9 | 22.5 |
| Cliaint | 43,452 | 11,683 | 23,866 | 2,267 | 5,636 |
| Cuairteanna | 14,409 | 6,911 | 5,482 | 1,055 | 961 |
| Comhairliúcháin | 73,985 | 25,952 | 34,917 | 4,278 | 8,838 |
| Pléghrúpaí/Grúpaí Tionscadail | 764 | 300 | 377 | 41 | 46 |
| Líon na bhfeirmeoirí sna grúpaí | 11,808 | 4,542 | 5,922 | 627 | 717 |
| **Gníomhaíochtaí maidir le Pleanáil Feirme** | | | | | |
| Iarratais faoin Scéim Buníocaíochta – féin | 38,987 | 10,732 | 20,404 | 1,882 | 5,969 |
| Iarratais faoin Scéim Buníocaíochta – seachfhoinsithe | 3,423 | 3,423 | 0 | 0 | 0 |
| Monatóirí Brabúis | 9,747 | 4,144 | 4,513 | 478 | 612 |
| My Farm My Plan curtha i gcrích | 386 | 250 | 98 | 13 | 25 |
| Pleananna Feabhsúcháin Feirme – Aistriú Eolais | 5,727 | 2,031 | 3,110 | 387 | 199 |
| **Gníomhaíochtaí comhshaoil/rialála** | | | | | |
| Maoluithe – féin | 504 | 452 | 30 | 5 | 17 |
| Maoluithe – seachfhoinsithe | 3,295 | 3,064 | 173 | 13 | 45 |
| Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta – féin1 | 787 | 427 | 233 | 104 | 23 |
| Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta – seachfhoinsithe[1] | 479 | 332 | 116 | 22 | 9 |
| Tacaíocht Chigireachta – féin[1] | 1,375 | 380 | 715 | 165 | 115 |
| Tacaíocht Cigireachta – seachfhoinsithe[1] | 19 | 0 | 10 | 0 | 9 |
| **Gníomhaíochtaí eile** | | | | | |
| Cliaint GLAS ar cuireadh oiliúint orthu | 10,000 | | | | |
| Sprioc le haghaidh cliaint chomhairleacha nua a earcú | 1340[2] | | | | |
| Líon na bhFeirmeacha DEN SCOTH/ Monatóireachta | 100 | 49 | 48 | 3 | 0 |
| Líon Iomlán na gCruinnithe/Seimineár | 363 | 165 | 149 | 25 | 24 |
| Líon Iomlán na Siúlóidí Feirme, na dTaispeántas nó na nImeachtaí Eile | 349 | 227 | 84 | 27 | 11 |

[1] Gníomhaíocht ar bhonn éilimh
[2] Áirítear anseo 803 cliant nua agus 537 cliant a d'fhill



Déantar modúil CECRA a mhúineadh ar bhealach atá thar a bheith idirghníomhach agus neamhfhoirmiúil

## CECRA

Is é CECRA an Teastas do Chomhairleoirí Eorpacha i Limistéir Thuaithe agus is clár forbartha inniúlachta é do chomhairleoirí agus do shainchomhairleoirí. Is é is aidhm leis an gclár caighdeán a leagan síos i leith scileanna comhairliúcháin ar fud na hEorpa. Cuidíonn CECRA le rannpháirtithe a gcuid teicnící comhairliúcháin a fheabhsú.

Is é Teagasc an soláthraí ceadaithe i leith oiliúint CECRA in Éirinn. Forbraíodh sraith modúl oiliúna maidir le scileanna comhairliúcháin a oireann do chomhthéacs na hÉireann agus tá siad ar fáil anois do chomhairleoirí agus do shainchomhairleoirí in Éirinn. Is féidir le comhairleoirí/sainchomhairleoirí atá ag obair le Teagasc agus leo siúd nach bhfuil a bheith páirteach iontu. In 2017, sholáthair baill foirne de chuid Teagasc atá creidiúnaithe i leith an teastais oiliúna na modúil CECRA seo a leanas.

| Téama an Mhodúil | Líon na mbabhtaí ar cuireadh ar bun é | Rannpháirtithe: |
|---|---|---|
| CECRA – Próisis Chomhairliúcháin a Leagan Amach | 2 | 26 |
| CECRA – Éascú agus Bainistiú Pléghrúpaí | 6 | 62 |
| CECRA – Margaíocht agus Caidreamh Poiblí | 1 | 10 |
| CECRA – Forbairt na Pearsantachta/Mo Phróifíl Chomhairliúcháin | 1 | 11 |
| CECRA – Féin-Bhainistíocht agus Bainistíocht Ama | 2 | 22 |
| CECRA – Cumarsáid/Caidreamh le Cliaint | 1 | 12 |
| CECRA – Obair Foirne agus Ceannasaíocht Foirne | 1 | 10 |
| | **14** | **153** |



**Tá rochtain ag gairmithe atá ag obair i gceantair thuaithe, amhail na daoine seo atá ag obair le Comhair Chreidmheasa, ar oiliúint theicniúil agus nuashonrú trí Teagasc ConnectEd.**

## ConnectEd

Forbraíodh Teagasc ConnectEd chun rochtain struchtúrach a thabhairt do ghairmithe atá ag obair san earnáil agraibhia ar chláir oideachais ardchaighdeáin agus ar acmhainní eolais de chuid Teagasc. Tagann an t-ainm ConnectEd ó chuspóir an chláir: naisc níos láidre a chruthú (Connect) idir Teagasc agus gnólachtaí a thacaíonn leis an earnáil agraibhia. Faoin gclár, cothaítear deiseanna líonraithe do ghairmithe éagsúla agus soláthraítear deiseanna ardchaighdeáin i dtaobh forbairt ghairmiúil. Faoi dheireadh na bliana 2017, 550 ball a bhí in ConnectEd, as 305 cuideachta.





**Sa phictiúr ag Comhdháil na Foirne Oideachais 2017, 'Positioning Teagasc Education for 2050', tá Tony Pettit, Ceann Oideachais le Teagasc, an Dr Terry Barrett, an tOllamh Tom Kelly, an Dr Domhnall Fleming, agus Frank Murphy, Ceann Forbartha Curaclaim le Teagasc.**




**Feirmeoirí a chríochnaigh cúrsa Teagasc/Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD sa tStraitéis Ghnó ag an searmanas bronnta céimeanna i gColáiste na hOllscoile, BÁC, Belfield, leis an Ollamh Gerry Boyle ó Teagasc (dearg) agus an Ollamh Pat Gibbons ó Scoil Ghnó Michael Smurfit UCD.**

## Táscairí Gníomhaíochta do Choláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta a bhaineann le Dámhachtainí Lánaimseartha

**Líon na nDaoine a Chláraigh ar an Ardleibhéal**





**Líon na nDaoine a Chláraigh ar an Leibhéal Breisoideachais (lánaimseartha)**




**Táscairí Feidhmíochta***




## Oideachas Páirtaimseartha agus Oideachas d'Fheirmeoirí Aosacha




**Dul chun cinn go dtí an 31 Nollaig 2017**



# An Breatimeacht agus Earnáil Agraibhia na hÉireann

## An Dr Kevin Hanrahan, Ceann Chlár Forbartha an Gheilleagair Tuaithe

Bhí tionchar á imirt ar feadh 2017 agus isteach in 2018 ag cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil agus ag an neamhchinnteacht a bhaineann leis an gcaidreamh geilleagrach a bheidh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach. Tá an chaibidlíocht fós ar siúl idir an tAontas Eorpach (a bhfuil an Coimisiún Eorpach ag déanamh ionadaíochta air) agus Rialtas na Ríochta Aontaithe ar shaincheisteanna lena n-áirítear an cineál caidrimh trádála a bheidh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe amach anseo, mar chuid den phróiseas aistarraingthe faoi Airteagal 50. Is drochthionchar a imreofar ar thalmhaíocht na hÉireann agus ar earnáil agraibhia na hÉireann i gcoitinne de bharr an tAontas a bheith á fhágáil ag an Ríocht Aontaithe (an Breatimeacht). Beidh déine an tionchair gheilleagraigh a imreofar ar gheilleagar agraibhia na hÉireann ag brath ar thoradh na caibidlíochta. Tá Teagasc ag déanamh taighde agus ag soláthar anailíse ar bhonn leanúnach do Rialtas na hÉireann agus don earnáil agraibhia i gcoitinne in Éirinn ar thionchar an Bhreatimeachta ar an talmhaíocht in Éirinn agus ar ioncam feirme.

San anailís a rinne Teagasc, sainaithníodh ceithre bhealach ina mbeadh drochthionchar ag an mBreatimeacht ar earnáil agraibhia na hÉireann agus ar ioncam feirme na hÉireann.

Sa chéad áit, bheadh tionchar ag an gcinneadh faoin mBreatimeacht ar an ráta malairte airgeadra idir euro agus steirling. Toisc gur tháinig laghdú ar luach an phuint steirling i gcomparáid leis an euro ó reáchtáladh an reifreann i mí an Mheithimh 2016, tá drochthionchar imeartha cheana féin ar luach onnmhairí na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe (i euro) agus d'fhág sé sin nach bhfuil earraí na hÉireann chomh hiomaíoch is a bhíodh ar mhargadh na Ríochta Aontaithe.

Is é an dara chaoi ina bhfuil tionchar ag an mBreatimeacht ar chúrsaí talmhaíochta na hÉireann ná an tionchar a bheidh aige ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh agus ar na hacmhainní a bheidh ar fáil don Chomhbheartas Talmhaíochta. I dtograí le déanaí ón gCoimisiún Eorpach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais don tréimhse 2021-2027, rinneadh iarracht maolú a dhéanamh ar thionchar an Bhreatimeachta ar bhuiséad foriomlán an Aontais. Beidh le feiceáil ón gcaibidlíocht leanúnach a bhaineann leis an mbuiséad sin agus le staid an Chomhbheartais Talmhaíochta i ndiaidh 2020 méid an tionchair a bheidh ag an mBreatimeacht ar bheartas sin an Aontais.

Is é an tríú chaoi a rachaidh an Breatimeacht i bhfeidhm ar earnáil agraibhia na hÉireann ná trí athruithe ar an gcaidreamh trádála idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach. Faoi láthair níl bacainní taraife ná bacainní rialála ná custaim ar an trádáil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe mar gheall go bhfuilimid araon san Aontas Custaim agus sa Mhargadh Aonair. Ba é an toradh ab fhearr ar an mBreatimeacht ó thaobh earnáil agraibhia na hÉireann de ná ceann ina bhfágfadh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ach ina roghnódh sí a bheith fós ina ball den Mhargadh Aonair agus den Aontas Custaim. Is cosúil, áfach, nach toradh é sin is féidir a bhaint amach agus go gcuirfear roinnt bacainní taraife agus neamhtharaife ar an trádáil idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach (Éire san áireamh) mar gheall go bhfuil sé beartaithe ag an Ríocht Aontaithe imeacht as an Margadh Aonair agus as an Aontas Custaim.

Is é a chinnfidh méid bhacainní taraife an Bhreatimeachta ar an trádáil idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (agus na bacainní sin sa


todhchaí), agus an caillteanas ar rochtain tosaíochta ar an margadh dá bharr, ná i) cibé acu an ndéanfaidh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe comhaontú aistarraingthe, ii) an méid a bheidh sa chomhaontú aistarraingthe a dhéanfar (más ann dó) agus iii) roghanna beartais na Ríochta Aontaithe maidir leis an gcaidreamh trádála le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach agus ailíniú leanúnach le timpeallacht rialála an Aontais (rialacha an Mhargaidh Aonair).

Imreofar drochthionchar ar luach agus líon na n-onnmhairí ó Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe toisc go gcaillfear (nó go laghdófar) an rochtain tosaíochta ar mhargadh na Ríochta Aontaithe mar thoradh ar an mBreatimeacht. Beidh drochthionchar ag an mBreatimeacht ar a mhealltaí a bheidh earraí Éireannacha d'allmhaireoirí na Ríochta Aontaithe, mar gheall ar bhacainní taraife agus neamhtharaife a bheith á bhforchur ar an trádáil idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe nó mar gheall ar an ísliú a dhéanfaidh an Ríocht Aontaithe ar na bacainní taraife agus neamhtharaife ar allmhairí isteach sa Ríocht Aontaithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas. An t-aschur agraibhia ó Éirinn a bheadh á onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe murach an Breatimeacht, cuirfear é ina ionad sin chuig margaí eile san Aontas Eorpach agus margaí sa chuid eile den domhan. Fágfaidh an Breatimeacht go dtiocfaidh laghdú ar luach agus méid na n-onnmhairí agraibhia ó Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe. Is dócha go dtiocfaidh laghdú ar an luach in aghaidh an tona atá le fáil ar onnmhairí agraibhia chuig margaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh freisin toisc go mbeidh earraí a onnmhairíodh go dtí an Ríocht Aontaithe roimhe sin á ndíol le margaí AE27 agus go mbrúfaidh siad síos na praghsanna sna margaí sin i gcoibhneas leis na leibhéil a bhféadfaí a bheith ag súil leo mura dtarlódh an Breatimeacht.

Léirigh anailís a rinne Teagasc go mbeidh drochthionchar mór ag an mBreatimeacht ar ioncam ar fheirmeacha teaghlaigh na hÉireann. Beidh méid an drochthionchair ar ioncaim ar fheirmeacha na hÉireann ag brath ar an gcóras feirme atá i gceist, agus beidh éagsúlacht ann freisin laistigh de na córais feirme.


Beidh éagsúlacht le sonrú sa tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar fud córais feirmeacha na hÉireann mar gheall ar an éagsúlacht atá i gceist sa mhéid a mbíonn siad ag brath ar mhargadh na Ríochta Aontaithe agus mar gheall ar na difríochtaí idir méid na dtaraifí cosanta atá ar thráchtearraí éagsúla faoi láthair i leith na margaí domhanda. Is dócha go mbeidh an laghdú is mó ar phraghsanna ag an ngeata feirme le feiceáil sna córais feirme sin a tháirgeann aschur a onnmhairítear go príomha chuig an Ríocht Aontaithe agus/nó a tháirgeann aschur dá dtugtar ardleibhéal cosanta taraifí san Aontas Eorpach. Is dócha gur lú an drochthionchar a imreofar ar phraghsanna de bharr an Bhreatimeachta i gcórais feirme a tháirgeann aschur ag a bhfuil leibhéil níos ísle cosanta taraifí agus/nó spleáchas níos lú ar mhargadh na Ríochta Aontaithe.

**Drochthionchar ar Phraghsanna ag na Geataí Feirme de bharr an Bhreatimeachta: Anailís Statach ar Thionchar ag baint úsáid as sonraí ó Suirbhé Náisiúnta Teagasc ar Fheirmeacha (2013-2015)**




Foinse: Donnellan, Hanrahan agus Thorne (2017)

Tá anailís cásanna Teagasc ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar thrádáil agus aschur agraibhia na hÉireann, úsáid ionchuir agus ioncam fós ar siúl. Mar gheall ar an neamhchinnteacht atá fós i réim maidir le bacainní taraife agus neamhtharaife ar an trádáil idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, roghnaíodh na cásanna atá faoi anailís ag Teagasc chun a léiriú cad a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar an mBreatimeacht faoi réir boinn tuisceana shonracha maidir leis an gcineál caidrimh trádála a bheidh ann amach anseo idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. I measc na gcásanna atá faoi anailís, tá an cás ina bhfanfaidh an Ríocht Aontaithe sa Mhargadh Aonair agus san Aontas Custaim, an cás ina bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas agus nach dtiocfaidh sí ar Chomhaontú Saorthrádála leis, agus an cás ina bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas ach ina rachaidh sí i mbun comhaontú saorthrádála leis an Aontas faoina mbeidh rochtain tosaíochta acu ar mhargaí a chéile. Leanfar ag soláthar don Rialtas na torthaí ón anailís atá ar bun ag Teagasc ar an mBreatimeacht agus ar an tionchar a bheidh aige ar earnáil talmhaíochta na hÉireann agus ar ioncam feirme, agus scaipfear na torthaí sin ar pháirtithe leasmhara trí rannpháirtíocht ghníomhach taighdeoirí ó chlár Teagasc um Fhorbairt an Gheilleagair Tuaithe in imeachtaí le páirtithe leasmhara Teagasc agus in imeachtaí eile.



# Sprioc 2

# Tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoireacht inbhuanaithe agus don chomhshaol

# INBHUANAITHEACHT

## Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht



**Sa ghrianghraf, agus iad i láthair ag seoladh an Chláir Tacaíochta agus Chomhairligh um Inbhuanaitheacht, clé go deis, sa líne thosaigh: John McCarthy (Ard-Rúnaí an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil); Eoghan Murphy, TD, (an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil); Micheal Creed, TD, (an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara), Aidan O'Driscoll (Ard-Rúnaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara). Líne chúil: Richard Kennedy (Leas-Uachtarán, IFA), Michael Maloney (Stiúrthóir Dearbhaithe Cáilíochta, an Bord Bia), Laura Burke (Ard-Stiúrthóir, EPA), Collette Byrne (Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Chainnigh), Jim Woulfe (POF Dairygold / Cathaoirleach, Tionscal Déiríochta Éireann), An tOll. Gerry Boyle (Stiúrthóir, Teagasc), James Healy (Uachtarán Náisiúnta, Macra na Feirme).**

Rinne an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Michael Creed, TD, agus an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Eoghan Murphy, TD, in éineacht le Jim Woulfe, Cathaoirleach Thionscal Déiríochta Éireann, comhoibriú nuálach a sheoladh idir an Rialtas agus an earnáil tionsclaíochta chun feirmeoireacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh agus riachtanais ghéara ó thaobh cáilíochta á gcomhlíonadh ag an am céanna.

Is ionann an 'Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht' agus cur chuige nua maidir le feabhsú a bhaint amach ar cháilíocht an uisce a bhaineann le hacmhainn de 30 Comhairleoir Inbhuanaitheachta Talmhaíochta a bhunú agus a mhaoiniú.

Agus é ag labhairt ag an seoladh, dúirt an tAire Murphy agus an tAire Creed: "Tá áthas mór orainn an Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht a sheoladh inniu. Léirítear arís leis an tionscnamh seo tiomantas an Rialtais chun tabhairt faoi na dúshláin chomhshaoil atá os ár gcomhair. Beidh sé ina chéim bhreise i dtreo substaint níos mó a chur taobh thiar dár gcreidiúintí glasa."

**Agus é ag cur fáilte roimh an gClár, dúirt an tAire Creed:**

"Taispeántar leis an gClár gur féidir forbairt leanúnach na hearnála talmhaíochta, rud atá ríthábhachtach do phobail tuaithe, agus torthaí comhshaoil feabhsaithe a bhaint amach i gcomhthráth."

Tríd an gClár tugtar tacaíocht do spriocanna Straitéis Food Wise, 2025 trí tháirgiúlacht mhéadaithe a éascú in éineacht le hearnáil níos inbhuanaithe. Bainfear an inbhuanaitheacht agus an éifeachtúlacht sin amach trí bhainistíocht fheabhsaithe ar chothaithigh agus úsáid níos dírithe as leasacháin, cleachtas clóis feirme níos fearr, úsáid níos leithne as cineálacha cur chuige inbhuanaitheachta arna bhforbairt ag Teagasc agus cineálacha nua cur chuige a fhorbairt i réimsí foinseacha ríthábhachtacha.

Trí thiomantas ón dá Roinn agus trí thacaíocht ón earnáil tionsclaíochta, oibreoidh na 30 comhairleoir laistigh de struchtúr comhpháirtíochta aontaithe lena gcuimsítear Teagasc, na Comharchumainn agus LAWCO - Oifig Uisce agus Pobal na n-údarás áitiúil. Beidh na Comhairleoirí Inbhuanaitheachta ag obair go réamhghníomhach maidir le comhairle a chur ar fheirmeoirí agus ag obair leo chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú. Leis an gClár tarraingeofar ar thaithí agus ar acmhainní phríomhpháirtithe leasmhara na hearnála agus na tionsclaíochta, agus an dá Roinn, na húdaráis áitiúla, na Comharchumainn Déiríochta, an Bord Bia agus na heagraíochtaí feirmeoireachta san áireamh.


## An Tuarascáil um Inbhuanaitheacht Feirmeacha

Taispeántar inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta fheirmeacha na hÉireann le tuarascáil nua um inbhuanaitheacht ó Teagasc.

Tá an Tuarascáil um Inbhuanaitheacht, 2015 bunaithe ar shonraí arna mbailiú mar chuid de Shuirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha, 2015, de chuid Teagasc, agus baintear úsáid as an bhfaisnéis sin chun feidhmíocht fheirmeacha na hÉireann a chainníochtú thar am i roinnt réimsí atá ábhartha d'inbhuanaitheacht na talmhaíochta.

Is é buntáiste áirithe na tuarascála go ndéanann sí inbhuanaitheacht a nascadh le brabúsacht feirmeacha, agus taispeántar conas is féidir tionchair ar an gcomhshaol a laghdú agus brabúsacht a mhéadú trí theicneolaíochtaí nua agus cleachtais bhainistíochta a ghlacadh.

Taispeántar sa tuarascáil gur gnáth do na feirmeacha is brabúsaí astaíochtaí gáis cheaptha teasa talmhaíochta níos ísle a chruthú in aghaidh an aonaid bainne nó feola arna tháirgeadh, rud lena dtugtar tionchar dearfach Threoraí Carbóin Teagasc/an Bhoird Bia chun suntais. Ar an gcaoi chéanna, taispeántar leis an Tuarascáil um Inbhuanaitheacht go bhfuil leibhéil níos airde de




**Figiúr 2: Táscairí inbhuanaitheachta maidir le feirmeacha Éireannacha, faoi fhiontar, ó Thuarascáil Inbhuanaitheachta Teagasc 2015.**

tháirgeadh bainne á bhfáil ag na feirmeacha déiríochta is brabúsaí maidir le gach kg de nítrigin iomarcach a chuirtear síos, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le dea-bhainistíocht ar chothaithigh i bhfeirmeacha.

Tarraingítear aird sa tuarascáil ar inbhuanaitheacht shóisialta feirmeacha, trí tháscairí a bhaineann le cáilíocht na beatha agus dálaí oibre, agus aibhsítear inti na cásanna ina bhféadfadh feirmeoirí a bheith i mbaol aonraithe, nó ina bhfuil aois na dteaghlach feirme ard, rud a léiríonn go bhféadfadh cur ar aghaidh feirmeacha go glúin eile a bheith ina fhadhb.


## Feirm Dhéiríochta Inbhuanaithe

I mí Dheireadh Fómhair thionóil Teagasc agus Glanbia Ireland Lá Oscailte d'fheirmeoirí déiríochta ar Fheirm Thaispeánta Inbhuanaithe Foinse Oscailte i gCill an Dátúnaigh.

Is sárthaispeántas é an t-aonad déiríochta i gColáiste Talmhaíochta Teagasc, Cill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh, don fheirmeoireacht dhéiríochta a cuireadh ar bun i dtionscnamh comhpháirteach idir Teagasc agus Glanbia Ingredients Ireland (GII). Leis an bhfeirm taispeántar na cleachtais bainistíochta inbhuanaithe is fearr lena soláthrófar tairbhí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil ar fheirmeacha déiríochta in Éirinn.

D'fhorbair taighdeoirí Teagasc táscairí nua um inbhuanaitheacht feirmeacha i gcomhoibriú le contrapháirtithe AE laistigh de thionscadal dar teideal FLINT (Farm Level Indicators for New Policy Topics). Ní mór don lucht ceaptha beartas na comhbhabhtálacha a mheasúnú idir cuspóirí éagsúla beartais, m.sh. ioncam feirme, tionchair ar an gcomhshaol agus slándáil bhia.

Taispeánadh leis an tionscadal FLINT go bhfuil sé indéanta sonraí maidir le hinbhuanaitheacht a bhailiú laistigh de bhonneagar an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme agus gur féidir measúnú beartas a fheabhsú i réimsí amhail tras-chomhlíonadh, glasú, an t-athrú aeráide, bainistíocht ithreach, uisce, bithéagsúlacht, forbairt tuaithe/cáilíocht na beatha, agus nuáil ach rochtain níos fearr a bheith againn ar shonraí, agus ag an am céanna, creidiúintí inbuanaitheachta a sholáthar don earnáil agraibhia.



# AN COMHSHAOL




**An tOll. Tom Kelly, An tUasal Paul Good, John Dawson, An Dr. Kevin Hanrahan, Ceann Chlár Forbartha Geilleagair na Tuaithe, chomh maith lena gcomhghleacaithe An Dr. Jason Loughrey agus An Dr. Trevor Donnellan ag seoladh Athbhreithniú ar Mhargadh na Talún.**

## GLAS

Soláthraíonn Teagasc seirbhís GLAS do 15,000 cliant trí chomhaontú seirbhíse le National Co-Op Farm Relief Services Limited (NCFRS). Tá 13,500 cliant fós páirteach sa scéim GLAS. Críochnaíodh pleananna bainistíochta cothaitheach agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara iad le haghaidh 11,200 cliant faoi dheireadh 2017.

## Éifeachtúlacht fuinnimh

Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ag comhoibriú le Teagasc chun cuidiú le feirmeoirí déiríochta an úsáid fuinnimh dá gcuid a laghdú agus chun coigilteas a dhéanamh maidir le costais leictreachais. Tríd an treoirscéim tá caidéil éifeachtúlachta á maoiniú atá in ann ídiú leictreachais a laghdú go suntasach ar fheirmeacha déiríochta. Tá an ciste iomlán cothrom le €250,000, agus bhain níos mó ná 80 feirm dhéiríochta leas as in 2017. Trí theicneolaíocht éifeachtúlachta fuinnimh déanfaidh feirmeoirí déiríochta suas le 15% a choigilt ar a gcuid billí leictreachais. Soláthraítear sonraí luachmhara agus léargais leis na tionscadail arna maoiniú chun tacú le beartas ar bhonn fianaise. Leis an treoirscéim cuideofar leis an gcur chuige ceart a shainaithint ar féidir é a fheidhmiú go céimneach don phobal déiríochta níos leithne.

## Bithbhreoslaí na Chéad Ghlúine Eile

Ina chuid den chlár taighde agus forbartha de chuid an AE darb ainm Fís 2020 tá Waste2Fuels, rud faoina bhfuil sé mar aidhm ag taighdeoirí Teagasc dramhbhia a thiontú ina tháirgí ardluacha, bithbhreoslaí go príomha, gan dul san iomaíocht le táirgeadh bia ná beatha. Bunaithe i mBaile an Ásaigh, tá na taighdeoirí de chuid Teagasc, Zhihang Zhang agus Brijesh Tiwari, ag cur luacha i leith dramhaíl agraibhia agus fotháirgí ó choipeadh do bhithbhreoslaí trí fhotháirge ardluacha a astarraingt uathu agus teicneolaíochtaí astarraingthe glasa nuálacha á n-úsáid amhail astarraingt cumhachta arna cuidiú le hultrafhuaim, astarraingt mhicreathonnach agus astarraingt einsímeach.

## Brijesh Tiwari

**Teagasc**



Is Príomhoifigeach Taighde é Brijesh Tiwari ag Lárionad Taighde Bia Teagasc, Baile an Ásaigh.

Rinne Brijesh BSc(Onóracha) i dTalmhaíocht agus Feirmeoireacht Ainmhithe ag Ollscoil Talmhaíochta agus Teicneolaíochta Govind Ballabh, Pantnagar, an India, chomh maith le Msc. (Teicneolaíocht Bia) ag an Lár-Institiúid um Thaighde ar Theicneolaíocht Bia, Mysore, an India. Thaistil sé ansin chuig Éirinn chun PhD a dhéanamh in Innealtóireacht Bithchóras ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, rud a chríochnaigh sé in 2009. Thosaigh sé ag obair mar Oifigeach Taighde Sinsearach i dTeagasc, Baile an Ásaigh, in 2013 tar éis an oiread post mar léachtóir ollscoile agus taighdeoir sa RA agus in India, agus d'éirigh sé ina Phríomhoifigeach Taighde i dTeagasc i bhFeabhra 2017.

Baineann spéiseanna taighde phríomhúil Brijesh le teicneolaíochtaí próiseála, astarraingthe agus leasaithe bia nuálacha, agus fócas láidir ar rátaí frithfhreagartha bithcheimiceacha agus miocróbacha i mbia agus i dtáirgí bia.

Rugadh in Varanasi san India. B'ollamh a athair (ar scor anois) ar fhíteapaiteolaíocht san India agus lean Brijesh ina dhiaidh isteach i ngairm san eolaíocht.

# ITHREACHA

## Úsáid Bheacht Leasachán

Bhí líon mór feirmeoirí agus ionadaithe ón tionscal leasacháin i láthair ag Teagasc, Coláiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh i mBealtaine do Chruinniú Páirce Earraigh - Cumann Leasachán na hÉireann. Bhí an imeacht fócasaithe ar dhea-bhainistíocht ar ithirthorthúlacht trí úsáid bheacht leasachán. Cuireadh torthaí i láthair freisin ó shuirbhé ar úsáid leasachán ar fheirmeacha in Éirinn ó 2005 go 2015.

De réir an Dr. David Wall, ceannaire an Chláir Taighde ar Ithirthorthúlacht ag Teagasc, Caisleán Bhaile Sheáin; "D'fhan treochtaí maidir le húsáid leasachán nítrigine cothrom thar na deich mbliana seo a chuaigh thart, cé gur laghdaíodh úsáid P agus K go mór ar fheirmeacha ó 2006 go 2012 le téarnamh measartha le blianta beaga anuas. Ba thoradh air sin meathlú ollmhór i leibhéil na hithirthorthúlachta ar bhonn náisiúnta."

## Miocróib Ithreacha agus Plandaí

Tionóladh ceardlann uile-Éireann do pháirtithe leasmhara maidir leis an micribhithóm ithreacha agus plandaí Dé Mhairt, an 23 Bealtaine, ag Ionad Barr, Comhshaoil agus Talamhúsáide Teagasc, ag Caisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman. Ba é aidhm na ceardlainne príomh-dheiseanna a shainaithint arna gcur ar fáil do thalmhaíocht, don chomhshaol agus don bhithgheilleagar ag forbairtí i dtaighde ar an micribhithóm.

Tarraingíodh raon leathan de pháirtithe leasmhara le chéile leis an gceardlann, agus spéis ar leith acu sa micribhithóm ithreach agus plandaí, chun plé a dhéanamh maidir le conas ar féidir leas a bhaint as léargais ar fheidhmiú pobal orgánach a chónaíonn laistigh d'ithreacha agus plandaí chun inbhuanaitheacht comhshaoil agus agranamaíoch a chur chun cinn. San áireamh leo bhí taighdeoirí ó ar fud oileán na hÉireann, chomh maith le roinnt saineolaithe idirnáisiúnta, agus páirtithe leasmhara ó earnáil na talmhaíochta, maoinitheoirí taighde agus cuideachtaí.

Grianghraf: Patrick Browne




**Sa ghrianghraf, agus iad ag ceardlann páirtithe leasmhara um an Micribhithóm a tionóladh ag Teagasc, Caisleán Bhaile Sheáin, tá (clé go deis): An Dr. David Wall, An Dr. Fiona Brennan, An tOllamh Frank O'Mara, Teagasc, Peter Cotgreave, An Dr. Fiona Doohan CÓBAC, An Dr. Tim Mauchline agus An Dr. Paul Cotter Teagasc.**

De réir Fiona Brennan, micribhitheolaí ithreach Teagasc:

"Ní féidir áibhéil a dhéanamh maidir le rí-thábhacht micribhithóim ithreach agus plandaí i bhfeidhmiú córas agranamaíoch agus maidir le folláine an chomhshaoil. In a lán dóigheanna is ionann iad agus an t-inneall i raon mór d'fheidhmeanna ithreach. Cé go bhfuil a dtábhacht aitheanta le tamall fada, tá léargais chorraitheacha agus do-aimsithe go dtí seo á gcur ar fáil le teicneolaíochtaí nua ar phobail na n-orgánach laistigh d'ithreacha. Tríd an dóigh a bhfeidhmíonn na horgánaigh sin a thuiscint, agus conas a théann fachtóirí comhshaoil, bainistíochta agus ithreach i bhfeidhm orthu, tá an-phoitéinseal ann ithreacha bhainistiú ar dhóigh chun úsáid a bhaint as na tairbhí a thugann na miocrorgánaigh ó nádúr chun na talmhaíochta, agus ag an am céanna fadhbanna an chomhshaoil á laghdú."

## RAMIRAN

Is ionann an Líonra um Athchúrsáil Fuíoll Talmhaíochta, Bardasach agus Tionsclaíoch i dTalmhaíocht (Recycling of Agricultural, Municipal and Industrial Residues in Agriculture Network - RAMIRAN) agus líonra taighde agus saineolais atá fócasaithe ar shaincheisteanna agranamaíocha agus comhshaoil. D'óstáil Clár Barr, Comhshaoil agus Talamhúsáide Teagasc 17ú comhdháil idirnáisiúnta RAMIRAN i Meán Fómhair. Ba é sin an chéad uair a tionóladh an chomhdháil leathbhliantúil is ceannródaíche sa domhan seo riamh in Éirinn.

Is measc na bpríomh-théamaí ar tugadh fúthu ag an gcomhdháil bhí: cothú barr, astaíochtaí gásacha, cáilíocht na hithreach agus an uisce, glacadh agus tionchar, agus forbairtí sa teicneolaíocht.



**Chuidigh Comhairleoir Teagasc Tom Kelly, ar dheis, le bogadh foráiste ar fud Chontae Mhaigh Eo le linn an ghanntanais foráiste ansin go luath in 2017.**

# AERÁID

## An tAthrú Aeráide

Is ionann tionchar an athraithe aeráide agus deis shuntasach d'earnáil dhéiríochta na hÉireann mar aon le bagairt, de réir thionscadal taighde faoi urraíocht Safefood lena ndearnadh suirbhé ar pháirtithe leasmhara sa tionscal déiríochta d'fhonn leibhéal a bhfeasachta a aimsiú ar thionchair ionchasacha a d'fhéadfadh a bheith ina dtoradh ar an Athrú Aeráide.

Dúirt an príomhthaighdeoir den tionscadal, an tOllamh Thia Hennessy ón Roinn um Ghnó Bia, Coláiste Ollscoile Chorcaigh: "Fuaireamar amach gur léirigh páirtithe leasmhara ar fud an tslabhra soláthair déiríochta ardleibhéal feasachta ar an athrú aeráide chomh maith le tiomantas do ghníomhaíocht chomhchoiteann d'fhonn leas a bhaint as aon deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ina dtoradh ar an athrú aeráide."

Dúirt an comhoibrí taighde, an Dr. Trevor Donnellan ó Theagasc; "Áiríodh sna bagairtí arna sainaithint sa suirbhé : imeachtaí adhaimsire, teacht chun cinn galar agus lotnaidí nua. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh forbairt dálaí aeráide neamhfhabhracha i roinnt de phríomhthíortha táirgthe bainne an domhain buntáiste a sholáthar d'earnáil dhéiríochta na hÉireann, ós rud é gur dhócha nach mbeadh aeráid na hÉireann buailte chomh holc. Ba é ceann de phríomh-mholtaí an taighde sin go bhfuil níos mó pleanála de dhíth chun déileáil le himeachtaí aimsire."

## Gáis Cheaptha Teasa




**Sa ghrianghraf, agus iad ag seoladh thionscadail um ghás ceaptha teasa FACCE ERA-GAS in Ollscoil agus Taighde Wageningen (WUR), tá Órlaith Ní Choncubhair (Teagasc agus Bainisteoir Cuibhreannais do FACCE ERA-GAS), Louise Fresco, Uachtarán Bhord Feidhmiúcháin WUR), an tOllamh Frank O'Mara (Teagasc agus Comhordaitheoir FACCE ERA-GAS ), Gudrun Langthaler (Leas-Chathaoirleach FACCE-JPI) agus Huub Loffler (Stiúrthóir Idirnáisiúnta agus Cuntas WUR).**

# EACNAMAÍOCHT

## Brexit agus Níos Faide Anonn



**Aoi-chainteoirí ag Comhdháil Bhliantúil 2017 an Chumainn Eacnamaíochta Talmhaíochta, Brexit and Beyond: An tOllamh Peter Midmore, Ollscoil Aberystwyth; An Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Teagasc in éineacht leis an Dr Trevor Donnellan, Príomh-Eacnamaí Taighde, Teagasc; An Dr Tim Lloyd, Uachtarán an Chumainn Eacnamaíochta Talmhaíochta; Phil Hogan, Coimisinéir AE um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe; Mairéad McGuinness, FPE agus Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa; An tOllamh Alan Matthews, An Roinn Eacnamaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an tOllamh Alan Swinbank, An Cumann Eacnamaíochta Talmhaíochta.**

Bhí eacnamaithe Teagasc i measc comhghleacaithe ó níos mó ná 24 thír ag an RDS i mBaile Átha Cliath le haghaidh Chomhdháil Bhliantúil an Chumainn Eacnamaíochta Talmhaíochta chun plé a dhéanamh ar impleachtaí Brexit maidir le talmhaíocht san Aontas Eorpach.

Agus scrúdú á dhéanamh ar iarmhairt ionchasach Brexit ar leibhéal na feirme, dúirt an Dr. Fiona Thorne ó Theagasc go mbeadh córais feirme uile in Éirinn buailte go diúltach, ach go raibh earnáil mairteola na hÉireann leochaileach go háirithe. Thug an Dr. Thorne faoi deara go bhféadfadh earnáil na mairteola a bheith buailte le laghdú i bpraghsanna mairteola mar gheall ar Brexit agus go bhféadfadh an earnáil cuid de na híocaíochtaí díreacha um thacaíocht ioncaim arna maoiniú trí CAP a chailleadh.

Thug eacnamaí Teagasc, Trevor Donnellan, na príomhábhair is imní maidir le Brexit chun suntais i dtaca leis an earnáil agraibhia in Éirinn. Dúirt sé go raibh gá le socruithe chun an t-aistriú ó chaidrimh trádála AE-RA reatha go dtí na cinn a bheidh i réim tar éis Brexit a éascú.

# Teagasc National Farm Survey 2017

**84,599 Farms**

| Dairy | Cattle Rearing | Cattle Other | Sheep | Tillage |
|---|---|---|---|---|
| 15,639 | 19,691 | 27,286 | 12,758 | 7,387 |

## Average Family Farm Income

**€31,374** Up 32%

Dairy 65%

Tillage 20%

Sheep 8%


Cattle Systems unchanged

Dairy performance a key driver

**€86,115**


Average dairy farm income


### Family Farm Income by System





Reductions in fertiliser and feed prices

## Regional analysis



### Farm viability 2017




31% of farmers work off farm

35% of farms earned less than €10,000

Income on Sheep farms boosted by Sheep Welfare Scheme

€806m invested on farms in 2017 - up 17%

50% of farm investment was on dairy farms

The Teagasc National Farm Survey (NFS) has been in operation since 1972 as part of the EU FADN (Farm Accountancy Data Network). The 2017 preliminary results are based on a sample of 800 farms, representing 84,599 farms nationally

https://www.teagasc.ie/rural-economy/rural-economy/national-farm-survey/

## Forbairt idirnáisiúnta




**Sa ghrianghraf, agus iad ag seoladh Lámhleabhar Prátaí don Afraic ag Teagasc, Páirc na Darach, tá An Dr. Lance O Brien, Teagasc; An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; John Weakliam, POF Vita; Kate Foley ó Iverk Produce; agus John Burke, údar.**

Sheol gníomhaireacht forbartha idirnáisiúnta Éireannach Vita - "Growing the Potato Crop" le hiar-chomhghleacaí Teagasc agus saineolaí prátaí cáiliúil John Burke.

Tá an leabhar fócasaithe ar tháirgiúlacht prátaí a fheabhsú san Afraic fho-Shahárach. Is lámhleabhar oiliúna é d'fheirmeoirí, speisialtóirí barr, agranamaithe agus oibrithe le cois. Tá sé bunaithe ar shaineolas féin John, arna ghnóthú trína thaithí ollmhór as bheith ag obair le Teagasc, Vita agus le feirmeoirí prátaí na hAetóipe agus Eiritré.

D'urraigh saothróir prátaí John O'Shea ó Iverk Produce i gCill Chainnigh priontáil an leabhair, duine a bhí ina phríomhspreagthóir de chlár prátaí Vita ó thosaigh sé in 2011, in éineacht le baill eile de Chónaidhm Prátaí na hÉireann.

## Comhpháirtíocht Nua



**Shínigh an tAire Stáit don Diaspóra agus don Fhorbairt Idirnáisiúnta, an tUasal Joe McHugh, TD, agus Stiúrthóir Teagasc, An tOll. Gerry Boyle, comhaontú inniu chun an chomhpháirtíocht a athnuachan idir Cúnamh Éireann agus Teagasc, d'fhonn rannchuidiú na hÉireann le forbairt na talmhaíochta domhanda a fheabhsú.**




Conor Coakley ó Chontae Chorcaí, Mac Léinn na Bliana 2017 (Teagasc/FBD Insurance) sa ghrianghraf leis an Aire Talmhaíochta. Bia agus Mara, Michael Creed, TD, Fiona Muldoon, Príomhfheidhmeannach FBD Insurance agus an tOll. Gerry Boyle.

Ag duaiseanna Mac Léinn na Bliana Teagasc/FBD Insurance dúirt an tAire Talmhaíochta. Bia agus Mara, Michael Creed, TD:

" Is colún suntasach dár n-uaillmhianta FoodWise 2025 le cinntiú go bhfuil an caipiteal daonna iomchuí ag an earnáil laistigh agus lasmuigh de gheata na feirme chun a gealltanas a chomhlíonadh. Is cuid ríthábhachtach den chur chuige sin na feirmeoirí óga is cliste agus is fearr a theagasc agus a oiliúint. Tá mé muiníneach, d'ainneoin na ndúshlán éagsúil, go bhfuil an todhchaí an-dóchasach don fheirmeoireacht in Éirinn mar atá léirithe ag tréithe na mac léinn sin a fuair duaiseanna."



Sprioc 3

# Éagsúlú an gheilleagair tuaithe a spreagadh agus cáilíocht na beatha tuaithe a fheabhsú

# SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

In 2017 fuair líon iomlán de 24 dhuine bás i dtimpistí ar fheirmeacha in Éirinn, méadú de thrí ar 2016. Oibríonn Teagasc go dlúth le roinnt comhpháirtithe chun Sláinte agus Sábháilteacht a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara tuaithe. I measc na ngníomhaíochtaí tá:

- Eisíodh prótacail nuashonraithe maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta d'imeachtaí poiblí d'fhoireann chomhairleach uile Teagasc, agus freagrachtaí na n-oifigeach sábháilteachta sna Réigiúin nuashonraithe agus soiléirithe iontu. Tosaíodh oiliúint Leibhéal 6 QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) d'oifigigh sábháilteachta. Bhuaigh Teagasc tairiscint chun oiliúint sláinte agus sábháilteachta a sholáthar d'éascaitheoirí grúpa KT uile, agus cuireadh an clár oiliúna sin i gcrích. Chuir 10,000 rannpháirtithe grúpa KT plean sláinte agus sábháilteachta / eagrúcháin oibre i gcrích. Leanann Teagasc chun cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a sholáthar d'iarratasóirí TAMS (Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdtha) de réir mar is gá.

- D'fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) leagan athbhreithnithe den "Code of Practice for Preventing Injury and Occupational Ill-Health in Agriculture" (Cód Cleachtais um Shábháilteacht ar Fheirmeacha). Forbraíodh an cód athbhreithnithe le cúnamh ón gComhpháirtíocht um Shábháilteacht ar Fheirmeacha agus Teagasc.

- Sheol an tAire Stáit um Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen, TD, sceideal nua maidir le hoiliúint ar an 'gCód Cleachtais um Shábháilteacht ar Fheirmeacha'. Bhí an seoladh ar siúl ag taispeántas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Meán Fómhair. D'óstáil Teagasc an oiliúint ar fud na tíre, san fhómhar 2017.

- Sheol Teagasc agus Meabhairshláinte Éireann an foilseachán comhpháirteach 'Coping with the Pressures of Farming'. Is tagairt luachmhar an foilseachán sin dóibh siúd a phléann le feirmeoirí ar bhonn laethúil amhail comhairleoirí talmhaíochta, tréidlianna, oifigigh RTBM, bainc, soláthraithe, cuntasóirí agus dlíodóirí nach mór dóibh a bheith feasach ar na hiarmhairtí meabhairshláinte a bhaineann le hualaí airgeadais agus saincheisteanna eile a chuireann isteach ar mheabhairshláinte cónaitheoirí tuaithe.

- Sholáthair an tOllamh Susan Brumby, Stiúrthóir Ionad na hAstráile um Shláinte Feirmeoirí, seimineár maidir lena cuid oibre ag Ceannoifig Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach i mBealtaine.



Sa ghrianghraf tá: An tOllamh Jim Phelan, Cathaoirleach na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht ar Fheirmeacha, Martin O'Halloran, Príomhfheidhmeannach HSA agus an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc.

- Tionóladh Comhdháil Náisiúnta Sábháilteachta Teagasc i gCo. an Chláir i mí na Samhna. Is é an tOllamh James Phelan, comhalta boird de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, a thug an spreagaitheasc, dar teideal 'Understanding Fatality Trends for Future Action'. Rinne feirmeoir buaiteach na duaise sábháilteachta, Michael Callinan as Co. an Chláir, breac-chuntas ar an gcur chuige dá chuid maidir le sábháilteacht ar an bhfeirm. Chuir Frank Power, Eirgeanamaí HSA, síos ar straitéisí chun gortuithe droma i measc feirmeoirí a chosc.

Bhí an t-imeacht um shábháilteacht ar fheirmeacha dírithe ar na nithe a leanas:

- Na contúirtí a bhaineann le tarracóirí feirme agus cuadrothair a úsáid ar fheirmeacha. Is ionann leagan síos nó brú daoine i gclóis feirme nó timpeall orthu agus na cúiseanna is mó le timpistí. Cuireadh béim ag an imeacht ar shaincheisteanna maidir le hinfheictheacht tarracóirí agus ar dheimhin a dhéanamh go ndéantar feithiclí a dhaingniú
- Tá rialacháin nua infheidhme anois maidir le húsáid tarracóirí, leantóirí agus uirlisí ar bhóithre. Bhí an Garda Síochána i láthair chun comhairle phraitic iúil a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na riachtanas nua.
- Bhí foireann an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta i láthair chun cur síos ar riachtanais um Chothabháil Foirgneamh Feirme, obair ar airde, sábháilteacht maidir le sloda agus sábháilteacht leictreachais ar fheirmeacha.
- Rinneadh taispeántas maidir le sábháilteacht beostoic, le tagairt shainiúil do shábháilteacht thart ar bhreith lao.
- Taispeánadh na gnéithe praiticiúla a bhaineann le sábhadh slabhrach, lena n-áirítear rogha éadaí cosanta do shábhadh slabhrach agus caighdeáin agus cothabháil sáibh shlabhraigh. Rinneadh breac-chuntas ar threoirlínte, riachtanais oiliúna agus teorainneacha HSA maidir le leagan crann.

Dhruid Patrick Griffin, HSA, Cigire Sinsearach sa Rannán um Chomhlíonadh Oibríochtúil agus Cosc, an t-imeacht um shábháilteacht ar fheirmeacha trí chaint ghairid a thabhairt ar straitéisí praiticiúla ar féidir le feirmeoirí iad a ghlacadh chun timpistí feirme agus drochshláinte a chosc.

Dúirt Speisialtóir Sláinte agus Sábháilteachta Teagasc, John Mc Namara, gurb ionann bainistíocht ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta agus an chomhpháirt ríthábhachtach i dtimpistí feirme a chosc. Teastaíonn gníomhaíochtaí iompraíochta gearrthéarma chun sábháilteacht a chinntiú. Ar bhonn níos fadtéarma, ní mór feirmeacha a bhainistiú d'fhonn riosca a íoslaghdú. Dúirt sé go raibh cúnamh deontais suntasach ar fáil faoi scéim TAMS11 RTBM chun bearta sláinte agus sábháilteachta a chur chun feidhme ar fheirmeacha.

## "Sláinte Amháin"

Dúradh ag comhdháil i mBaile Átha Cliath chun Lá Domhanda an Bhia (WFD) a cheiliúradh go raibh tuiscint níos fearr ar an nasc idir sláinte daoine agus ainmhithe ríthábhachtach má táthar chun ráigeanna marfacha galair a chosc sa todhchaí i dtíortha i mbéal forbartha.

Bhí an t-imeacht dírithe ar idirnascacht sláinte daonna, talmhaíochta, fiadhúlra agus an chomhshaoil, arna óstáil ag Fóram na hÉireann um Fhorbairt Talmhaíochta Idirnáisiúnta (IFIAD) ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair.

Dúirt an Dr. Lance O'Brien ó Theagasc, atá ina chathaoirleach ar IFIAD, "Déantar sé cinn as 10 ngalar thógálacha a leathadh ó ainmhithe." "Daá bhrí sin, tá an tsaincheist de 'Sláinte Amhain' ríthábhachtach don earnáil feirmeoireachta, do ghairm na sláinte, eagraíochtaí taighde agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le hobair forbartha thar lear. In Éirinn, ní mór dúinn sin a aithint ar dtús, agus ina dhiaidh sin bearta a dhéanamh chun oibriú le cheile níos dlúithe."

"Táimid feasach ar na naisc idir beostoc agus ionfhabhtuithe amhail eitinn agus ESB sa daonra daonnúil. Thar lear, bhí leathadh ionfhabhtuithe ó ainmhithe go daoine, lena n-áirítear Fliú éanúil, Salmonella, fiabhras Lassa, Víreas Nipah, galar Lyme, Ebola agus ar ndóigh VEID, ina gcúis le líonta móra básanna.."

Is eagraíocht dheonach é Fóram na hÉireann um Fhorbairt Talmhaíochta Idirnáisiúnta lena tharraingítear ionadaithe le chéile ó thalmhaíocht na hÉireann, an earnáil agraibhia, an saol acadúil agus forbairt idirnáisiúnta chun eolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt ar mhaithe le cláreagrú forbartha talmhaíochta agus beartas mar thaca le cuspóirí forbartha na hÉireann.

## Imeachtaí um Shábháilteacht ar Fheirmeacha

Thionóil Teagasc, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteacht (HSA), Imeacht leathlae praiticiúil um Shábháilteacht ar Fheirmeacha ag Teagasc, Coláiste Talmhaíochta Chloich na Coillte, Co. Chorcaigh i Samhain.



**Aoi-chainteoir ag Comhdháil Náisiúnta um Shábháilteacht ar Fheirmeacha Teagasc: An tOllamh Tom Kelly, an tAire Stáit um Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen, TD, feirmeoir Michael Callinan, Tom Coughlan, Cathaoirleach Bhord HSA.**





# FORBAIRT TUAITHE

## An Fheirm Theaghlaigh a Aistriú



**Tionóladh seimineáir maidir leis an bhFeirm Theaghlaigh a Aistriú ag Cluain Meala, an Bhlarna, Dún Garbhán, Inis Córthaidh, an Muileann gCearr, Baile Átha an Rí agus Inis Eoghain. Bhí an-mheas ar na himeachtaí sin agus tinreamh iomlán i gceist leo de 1,344.**

## Téarnamh Geilleagrach

Rinne taighdeoirí ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, staidéar taighde agus sonraí as Daonáireamh 2016 á n-úsáid chun tuiscint a fhail ar Thionchar Uirbeach-Tuaithe difreálach an téarnaimh gheilleagraigh. Cuireadh páipéar bunaithe ar an staidéar sin i láthair ag seimineár arna óstáil ag Teagasc dar teideal Inmharthanacht Tuaithe: Dúshláin agus Deiseanna, ag Teagasc, Baile an Ásaigh, i nDeireadh Fómhair 2017.

Tugadh chun suntais leis an tuarascáil cé go raibh an geilleagar ag téarnamh le haghaidh cúig bliana anois ó 2012, ní raibh an iarmhairt comhsheasmhach ar fud na tíre. Thuairiscigh an tOllamh Cathal O'Donoghue ó OÉ, Gaillimh, treocht fhadtéarma maidir le meathlú an daonra i dtuathlimistéir ó 36% i 1996 go 30% in 2016 Mhéadaigh bailte tuaithe a gcion ó 26% go 34%, agus mheathlaigh na cathrach rud beag sa chion ó 38% go 37%. D'fhan gach cion gan ghluaiseacht ó thús an téarnaimh gheilleagraigh.

Cé go dtugtar faisnéis lom leis an tuarascáil maidir leis na dúshláin os comhair tuathlimistéar, shainaithin an Dr. Mary Ryan, Comhordaitheoir Clár um Fhorbairt Tuaithe i dTeagasc, deiseanna le haghaidh éagsúlaithe agus gnólachtaí nuathionscanta beaga i dtuathlimistéir.

D'aibhsigh an Dr. Ryan roinnt de na deiseanna arna dtacú ag Teagasc, LEADER agus Oifigí Fiontair Áitiúil mar chuid de chlár Roghanna Teagasc, lena soláthraítear faisnéis do phobail feirmeoireachta agus do chónaitheoirí tuaithe maidir le deiseanna éagsúlaithe ar an bhfeirm agus lasmuigh den fheirm, oiliúint agus uas-oiliúint do dheiseanna fostaíochta agus bainistíocht airgeadais na feirme agus an bhaile a fheabhsú.

# ÉAGSÚLÚ

## Roghanna

Nochtadh le hanailís ar níos mó ná 1,000 rannpháirtithe i gclár Roghanna Teagasc arna n-anailísiú ag an Dr. Mary Ryan go n-áirítear leis na réimsí ina bhfeiceann rannpháirtithe an poitéinseal is mó turasóireacht (cóiríocht agus turasóireacht ghníomhaiochta), bia ceardaí, gnólachtaí nuathionscanta, orgánaice agus scileanna bainistíochta airgeadais a fheabhsú.

## Fairsingigh d'Ionchas

D'eagraigh Teagasc agus an Líonra Tuaithe Náisiúnta (NRA) sraith nuálach de sheimineáir thráthnóna dar teideal 'Fairsingigh d'Ionchas 2017'. Ba é aidhm na n-imeachtaí idirphlé méadaithe agus comhroinnt faisnéise a chothú sna tuathlimistéir.

Ba é aidhm na 28 seimineár tráthnóna, a bhí ar siúl ar fud na tíre, feasacht a mhéadú ar na tacaíochtaí atá ar fáil ó ghníomhaireachtaí tuaithe, do chónaitheoirí tuaithe ar mian leo féidearthachtaí nua a fhiosrú maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta fheabhsaithe dá saoil féin agus chun a bpobal féin a fheabhsú.

## Feirmeoireacht orgánach

Rinneadh sárthaispeántas d'oibríochtaí orgánacha rathúla ar fud raon d'fhiontair trí shraith d'ocht siúlóid feirme taispeánta orgánach arna n-eagrú ag Teagasc, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Rinne comhairleoirí teagmhála orgánaí Teagasc ocht ngrúpa KT tiomanta um mairteoil orgánach a éascú le tacaíocht ó speisialtóirí orgánaice Theagasc.

Comhairleoir Teagasc Padraig Fitzgerald (ar clé) le Pléghrúpa um Mairteoil Orgánach Chromadh, Co. Luimnigh.



## Économusée




D'oscail Mairéad Lavery, Eagarthóir Irish Country Living - Irish Farmers Journal, an chéad Économusée i gContae Mhaigh Eo go hoifigiúil ag Búistéirí Uí Cheallaigh, Baile Uí Fhiacháin. Níl ann ach an an tríú Économusée in Éirinn.

Dúirt an Dr. Kevin Heanue (ar clé) atá i gceannas an tionscadail ar son Teagasc, "Is samhail nuálach an coincheap ÉCONOMUSÉE de thacaíocht d'fhiontar tuaithe lena gcuidítear le táirgeoirí is ceardaithe a gcuid gnólachtaí a éagsúlú isteach sa mhargadh turasóireachta cultúrtha trí theimpléad sé chéim a sholáthar dóibh chun cuidiú leo eispéireas an chuairteora a struchtúrú agus soláthraítear nasc dóibh freisin le líonra idirnáisiúnta de tháirgeoirí is ceardaithe den mheon céanna. Is mór an tairbhe don líonra táirgeoir le cáil Mhuintir Uí Cheallaigh a bheith mar bhall ann."

## Feirmeoireacht Capall

Thacaigh speisialtóirí um fheirmeoireacht capall de chuid teagasc leis an tionscal in 2017 trí obair a dhéanamh le héascaitheoirí grúpaí príobháideacha maidir le: Bainistíocht Cothaithe & Féaraigh, innéacs pórúcháin An Chapaill Óir, Sláinte agus sábháilteacht. Thionóil siad taispeántais an fhómhair maidir leis na nithe a leanas: "An Capall Ardfheidhmíochta a Phórú" agus "An Capall Traidisiúnta a Phórú" a tharraing níos mó ná 200 rannpháirtithe.

Rinne siad turas oideachasúil chúig lá chuig an nGearmáin lenar áiríodh breithnithe ar staileanna de chuid leabhar graí Holstein agus cuairteanna ar fheirmeacha graí.

Rinneadh céim Leibhéal 7 i bPrintíseacht um Bainistíocht Feirme Graí a fhaomhadh agus a sheoladh in 2017.



## Feirmeoirí Sona

I bpáipéar eolaíochta arna fhoilsiú in Irisleabhar na hEacnamaíochta Talmhaíochta, thuairiscigh eacnamaithe Teagasc Emma Dillon, Kevin Heanue agus David Meredith i gClár Forbartha an Gheilleagair Tuaithe, Teagasc, (in éineacht le Peter Howley ó Ollscoil Eabhrac) ar na fachtóirí a bhí ina dtionchar maidir le cé chomh casta agus atá feirmeoirí le cáilíocht a mbeatha.

Fuarthas amach leis an taighde dá gcuid go mbaineann ioncam feirme, braistintí suibiachtúla maidir le leorgacht ioncaim bhaile, fiachas, sláinte agus tréithe pearsanta amhail aois agus stádas caidrimh go suntasach le sástacht leis an saol a thuairiscíonn feirmeoirí iad féin.

Cé go mbaineann sé go suntasach le hioncam feirme, ní bhfuarthas amach go raibh méid na feirme, cineál na feirme agus láithreacht chomharba na feirme ag baint go suntasach le sástacht le saol. Tugadh le tuiscint leis na torthaí go mbíonn leibhéil go suntasach níos ísle de shástacht leis an saol agus d'ioncam feirme ag feirmeoirí atá níos drogallaí roimh rioscaí i gcomparáid le feirmeoirí a théann i riosca nó atá neodrach roimh rioscaí.

Mhaígh na húdair go bhféadfadh drogall roimh rioscaí feirmeoirí a shrianadh as páirt a ghlacadh i gcineálacha iompraíochta áirithe a bhféadfadh méadú ar cháilíocht a mbeatha a thuairiscíonn siad iad féin a bheith ina thoradh, ar an mbealach céanna go gcuirtear bac roimh fheirmeoirí le drogall roimh rioscaí as roghanna a ghlacadh a bhféadfadh méadú ar ioncam a bheith ina thoradh.

Ba é a dtátal ná cé go mbaineann ioncam feirme go suntasach le sástacht le saol féintuairiscithe, tá an comhchoibhneas díreach idir na hathróga sin lag, rud lena dtugtar le tuiscint gur féidir sástacht feirmeoirí le saol a bheith leithleach as rath sa ghnó.

## Slabhraí Soláthair Bhia

Is é Teagasc an comhpháirtí in Éirinn sna máthairthionscadail Slabhraí Soláthair Bhia Gearra (SKIN) agus CERERE (Athbheochan Gránbharr san Eoraip Tuaithe), an dá thionscadal maoinithe faoi Fhís 2020. Baineann luach iomlán €4 milliún leis na tionscadail, lena gcuirtear feirmeoirí in  Éirinn agus gairmithe tacaíochta nuála i dteagmháil dhíreach leis an eolas is fearr ar fáil ar dhea-chleachtais le haghaidh Slabhraí Soláthair Bhia Gearra a bhunú agus a oibriú.

Is é an aidhm eolas réidh le cur i ngníomh a ghiniúint do tháirgeoirí chun dul isteach i socruithe lena dtacaítear lena n-inmharthanacht eacnamaíoch. Ar bhonn méadaitheach, tá táirgeoirí príomhúla ag feabhsú a gcuid brabúsachta trí chostais a laghdú ach chomh maith leis sin trí bhreisluach a chruthú trí straitéisí amhail tiomantas a thaispeáint do phrionsabail um an gcomhshaol agus tábhacht shóisialta agus chultúrtha speisialta a thabhairt chun suntais.

## Campas Nuálaithe BIA

Dhámh Fiontraíocht Éireann rud beag níos lú ná €2.5 milliún do Champas Nuálaithe BIA CLG arna thacú ag Comhairle Contae na Gaillimhe mar chuid den Chiste Fiontraíochta Réigiúnach a d'fhógair Heather Humphreys, TD,  an tAire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta i mí na Nollag 2017.

Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm go céimneach thar thrí bliana agus tá sé chun tosú in 2018. Cruthófar 360+ post leis i níos mó ná 40 gnólacht ar fud Iarthar na hÉireann, lena soláthrófar saoráidí lena bhfuil gá géar chun cuidiú le tionscal an bhia san Iarthar.

Ainmníodh an Ghaillimh agus Iarthar na hÉireann mar Réigiún Eorpach na Gastranamaíochta do 2018. Is iad Teagasc agus Comhairle Contae na Gaillimhe araon dhá chomhpháirtí de na ceithre phríomhchomhpháirtí atá i gceannas an ainmnithe sin, agus iad ag obair go dlúth le Comhairle Chathair na Gaillimhe agus GMIT.



**An Dr. Maeve Henchion, Teagasc, le Bart Bonsall, TCBB RESOURCE, an Dr. Laura Devaney, Teagasc, an Dr. Kevin McDonnell, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Paul O'Reilly, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, a bhí ag labhairt ag imeacht scaipthe dheiridh thionscadal BioÉire, a bhí ar siúl Dé Luain, an 20 Márta, in Ionad Taighde Bia Teagasc i mBaile an Ásaigh.**

## BioÉire


Seoladh BioÉire in Aibreán 2015, arna mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chun cuid den bhonn eolais a sholáthar a theastaíonn chun straitéis bithgheilleagair náisiúnta a fhorbairt d'Éirinn. Bhí Teagasc i gceannas an tionscadail,agus comhpháirtithe rannpháirteach ó ar fud COBÁC, ITBÁC agus TCBB RESOURCE.

Don Dr. Maeve Henchion ó Theagasc, Príomh-Iniscrúdaitheoir ar BioÉire, b'ionann comhaontú an rialtais maidir le ráiteas beartais náisiúnta i dtaca leis an mbithgheilleagar i Nollaig 2017 agus deireadh staidéir deisce dhá bhliain ardtionchair.

"Is láidreachtaí nádúrtha d'Éirinn iad ár mbonn acmhainní nádúrtha flúirseach agus ár gcumas um theicneolaíocht nuálach lena gcuideofar linn leas a bhaint as na deiseanna margaidh suntasacha atá ann sa bhithgheilleagar agus chun bogadh i dtreo todhchaí eacnamaíoch níos inbhuanaithe", dúirt sí mar fhocal scor.

### Damien Frewer

**Léachtóir Coláiste, Teagasc Chill an Dátúnaigh.**



Chríochnaigh Damien teastas dhá bhliain in eolaíocht talmhaíochta i WIT agus ansin chríochnaigh sé céim in eolaíocht talmhaíochta ag COBÁC, agus fuair sé céim in 2001. Ansin chríochnaigh sé Céim Mháistir in Eolaíocht Barr in COBÁC (eastát Lyons). Ina dhiaidh sin d'oibrigh sé mar chúntóir taighde in eastát Lyons ag déanamh trialacha taighde ar bharra.

In 2004 fostaíodh Damien ag an Roinn Talmhaíochta mar Chigire Cúnta Talmhaíochta agus chaith sé ceithre bliana ag obair ar mhaoiniú taighde.

Ó 2008 bhí sé ag teagasc i gColáiste Teagasc ag Cill an Dátúnaigh. Tá sé ina chomhordaitheoir comhpháirteach cúrsa don chúrsa Ard-Bhainistíocht Innealra agus Barr agus bainistíonn sé an fiontar curaíochta. Teagascann sé mic léinn talmhaíochta de leibhéil 5 agus 6, chomh maith le mic léinn talmhaíochta agus eolaíochta talmhaíochta ó WIT.

# COTHÚ DAONNA

## An tSín

Thug Teagasc breac-chuntas ar a chuid taighde ar dhéiríocht agus ar chothú do chuideachtaí bia na Síne ag seimineáir arna n-eagrú ag Fiontraíocht Éireann in Shanghai agus i mBéising i Feabhra. Cuireadh na seimineáir ar bun ar mhaithe le táirgí déiríochta na hÉireann a chur chun cinn ar mhargadh na Síne agus chun Éire a chur i lár an aonaigh i gcomhair infheistíocht ón tSín sa tionscal déiríochta.

D'fhreastail ionadaithe ó Glanbia Ingredients Ireland, Kerry, Ornua, Aurivo, Carbery, agus Dairygold ar an dá sheimineár freisin. Seachas Teagasc, rinne ionadaithe ó Moorepark Technology Limited, Institiúid Micribhithóim APC, Bia le haghaidh Sláinte Éireann, Bord Bia, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Fiontraíocht Éireann agus Ambasáid na hÉireann i mBéising láithreoireachtaí freisin.

Soláthraíodh deis leis na seimineáir breac-chuntas a thabhairt do chuideachtaí Déiríochta agus Déantúsaíochta Bainne Foirmle do Naíonáin na Síne ar shonraí na réimsí corraitheacha de thaighde ar dhéiríocht agus ar chothú atá ag tarlú in Éirinn, agus conas is féidir le cuideachtaí na Síne comhoibriú le hIonaid Barr Feabhais Déiríochta agus Cothaithe na hÉireann.




**Sa ghrianghraf, agus iad i láthair ag imeacht Geataí Bia Theagasc sa tSín, tá: An Dr. Pat Dillon, Ceann Chlár Nuála agus Taighde um Ainmhithe agus Féarach Teagasc; an Dr. Mark Fenelon, Cheann Chlár Taighde Bia Teagasc; Catherine Stanton, Taighde Bia Teagasc; an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Theagasc; agus an tUasal Song Miao, Taighde Bia Teagasc.**

## Tomhaltas Déiríochta agus an tSláinte

Tá taighdeoirí i dTeagasc agus COC ag scrúdú conas a chorpraítear bianna déiríochta inár n-aistí bia trí anailís a dhéanamh ar an Suirbhé Náisiúnta ar Chothú Aosach, ina bhfuil sonraí faoi phatrúin tomhaltais níos mó ná 1,500 aosach. Fuair na taighdeoirí amach go ndéanann beagnach 99% den daonra táirgí déiríochta ina n-aistí bia; ba é bainne ag táirge is mó tomhaltas. Ar an meán, comhlíonann aosaigh na hÉireann na moltaí cothaithe maidir le bia déiríochta agus déanann siad gloine bainne, sciar cáise nó pota iógairt a thomhailt ar mhórchuid de laethanta na seachtaine.

Ach nuair a dhéantar iad a ghrúpáil faoi chineál agus faoi phatrún na mbianna déiríochta arna dtomhailt, áfach, taispeántar leis an taighde nach n-itheann tomhaltóirí uile táirgí déiríochta ar an mbealach céanna. Ólann daoine áirithe, go ghnáth fir atá dírithe ar spóirt, níos mó ná pionta de bhainne lánmhéathrais gach lá gan cuid is mó de na táirgí déiríochta eile a thomhailt amhail cáis nó iógart. Is fearr le tomhaltóirí níos óige cáis amháin, agus is fearr le cuid is mó de mhná iógairt a ith.  Spreagadh an chuid is mó díobh siúd a dhéanann méideanna móra bianna déiríochta a thomhailt chun aiste bia sláintiúil a leanúint. Rinne beagnach ceathrú den daonra méid an -bheag de tháirgí déiríochta a thomhailt agus ní dhearna daoine eile ach bainne a úsáid i dtae nó caife.

Ach déanann beagnach ceathrú d'aosaigh in Éirinn méid an-bheag de tháirgí déiríochta a thomhailt, áfach, agus níos lú de 100g i gceist in aghaidh an lae. an-mhéid níos lú ná na trí sciar ón ngrúpa bainne, cáise agus iógairt atá molta. Ní mór do na tomhaltóirí sin a chinntiú go ndéanann siad cailciam imleor a thomhailt d'fhonn cnámhshláinte a choimeád agus saincheisteanna sláinte a chosc amhail oistéapóróis níos déanaí sa saol.

Féadfar deiseanna corraitheacha a sholáthar trí shainaithint na bpróifílí sin de thomhaltóirí déiríochta le haghaidh táirgí nua a fhorbairt do thomhaltóirí le táirgí déiríochta saincheaptha chun oiriúnú dá n-aistí bia agus ag díriú ar roghanna pearsanta agus riachtanais.

## Dul i nGleic le Murtall

De réir shuirbhé Shláinte Éireann in 2015, tá 60% den daonra d'aois 15 bliana nó níos sine róthrom nó murtallach. Thaispeáin foireann de thaighdeoirí Teagasc, faoi cheannas Kanishka Nilaweer ag Teagasc, Baile an Ásaigh, go ndéanann próitéiní meidhg cothaithe méadú meáchain choirp a laghdú. Shainaithin siad gur féidir le hAonráit Próitéin Meidhg (WPI) tionchar a imirt ar léiriú géinte a bhfuil baint acu le hiompar glúcóis agus le deascadh aigéid shailligh.

Chomh maith leis sin, rinneadh deascadh micreaflóra a athrú, agus laghdaíodh daonraí tá nasctha le forbairt murtaill go mór sa ghrúpa a fuair WPI. Maítear leis na sonraí gur féidir cuidiú le meáchan a laghdú trí iontógáil siúcra a laghdú agus meadhg a thomhailt.



Comhalta Walsh Teagasc Sinead Morrin, buaiteoir bhonn RDS 2017.

# Sprioc 4



# BONN ÓIR TEAGASC

Is í Connie Conway buaiteoir Bhonn Óir Teagasc, 2017. Bronntar Bonn Óir Teagasc ar bhonn bliantúil ar bhall foirne a rinne rannchuidiú eisceachtúil le Teagasc agus leis na hearnálacha talmhaíochta agus bia. Is í Connie an tOifigeach Riaracháin do Chlár Barr, Comhshaoil agus Talamhúsáide Teagasc.

Bhronn Cathaoirleach Teagasc, an Dr. Noel Cawley, an Bonn Óir ar Connie ag cruinniú an Údaráis i Márta ag Páirc na Darach, Ceatharlach. Agus é ag bronnadh an bhoinn, dúirt an Dr. Cawley: "Bronnadh Bonn Óir Teagasc ar Connie Conway as ucht a cuid seirbhíse thar na bearta don eagraíocht i ról riaracháin, ról a tréithríodh ag iarracht ionraic, solúbthacht, obair buíne agus an-mhian chun tacú leis an eagraíocht chun a sainchúram a chur chun feidhme. Is faighteoir an-fhiúntach í de Bhonn Óir Teagasc."

Thug Údarás Teagasc aitheantas freisin do rannchuidithe John O'Connor, Teicneoir ag Coláiste Teagasc, Cill an Dátúnaigh agus Vincent O'Sullivan, Anailísí Feidhmchlár TFC atá lonnaithe i gCeannoifig Teagasc i gCeatharlach. Rinne John agus Vincent araon rannchuidithe suntasacha ina réimsí faoi seach leis an eagraíocht le linn a ngairmréimeanna gairmiúla. Bhronn Cathaoirleach Theagasc Boinn Airgid ar John agus Vincent.




**Sa ghrianghraf ag oscailt an fhorfhoirgnimh nua ag Oifig Chomhairleach Teagasc ag Mainistir na Corann - Dermot McCarthy, Ceann Seirbhísí Comhairleacha Teagasc, Ger McMahon, Bainisteoir Réigiúnach, David Stanton TD, an tAire Stáit um Chomhionannas, Inimirce agus Imeascadh agus Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle.**

## Straitéis Daoine

Seoladh Straitéis Daoine Teagasc (2018-2022) an 6 Nollaig 2017. Déantar forbairt leis an straitéis nua ar éachtaí an dá straitéis um Acmhainní Daonna roimhe seo.

Tá an straitéis nua cúig bliana sin dírithe orthu siúd a chumasaíonn an ardfheidhmíocht agus ar inniúlachtaí nua a sholáthraíonn luach níos fearr ar airgead dár gcliaint, dár bpáirtithe leasmhara, dár mbaill foirne agus don eagraíocht ar leibhéal na ndaoine aonair agus ar leibhéal foirne.

Fágann ardleibhéal rannpháirtíochta i measc na mball foirne go dtuigeann siad an tábhacht a bhaineann le treoir a thabhairt agus torthaí a bhaint amach in eagraíocht chasta agus i dtionscal casta. Tá fócas lárnach na straitéise sin bunaithe ar: (i) tacaíocht a sholáthar d'fhoireann fhéintreoraithe, faoi thionchar cuspóra agus (ii) tacaíocht a sholáthar d'fhoirne chun láidreachtaí agus cumais na mball uile a úsáid ina n-iomláine.

## Saoráidí Nua

D'oscail David Stanton, an tAire Stáit um Chomhionannas, Inimirce agus Imeascadh Oifig Chomhairleach Teagasc nua go hoifigiúil a rinneadh a shíneadh le déanaí ag Mainistir na Corann, Co, Chorcaí.

Bhí an infheistíocht de €320,000 sa chóiríocht oifigí bhreise riachtanach i Mainistir na Corann mar bhí cuid den fhoireann a bhog ó Bhóthar an Fhearainn Léith i gCorcaigh in 2010 lonnaithe i mbotháin.

Freastalaíonn oifig Mhainistir na Corann de chuid Teagasc ar limistéar feirmeoireachta tábhachtach, maidir le déiríocht, stoc tirim agus curaíocht a shíneann ó Eochaill go Cionn tSáile, suas go Béal Átha an Cheasaigh agus go Cnoc Rátha agus Gleann Maghair. San áireamh le gníomhaíochtaí Teagasc i gceantar feirmeoireachta Oifig Mhainistir na Corann tá; 18 bPléghrúpa feirmeoirí, agus 11 acu i Scéim Aistrithe Eolais na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá 284 fheirmeoir i bPléghrúpaí, arna n-éascú ón oifig sin agus déantar timpeall ar 150 cruinnithe pléghrúpa a thionól ar fheirmeacha gach bliain. Sa bhreis air sin, eagraítear sé shiúlóid feirme gach bliain, mar aon le trí sheimineár, lena ndéantar tinreamh áitiúil a tharraingt ag an himeachtaí sin de níos mó ná 2,250 feirmeoir.

## Eolaithe Óga BT



**Buaiteoirí dhuais speisialta Teagasc ag BTYSTE 2017, Asa Curran, Tiarnan Collins agus Jack Ryan-Purcell ó Choláiste Pobail na Scoile i gContae Chorcaí, sa ghrianghraf leis an Dr. Lance O'Brien.**

Ba iad buaiteoirí dhuais speisialta Teagasc ag BTYSTE 2017, Asa Curran, Tiarnan Collins agus Jack Ryan-Purcell ó Choláiste Pobail na Scoile i gContae Chorcaí, agus moladh go hard iad ina gcatagóir agus iad á gcur sa 15% is fearr de na hiontrálacha. Rinneadh iniúchadh leis an tionscadal ar phoitéinseal na hagrafhoraoiseachta chun astaíochtaí carbóin ó fhoinsí talmhaíochta eile a chúiteamh. Is í Larissa Kelly a múinteoir agus meantóir.

Bronntar duais Teagasc ar an tionscadal lena dtaispeántar ar an mbealach is fearr tuiscint chríochnúil ar eolaíocht na talmhaíochta nó ar tháirgeadh bia, nó ar úsáid na heolaíochta chun teicneolaíochtaí a fheabhsú atá ar fáil do tháirgeadh talmhaíochta nó bia. Glacadh le 550 tionscadal chun páirt a ghlacadh sa chomórtas deiridh i mbliana as líon iomlán de 2,091 iontráil. Bhí an t-imeacht ar siúl ag an RDS, agus mic léinn ó 375 scoil iontráilte sa chomórtas.

Spreagadh na mic léinn chun gabháil don tionscadal seo nuair a chuala siad go raibh an tAontas Eorpach chun fíneáil mhór a ghearradh ar Éirinn as mainneachtain i gcomhlíonadh a spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Shocraigh siad iniúchadh a dhéanamh ar úsáid na hagrafhoraoiseachta (nuai a dhéantar crainn a fhás i gcomhcheangal le talmhaíocht ar an talamh céanna) mar réiteach féideartha chun roinnt de na hastaíochtaí a bhaineann le táirgeadh talmhaíochta a chúiteamh.

Agus iad ag obair le feirmeoir Liam Beechinor sa Ladhar, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, chuir siad trí chineál talamhúsáide éagsúla i gcomparáid le chéile le haghaidh carbón a cheapadh: gnáthfhéarach, agrafhoraoiseacht agus gnáthfhoraoiseacht maidir le carbón ithreach. D'fhéach na mic léinn ar mhéid an charbóin atá stóráilte i mbithmhais na gcrann. Dar leo go bhfuil agrafhoraoiseacht ina bhealach tarraingteach d'fheirmeoirí chun crainn a fhás gan a gcuid talún a chur i leataobh le haghaidh tréimhsí ama fada, mar is féidir gníomhaíocht thalmhaíochta bheith ar siúl in éineacht le táirgeadh crann.

Fuair siad amach gurbh fhéidir 33% d'astaíochtaí ó fheirmeacha a chúiteamh in aghaidh na bliana trí agrafhoraoisí a fhás. Fuair siad amach freisin go raibh méadú ar ábhar orgánach na hithreach agus dá bhrí sin ar charbón mar thoradh ar agrafhoraoiseacht Bá é an tátal dá gcuid gurbh fhéidir agrafhoraoiseacht a bheith ina bealach tarraingteach d'fheirmeoirí roinnt de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chúiteamh trí charbón a cheapadh, agus ar an mbealach sin cuidiú le rannchuidiú gás ceaptha teasa le téamh domhanda a laghdú.

## Comhaltachtaí Walsh

Ba é an buaiteoir den láithreoireacht ó bhéal is fearr agus buaiteoir bhonn an RDS Sinead Morrin atá lonnaithe ag Ionad Taighde Bia Theagasc, an Chloch Liath, Mainistir Fhear Maí, agus ag Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba é teideal a láithreoireachta: Ábhair bhitheacha bhainniúla: an dromchla stéigeach a mhodhnú chun coilíniú baictéar a mhéadú lena gcuirtear sláinte chun cinn. Bhronn Tom Kirley a bonn uirthi ar son an RDS.

Bhuaigh Sinead an láithreoireacht is fearr um thaighde ar bhia freisin agus bonn Institiúid Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia na hÉireann (IFSTI). Bhronn Declan Troy an bonn IFSTI urithi.

Bronnadh an duais le haghaidh an phóstaeir is fearr ar Zhuning Wu atá lonnaithe ag Ionad Taighde Bia Teagasc ag Baile an Ásaigh agus a oibríonn freisin ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ba é an teideal láithreoireacht Zhuning: airíonna bithfhisiceacha, bithcheimiceacha agus bitheolaíocha collaigine de chineál II peipsine intuaslagtha ó fhoinsí fíocháin mhamaigh agus mara chun loingeán a athghiniúint.

### Fiona Hegarty
**Cuntasóir, Teagasc, an Chloch Liath.**




Is Bainisteoir Airgeadais um Dheontais Taighde í Fiona Hegarty atá lonnaithe ag Teagasc, an Chloch Liath. Bainistíonn sí foireann de cheathrar ball foirne agus conradh de chuid soláthraí seirbhíse seachtraigh, agus tá sí freagrach as tacaíocht airgeadais a sholáthar maidir le pleanáil, bainistíocht, tuairisciú agus comhlíonadh i dtaca le tionscadail taighde a mhaoinítear ar bhonn seachtrach arna ndeonú do Teagasc. Tá sí ag obair le Teagasc le trí bliana anois agus thosaigh sí i ról buiséadaithe agus bhog sí isteach ina post reatha i Nollaig 2016. Is Cuntasóir Poiblí Deimhnithe í agus chríochnaigh sí a hoiliúint chuntasaíochta le KPMG agus d'oibrigh sí i róil airgeadais éagsúla le PepsiCo, IBM agus grúpa óstán Marriott.

## Seachtain na hEolaíochta

D'óstáil Teagasc sraith d'imeachtaí corraitheacha do Sheachtain na hEolaíochta (12-19 Samhain). D'oscail ionaid taighde Teagasc a ndoirse do chuairteanna ó scoileanna agus coláistí agus bhí mic léinn in ann turgnaimh phraiticiúla a dhéanamh agus fáil amach faoi ghairmréimeanna in Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM).

Sa bhreis air sin, d'óstáil Teagasc dhá imeacht don phobal i gcoitinne - i mBaile Átha Cliath 'Blas den Bhia, den Eolaíocht agus níos mó' a tionóladh ag Teagasc, Baile an Ásaigh agus 'Eolaíocht 60 Nóiméad' i gCeatharlach. Tarraingíodh na céadta cuairteoirí chuig an dá imeacht.




Tháirg Teagasc foilseachán dar teideal 'Teagasc Women in STEM' mar chuid dá ghníomhaíochtaí do Sheachtain na hEolaíochta 2017. Leis an bhfoilseachán sin tugadh mná chun suntais atá ag obair i STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) agus soláthrófar eiseamláirí ionchasach leis do mhic léinn baineannacha ar féidir dámh a bheith acu leo. Tugtar raon éagsúil na ngairmréimeanna chun suntais leis freisin atá ar fail i dtaighde agraibhia mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le heolaíocht ar an dara agus tríú leibhéal. Taispeánta leis an bhfoilseachán go n-oibríonn eolaithe is mná i dTeagasc in éagsúlacht leathan de réimsí thar na ceithre chlár taighde dá chuid.

Dúirt Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, agus **Teagasc Women in STEM**á sheoladh aige:

> "Tá scileanna STEM ríthábhachtach chun réitigh a sholáthar ar na fadhbanna domhanda atá os ár gcomhair sa domhan inniu. Tá daoine atá ag obair i STEM ag athrú íomhá an domhain ina bhfuilimid inár gcónaí. Trí staidéar a dhéanamh ar ábhair STEM, soláthraítear eochair-scileanna duit lena n-áirítear smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, cruthaitheacht, nuáil, dearadh agus cumarsáid, agus gach ceann acu an-luachmhar d'fhostóirí le haghaidh go leor post éagsúil.

## Duaiseanna Fullbright

Is í an tUasal Jaswinder Kaur Dámhachtaí Fullbright-Teagasc, iarrthóir PhD le hIonad Biteicneolaíocht Fheidhmeach Shionainne ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Mar Dhámhachtaí Fullbright-Teagasc beidh sí lonnaithe in Ollscoil Stáit Michigan, agus iniúchadh á dhéanamh aici ar úsáid seicheamh géanóim fungas agus géinte ríthábhachtach á sainaithint atá freagrach as einsímí toimhdean a tháirgeadh le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha.

Bhí an Dr. Laura Devaney, taighdeoir iardhochtúireachta i Roinn an Ghnó Agraibhia agus Anailís Spásúil i dTeagasc, ina hiarrthóir rathúil eile, agus fuair sí an Duais Scoláire Fullbright cáiliúil faoi urraíocht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA). Déantar scrúdú le hobair an Dr. Devaney ar chonairí forbartha do bhithgheilleagar na hÉireann agus na hEorpa agus í ag obair mar chuid dethionscadal BioÉirearna phoibliú go fairsing atá maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus, le déanaí, an tionscadal CASA arna mhaoiniú ag an AE. Tá poitéinseal ag baint le húsáid acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite chun riachtanais a chomhlíonadh maidir le bia, beatha, breosla agus snáithín agus le forbairt an bhithgheilleagair chun spleáchas an tsochaí ar bhreoslaí iontaise agus an tionchar ar an gcomhshaol a mhaolú agus fás eacnamaíoch á bhaint amach ag an am céanna. I measc na slabhraí luacha dóchúla arna sainaithint d'Éirinn tá úsáid barr talmhaíochta chun bithcheimiceáin a tháirgeadh; díobhach mara chun críocha bia agus beatha feidhmiúla; iarmharaigh foraoiseachta maidir le giniúint téimh dhíláraithe; agus dramhaíl talmhaíochta agus bia chun bithfhuinneamh a chruthú.

Agus í ag trácht ar scoláireacht an Dr. Devaney, dúirt an Dr. Maeve Henchion, Teagasc:

"Tá an-áthas orainn gur aimsigh duine dár dtaighdeoirí an scoláireacht idirnáisiúnta cháiliúil seo chun an taighde bunúsach ar an mbithgheilleagar a rinneadh i dTeagasc a chur chun cinn. Chuir obair Laura ar BioÉire go díreach le forbairt an ráiteas faoi bheartas náisiúnta um an mbithgheilleagar d'Éirinn agus tá mé ag súil lena filleadh ar ais ó SAM chun a cuid taithí agus foghlama a chomhroinnt."

## An Dr. Emma Dillon

**Teagasc, Béal Átha an Rí.**



Ó thosaigh sí le Teagasc mar eacnamaí in 2007 bhí Emma rannpháirteach i raon leathan de thaighde atá ábhartha do bheartas ar leibhéal na feirme,a bhaineann go príomha le hinbhuanaitheacht talmhaíochta agus sláinte ainmhithe. Baineann réimse príomhúil spéise le hiompraíocht feirmeoirí maidir le glacadh le teicneolaíocht agus tá sí i gceannas tionscadail faoi láthair sa réimse seo lena ndéantar iniúchadh níos leithne ar shaincheist ionchur an tsaothair agus éifeachtúlacht eacnamaíoch i dtaca le feirmeacha déiríochta a leathnú. Lasmuigh de thaighde, tá Emma ina ball de chomhairle Chumann Eacnamaíochta Talmhaíochta na hÉireann (AESI) agus bhí sí ina rúnaí  le haghaidh roinnt blianta.

## Gradam Mór

Rinne an tUasal Jean-Pierre Thébault, Ambasadóir na Fraince chuig Éirinn, an tOllamh Gerry Boyle mar Chevalier des Palmes Académiques ag searmanas ag Áras na Frainc i mBealtaine.





Sa ghrianghraf ag an ócáid bhí Jean-Pierre Thébault, Ambasadóir na Fraince chuig Éirinn, an tOll. Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, Michael Creed TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie Flanagan, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an Dr. Noel Cawley, Cathaoirleach Teagasc. Is ionann an Ordre des Palmes Académiques (Ord na bPailmeacha Acadúla) agus ord ridireachta na Fraince d'acadóirí agus do dhaoine sa saol cultúrtha agus oideachais.

# Tionchar Luanna

Ní mór d'eagraíochtaí taighde, amhail Teagasc, torthaí a gcuid taighde a mheasúnú chun infheistíochtaí a dhlisteanú, cinntí a threorú ar threo an taighde sa todhchaí agus chun a gcuid feidhmíochta a thuiscint i gcomparáid le heagraíochtaí cosúla. Tá Teagasc ag déanamh monatóireachta ar thionchar an taighde dá chuid agus ag tiomsú na sonraí sin do pháirtithe leasmhara. Tagraíonn Príomh-Leabharlannaí Teagasc, Maire Caffrey, do Thionchar Luanna Normalaithe mar phríomh-mhéadrach.

Is ionann dhá chatagóir ábharthachta do Teagasc agus: (a) Talmhaíocht, déiríocht agus eolaíochtaí ainmhithe agus (b) Eolaíocht agus teicneolaíocht an bhia. Chun ár bhfeidhmíocht féin a chur i gcomhthéacs náisiúnta, is féidir linn feidhmíocht Teagasc a chur i gcomparáid le feidhmíocht Ollscoileanna na hÉireann laistigh de na catagóirí ábhar sin.





Thug iar-Thaoiseach Enda Kenny cuairt ar Údarás Teagasc i Nollaig.



Sa ghrianghraf, agus iad ar chuairt chuig Músaem na Talmhaíochta ag campas Chaisleán Bhaile Sheáin Teagasc, tá (clé go deis); Kevin Baird, Príomhfheidhmeannach Iontaobhas Oidhreacht na hÉireann; Paul Kehoe TD, an tAire Stáit ag Ranna an Taoisigh agus Cosanta; Heather Humphreys TD, an tAire um Fhorbairt Tuaithe, Gnóthaí Tuaithe, Ealaíona agus an Ghaeltacht ; Tom Doherty Príomh-Oifigeach Oibríochtaí, Teagasc agus Frank Staples, Méara Loch Garman.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

In 2017 d'eagraigh Oifig Tacaíochta Taighde Teagasc comórtas grianghrafadóireachta don fhoireann agus do mhic léinn. Arna eagrú ag an Dr. Kim Reilly, ba é an aidhm na híomhánna is nuálaí agus is éifeachtaí a aimsiú lena sárthaispeántar raon na ngníomhaíochtaí taighde agus nuála a bhíonn ar siúl ar fud Teagasc. Baineadh úsáid as na híomhánna is fearr chun féilire ardfhísiúil a chruthú.

Is le Juliette Maire an íomhá bhuaiteach (thuas) a bhí ag obair ar thionscadal arna mhaoiniú ag an RTBM agus taispeántar inti brath paistí fuail agus aoiligh ó bhá déiríochta ag innilt i bhfeirm Chaisleán Bhaile Sheáin. Bhailigh sí an íomhá agus Aerfheithicil gan Foireann (UAV) á húsáid ó airde 35m. Is éasca na paistí fuail agus aoiligh a thabhairt faoi deara sa pháirc ar clé. Gabhadh an íomhá mar chuid de thionscadal lena ndéantar cineálacha cur chuige a iniúchadh maidir le maolú nítrigine frithghníomhaí a scálú i gcórais féaraigh.

## Tuarascáil Bhliantúil 2017 ar Úsáid Fuinnimh

Oibríonn Teagasc as 55 láthair ar fud na tíre a athraíonn ina scála ó shaoráidí de chineál campais le foireann de 100+ (e.g. Ionaid Taighde & Coláistí) go hoifigí Comhairleacha beaga le timpeall ar 10 ball foirne. Is é timpeallacht thógtha Teagasc an príomhúsáideoir acmhainní fuinnimh atá comhionann le 82% den ídiú iomlán.

In 2017, d'ídigh Teagasc 26,607.7 MWh d'fhuinneamh a bhí comhdhéanta de:

- 10,904.8 MWh leictreachais nó 41.0% den fhuinneamh iomlán
- 9,048.1 MWh de bhreosla iontais chun spásanna a théamh nó 34.0% den fhuinneamh iomlán
- 4,763.5 MWh de bhreosla feithicle (talmhaiocht, iompar tráchtála agus flít carranna) nó 17.9% den fhuinneamh iomlán
- 1,891.2 MWh de bhreoslaí in-athnuaite nó 7.1% den fhuinneamh iomlán

Tá clár leanúnach i bhfeidhm ag Teagasc chun fabraic foirgnimh a chuid saoráidí a uasghrádú chun caillteanas teasa a laghdú (gloiniú dúbailte, insliú díonta agus ballaí, srl). Leanfar den chlár sin in 2018. B'ionann foinsí breosla in-athnuaite agus 7.1% d'úsáid fuinnimh iomlán in 2017. Ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr sin cion an leictreachais cheannaithe a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite nó eilimint an bhreosla in-athnuaite de bhreoslaí iompair ceannaithe. Cuireadh córas bainistíochta fuinnimh oifigiúil i bhfeidhm agus an aidhm ann úsáid fuinnimh a laghdú ar aon dul le spriocanna náisiúnta.



# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Teagasc

## Tuarascáil an Údaráis agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017

# *RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017*

| **CLÁR NA nÁBHAR** | **Leathanach** |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 71 |
| RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH | 73 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ BHORD AN ÚDARÁIS | 75 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS | 80 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH | 81 |
| RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS | 82 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ | 83 |
| RÁITEAS Ó THEAGASC AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ | 84 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID THIRIM | 85 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE | 86 - 113 |

## TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar is gá faoi fhorálacha an Achta Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas
- ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa agus Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí
- ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cóir ar acmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais do 2017 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme san RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

### Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Theagasc agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam ar aon dul leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile.

Sholáthair Teagasc faisnéis eile áirithe in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar a leithéid d'fhaisnéis, agus ar ábhair eile áirithe ar a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

### Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair.

Tarraingím aird ar an ráiteas maidir le rialú inmheánach ina nochtann an tÚdarás gur thabhaigh sé caiteachas, in 2017, de €1.35 milliún nuair nár comhlíonadh treoirlínte soláthair phoiblí leis na nósanna imeachta soláthair arna n-úsáid. Shainaithin an tÚdarás an nós imeachta neamhchomhlíonta tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar staid comhlíontachta na gconarthaí uile lenar bhain luach níos mó ná €25,000. Leagtar amach sa ráiteas na céimeanna arna nglacadh ag an Údarás nó ata beartaithe le glacadh chun tabhairt faoin ábhar sin.

Seamus McCarthy
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
21 Meitheamh 2018

**Aguisín leis an tuarascáil**

**Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis**

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis freagrachtaí na gcomhaltaí. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as na nithe a leanas:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988
- deimhin a dhéanamh go dtugtar léargas fírinneach agus cóir de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh nó ná bíodh mar thoradh ar chalaois nó earráid.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Éilítear orm faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Teagasc agus chun tuairisciú orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á chur chun feidhme dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme de réir na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh:

- sainaithním agus measaim na rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais bíodh mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca gan míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois a bhrath níos airde ná míshonrú ábhartha mar thoradh ar earráid a bhrath, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh seo d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas Teagasc leanúint mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí sa todhchaí, áfach, a bheith ina gcúis le Teagasc a scor de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, trí sin a dhéanamh, breithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhchomhsheasmhach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le mo chuid eolais arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá cumar air ar shlí eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má dhéanaim conclúid, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric a thuairisciú.

**Tuairisciú ar nithe eile**

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tugaim tuairisc más ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc más ann d'aon chás ábhartha nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche beartaithe ann nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad ann.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- murar leor taifid chuntasaíochta le cur ar mo chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Teagasc, admhaím freagracht an an Údaráis as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tugtar riachtanais an Cóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

### Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Deartar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i dTeagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

### Cumas chun déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag Teagasc atá comhdhéanta de thriúr atá ina gcomhaltaí den Údarás, agus duine acu mar Chathaoirleach, mar aon le comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an ARC le chéile 4 huaire le linn 2017.

Bhunaigh Teagasc feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a soláthraítear acmhainní imleora di agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC.

D'fhorbairt an ARC beartas bainistíochta riosca lena leagtar amach an inghlacthacht riosca dá chuid, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile nach mór di oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca Teagasc, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### Creat riosca agus rialaithe

Tá córas rialaithe bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag teagasc lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí os comhair Teagasc agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú arna sannadh d'fhoireann shainiúil. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- trí nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha cinntítear rialú imleor ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla a bunaíodh le haghaidh próisis rialaithe agus easnaimh rialaithe a mhonatóiriú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a fheidhmiú agus don lucht bainistíochta agus don Údarás, nuair is ábhartha, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpriomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

### Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun comhlíontacht rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú. Le linn 2017 rinne Teagasc athbhreithniú ar stádas comhlíontachta conarthaí uile lenar bhain luach bliantúil níos mó ná €25,000. As na 390 conradh ar a ndearnadh athbhreithniú, as caiteachas oibriúcháin ghinearálta de €42m, fuarthas 19 acu le bheith neamhchomhlíontach agus ba é luach bliantúil na gconarthaí neamhchomhlíontacha sin €1.35m. Cuireadh cleachtaí tairisceana i gcrích maidir le tromlach na gconarthaí sin agus is conarthaí comhlíontacha iad anois. Tá Teagasc ag uasghrádú a gcóras soláthair faoi láthair d'fhonn riosca de neamhchomhlíonadh a íoslaghdú sa todhchaí.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Teagasc chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ag Teagasc ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an luchta bainistíochta sinsearaí laistigh de Teagasc atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2017.

### Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Ní dhearnadh aon laigí a shainaithint sa rialú inmheánach, seachas na cinn a tugadh faoi deara faoi Soláthar, maidir le 2017 ón dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

An Dr. Noel Cawley

Cathaoirleach

An 11 Meitheamh 2018

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Rialachas

Bunaíodh Údarás Teagasc faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Leagtar feidhmeanna an Údaráis amach sa Chéad Sceideal den Acht sin. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le saincheisteanna príomhghnó uile. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil Teagasc. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann an treo ginearálta straitéiseach a leanúint a leagann an tÚdarás amach agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fheadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta Teagasc.

### Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, ina bhfuil cúrsaí freisin atá coimeádta go sainiúil le haghaidh chinneadh an Údaráis. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha na gcoistí,
- tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ábhair fhorchoimeádta.

Éilítear in Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí a choinneáil ar airgead a fhaigheann nó a chaitheann an tÚdarás, i cibé foirm a ordóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Údarás Teagasc:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a shonrú cé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a bhí nochta agus atá mínithe sna ráitis airgeadais;

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid an Údaráis ó thaobh airgeadais de ag aon am, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil agus macántacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin Theagasc.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Theagasc trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil an 7 Márta 2018.

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Teagasc ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Teagasc amhail an 31 Nollaig 2017.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta, agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Údaráis le haghaidh thréimhse cúig bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn míosúil. Leis an tábla thíos sonraítear an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Údaráis a bhí in oifig le linn 2017:

| | Ról | Dáta a Cheaptha |
|---|---|---|
| Cawley, an Dr. Noel | Cathaoirleach | An 17 Meán Fómhair 2013 |
| Kennedy, An tUas. Richard | Gnáthbhall | An 25 Bealtaine 2016 |
| Jagoe, An tUas. Alan | Gnáthbhall | An 15 Meán Fómhair 2013 |
| Cooke, An tUas. Tommy | Gnáthbhall | An 5 Deireadh Fómhair 2016 |
| Gibbons, An tUas. Padraig | Gnáthbhall | An 15 Meán Fómhair 2013 |
| Woulfe, An tUas. Liam | Gnáthbhall | An 29 Aibreán 2015 |
| Murphy Uas., Clíona | Gnáthbhall | An 29 Aibreán 2015 |
| Larkin, An tUas. Joseph | Gnáthbhall | An 10 Deireadh Fómhair 2014 |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | Gnáthbhall | An 15 Meán Fómhair 2013 |
| Gleeson, An tUas. Brendan | Gnáthbhall | An 9 Eanáir 2013 |
| Pierce, an Dr. Karina | Gnáthbhall | An 9 Eanáir 2013 |

Tá cúig choiste curtha ar bun ag an Údarás, eadhon:

**1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC):** cuimsítear trí chomhalta an Údaráis agus aon chomhalta seachtrach leis. Is é ról an ARC tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithe ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil uair sa bhliain. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2017: An tUasal Liam Woulfe, Cathaoirleach, an tUasal Padraig Gibbons agus an tUasal Brendan Gleeson. Bhí ceithre chruinniú den ARC in 2017.

**2. An Coiste Oibríochtaí (OC):** Cuimsítear ceithre chomhalta an Údaráis leis. Is é ról an OC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Clár Oibríochtaí i dTeagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis den Choiste sin: An tUasal Tommy Cooke, Cathaoirleach, an Dr. Noel Cawley, an tUasal Cliona Murphy agus an tUasal Joe Larkin. Bhí trí chruinniú den OC in 2017.

**3. An Coiste Comhairleach & Oideachais (AEC):** Cuimsítear sé chomhalta an Údaráis leis. Is é ról an AEC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Cláir Chomhairleacha agus Oideachais i dTeagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas.i Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis den Choiste sin le linn 2017: An tUasal Alan Jagoe, Cathaoirleach, an tUasal Padraig Gibbons, an tUasal Joe Larkin, an tUasal Richard Kennedy, an tUasal Tommy Cooke agus an Dr. Karina Pierce. Bhí dhá chruinniú den OC in 2017.

**4. An Coiste Taighde (RC):** Cuimsítear cúig chomhalta an Údaráis leis. Is é ról an RC tacú leis an Údarás athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Cláir Taighde i dTeagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis den Choiste sin le linn 2017: An Dr. Karina Pierce, Cathaoirleach, an tUasal Richard Kennedy, an tUasal Joe Larkin, an tOllamh Gerald Fitzgerald, an tUasal Alan Jagoe. Bhí dhá chruinniú den RC in 2017.

**5. An Coiste Ainmniúchán (NC):**Cuimsítear cúig chomhalta an Údaráis leis. Is é ról an NC folúntais a bhreithniú ar Údarás Teagasc agus moltaí a dhéanamh maidir le conas na folúntais a líonadh ar an mbealach is fearr. Is iad seo a leanas comhaltaí an choiste sin le linn 2017: An Dr. Noel Cawley, Cathaoirleach, an tOllamh Gerald Fitzgerald, an tUasal Tommy Cooke, an Dr. Karina Pierce agus an tUasal Padraig Gibbons. Bhí cruinniú amháin den NC in 2017.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Sceideal tinrimh, táillí agus costas

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Údaráis agus na gCoistí le haghaidh 2017 leagtha amach thíos lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

| Cruinnithe an Údaráis 2017 | 4 Eanáir | 1 Feabhra | 1 Márta | 5 Aibreán | 3 Bealtaine | 7 Meitheamh | 5 Iúil | 6 Meán Fómhair | 4 Deireadh Fómhair | 1 Samhain | 6 Nollaig | Táillí 2017 € | Costais 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cawley, an Dr. Noel | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 20,520 | 2,477 |
| Cooke, An tUas. Tommy | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | √ | 11,970 | 665 |
| Gibbons, An tUas. Padraig | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 11,970 | 6,223 |
| Gleeson, An tUas. Brendan | √ | √ | - | - | - | √ | √ | - | √ | √ | √ | - | 1,369 |
| Pierce, an Dr. Karina | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | 2,445 |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | √ | - | 1,643 |
| Jagoe, An tUas. Alan | - | √ | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 11,970 | 5,572 |
| Kennedy, An tUas. Richard | √ | √ | √ | - | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 11,970 | 1,676 |
| Larkin, an tUasal Joe | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | - | 2,915 |
| Murphy Uas., Clíona | √ | √ | √ | - | √ | √ | - | √ | √ | - | √ | - | 2,067 |
| Woulfe, An tUas. Liam | - | √ | √ | √ | - | √ | √ | √ | - | √ | √ | 11,970 | 2,778 |
| | | | | | | | | | | | | 80,370 | 29,830 |

Bhí ceithre chomhalta den Údarás nach bhfuair táille faoin bprionsabal Aon Duine, Aon Tuarastal (OPOS). Tharscaoil an tUasal Cliona Murphy, a bhí i dteideal táille in 2015, 2016 agus 2017, a cheart don teidlíocht.

| An Coiste Taighde | 7 Meitheamh | 6 Nollaig |
|---|---|---|
| Pierce, an Dr. Karina | √ | √ |
| Kennedy, An tUas. Richard | - | √ |
| Larkin, an tUasal Joe | √ | √ |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | √ | √ |
| Jagoe, An tUas. Alan | √ | √ |

| An Coiste Ainmniúchán | 5 Nollaig |
|---|---|
| Cawley, an Dr. Noel | √ |
| Fitzgerald, an tOll. Gerald | √ |
| Cooke, An tUas. Tommy | √ |
| Pierce, an Dr. Karina | √ |
| Gibbons, An tUas. Padraig | √ |
| Murphy Uas., Clíona | √ |

| An Coiste Comhairleach & Oideachais | 30 Márta | 17 Deireadh Fómhair |
|---|---|---|
| Jagoe, An tUas. Alan | √ | √ |
| Gibbons, An tUas. Padraig | √ | √ |
| Larkin, an tUasal Joe | √ | √ |
| Kennedy, An tUas. Richard | √ | √ |
| Cooke, An tUas. Tommy | √ | √ |
| Pierce, an Dr. Karina | √ | √ |

| An Coiste Oibríochtaí | 13 Márta | 28 Lúnasa | 15 Nollaig |
|---|---|---|---|
| Cooke, An tUas. Tommy | √ | √ | √ |
| Cawley, an Dr. Noel | √ | √ | - |
| Murphy Uas., Clíona | √ | √ | √ |
| Larkin, an tUasal Joe | √ | - | √ |

| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 24 Feabhra | 5 Iúil | 25 Deireadh Fómhair | 25 Samhain |
|---|---|---|---|---|
| Woulfe, An tUas. Liam | √ | √ | √ | √ |
| Gibbons, An tUas. Padraig | √ | √ | √ | √ |
| Gleeson, An tUas. Brendan | - | - | √ | - |
| O'Connell, an tUasal Noel | √ | √ | √ | √ |

### Na Príomhathruithe Pearsanra

Níor cuireadh aon chomhaltaí nua leis an Údarás, agus níor éirigh aon chomhaltaí as, le linn 2017.

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Teagasc riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear go ndéanfaí na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

### Costais chomhairleachta

Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholaíonn feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

| | 2017 |
|---|---|
| | €'000 |
| Comhairle dhlí | 448 |
| Comhairle airgeadais/um chánachas | 175 |
| Pinsin/Acmhainní Daonna | 18 |
| Comhairle ailtireachta/ innealtóireachta | 887 |
| Comhairle taighde | 401 |
| Eile | 345 |
| Costais chomhairleachta iomlána | 2,274 |
| | |
| Costais chomhairleachta arna gcaipitliú | 324 |
| Costais chomhairleachta arna ngearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 1,950 |
| Iomlán | 2,274 |

### Costais dlí agus socraíochtaí

Tá miondealú sa tábla thíos de na suimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl san áireamh leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle ghinearálta dlí a fuair Teagasc atá nochta rud a nochtar sna costais Chomhairleachta thuas.

| | 2017 |
|---|---|
| | €'000 |
| Táillí dlí - imeachtaí dlíthiúla | - |
| Socraíochtaí | 227 |
| Iomlán | 227 |

### Caiteachas taistil agus cothaithe

Seo a leanas na catagóirí Caiteachais Taistil agus Cothaithe:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Intíre | €'000 | €'000 |
| Údarás | 30 | 34 |
| Fostaithe | 4,594 | 4,240 |
| | | |
| Idirnáisiúnta | | |
| Údarás | - | - |
| Fostaithe | 770 | 725 |
| | 5,394 | 4,999 |

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais a leanas san áireamh leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

| | 2017 |
|---|---|
| | €'000 |
| Fáilteachas don fhoireann | 20 |
| Fáilteachas do chliaint | 5 |
| Iomlán | 25 |

De réir a gcomhaontuithe fostaíochta/socrúcháin tá cuid den fhoireann agus de na mic léinn i dteideal béilí i gceaintíní coláiste. B'ionann costas sholáthar na mbéilí sin in 2017 agus €32,219

Tá comhaontú urraíochta 10 mbliana um scothshuíocháin le Páirc an Chrócaigh ar chostas bliantúil €4,800 chun an fhoireann a dhreasú agus siamsa a thabhairt do páirtithe leasmhara. B'ionann costais inchurtha i leith dreasachtaí foirne in 2017 agus €4,800

### Ráiteas comhlíontachta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun comhlíontacht ina leith a chinntiú. Chomhlíon Teagasc an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2017.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
An 11 Meitheamh 2018

An tUas. Joe Larkin
Comhalta an Údaráis
An 11 Meitheamh 2018

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

**RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017.**

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€'000** | **€'000** |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Oireachtas | 4 | 142,591 | 143,208 |
| Maoiniú ón AE | 5 | 2,016 | 1,898 |
| Díolachán beostoic | | 3,926 | 3,064 |
| Ioncam oibríochtúil | 6 | 33,603 | 32,774 |
| Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir | 10 | (3,507) | 2,562 |
| (Caillteanas)/gnóthachan ó dhiúscairt sócmhainní seasta | 12 | (192) | 1,062 |
| Deontais, tabhartais agus tobhaigh dheonacha | | 3,222 | 3,779 |
| Díolachán earraí | | 71 | 127 |
| Seirbhísí taighde agus teicneolaíochta | | 1,488 | 1,182 |
| **Ioncam Iomlán** | | 183,218 | 189,656 |
| | | | |
| **Caiteachas** | 7 | (178,195) | (181,706) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 5,023 | 7,950 |
| Ús infhaighte | | 18 | 4 |
| **Barrachas roimh aistrithe agus cáin** | | 5,041 | 7,954 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | | (2,597) | (1,760) |
| **Barrachas don bhliain airgeadais roimh cháin** | | 2,444 | 6,194 |
| Cánachas | 11 | (46) | (42) |
| **Barrachas don bhliain airgeadais** | | 2,398 | 6,152 |
| | | | |
| **Barrachas inchurtha i leith** | | | |
| Teagasc | | 2,280 | 6,041 |
| Leas neamh-urlámhais | | 118 | 111 |
| | | 2,398 | 6,152 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
An 11 Meitheamh 2018

An tOllamh Gerry Boyle
An Stiúrthóir
An 11 Meitheamh 2018

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

| | Nótaí | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain airgeadais** | | 2,398 | 6,152 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | (59,741) | (66,845) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | 59,741 | 66,845 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | 2,398 | 6,152 |
| | | | |
| Teagasc | | 2,280 | 6,041 |
| Leas neamh-urlámhais | | 118 | 111 |
| | | 2,398 | 6,152 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
An 11 Meitheamh 2018

An tOllamh Gerry Boyle
An Stiúrthóir
An 11 Meitheamh 2018

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

## RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

| | Tabhair do d'aire | Grúpa 2017 €'000 | Grúpa 2016 €'000 | Teagasc 2017 €'000 | Teagasc 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 12 | 101,369 | 98,518 | 98,179 | 95,582 |
| Infheistíochtaí | 14 | 438 | 421 | 439 | 422 |
| | | 101,807 | 98,939 | 98,618 | 96,004 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Fardail | 15 | 5,862 | 4,819 | 5,862 | 4,819 |
| Infháltais: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | 17 | 26,913 | 23,642 | 26,528 | 23,290 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 18 | 20,995 | 20,757 | 19,410 | 19,623 |
| | | 53,770 | 49,218 | 51,800 | 47,732 |
| **Suimeanna iníoctha:**Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | | | | | |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe | 19 | 20,145 | 17,297 | 19,906 | 17,104 |
| Ioncam iarchurtha | 20 | 18,887 | 19,560 | 18,753 | 19,497 |
| | | 39,032 | 36,857 | 38,659 | 36,601 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 14,738 | 12,361 | 13,141 | 11,131 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | 116,545 | 111,300 | 111,759 | 107,135 |
| **Forálacha do dhliteanais** | | | | | |
| Cáin iarchurtha | 22 | 110 | 101 | - | - |
| **Suimeanna iníoctha:**méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | | | | | |
| Ioncam iarchurtha | 21 | 468 | 611 | 175 | 272 |
| | | 115,967 | 110,588 | 111,584 | 106,863 |
| Maoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | 1,288,839 | 1,232,605 | 1,288,839 | 1,232,605 |
| Oibleagáid i ndáil le sochar scoir | 10 | (1,288,839) | (1,232,605) | (1,288,839) | (1,232,605) |
| **Glansócmhainní** | | **115,967** | **110,588** | **111,584** | **106,863** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | | | |
| Cuntas caipitil | | 98,179 | 95,582 | 98,179 | 95,582 |
| Ráiteas ar chuntas ioncaim agus caiteachais | | 14,744 | 12,346 | 13,405 | 11,281 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | | 3,044 | 2,660 | - | - |
| | | **115,967** | **110,588** | **111,584** | **106,863** |
| Cúlchistí inchurtha i leith Teagasc | | 112,344 | 107,467 | 111,584 | 106,863 |
| Leas neamh-urlámhais | | 3,623 | 3,121 | - | - |
| | | **115,967** | **110,588** | **111,584** | **106,863** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
An 11 Meitheamh 2018

An tOllamh Gerry Boyle
An Stiúrthóir
An 11 Meitheamh 2018

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

### GRÚPA

| | Tabhair do d'aire | Cuntas caipitil | Cúlchistí ioncaim | | Ranníocaíocht chaipitiúil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Grúpa | Leas neamh-urlámhais | Leas neamh-urlámhais | |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2016** | | **93,822** | **5,844** | **350** | **2,660** | **102,676** |
| Barrachas don bhliain | | - | **6,041** | **111** | - | 6,152 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | - | **(66,845)** | - | - | (66,845) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | **66,845** | - | - | 66,845 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | **6,041** | **111** | - | 6,152 |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 8,871 | - | - | - | 8,871 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | (55) | - | - | - | (55) |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (7,056) | - | - | - | (7,056) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | | **95,582** | **11,885** | **461** | **2,660** | **110,588** |
| | | **107,467** | | **3,121** | | **110,588** |
| Barrachas don bhliain | | - | **2,280** | **118** | - | 2,398 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | - | **(59,741)** | - | - | (59,741) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | **59,741** | - | - | 59,741 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | | **2,280** | **118** | - | 2,398 |
| Breisiú ar ranníocaíocht chaipitiúil | | - | - | - | 384 | 384 |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 9,732 | - | - | - | 9,732 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | (296) | - | - | - | (296) |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (6,941) | - | - | - | (6,941) |
| Cealú caillteanais lagaithe | 12 | 102 | - | - | - | 102 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | | **98,179** | **14,165** | **579** | **3,044** | **115,967** |
| | | **112,344** | | **3,623** | | **115,967** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

## RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

### TEAGASC

| | Tabhair do d'aire | Cuntas caipitil €'000 | Cúlchistí ioncaim €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2016** | | **93,822** | **5,387** | **99,209** |
| Barrachas don bhliain | | - | 5,894 | 5,894 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | - | (66,845) | (66,845) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | 66,845 | 66,845 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | 5,894 | 5,894 |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 8,871 | - | 8,871 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | (55) | - | (55) |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (7,056) | - | (7,056) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2016** | | **95,582** | **11,281** | **106,863** |
| Barrachas don bhliain | | - | 2,124 | 2,124 |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir | 10 | - | (59,741) | (59,741) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | 10 | - | 59,741 | 59,741 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán** | | - | 2,124 | 2,124 |
| Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe | 12 | 9,732 | - | 9,732 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | 12 | (296) | - | (296) |
| Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní | 12 | (6,941) | - | (6,941) |
| Cealú caillteanais lagaithe | 12 | 102 | - | 102 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | | **98,179** | **13,405** | **111,584** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID THIRIM
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

GRÚPA

| | Tabhair do d'aire | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 27 | 10,100 | 10,817 |
| Cáin a íocadh | | (37) | (41) |
| **Glan-sreabhadh airgid mar thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 10,063 | 10,776 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí le sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | | (10,316) | (9,298) |
| Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe | | 104 | 1,117 |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí a fháil | | (16) | (27) |
| Ús faighte | | 18 | 4 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil a fháil | | 385 | - |
| **Airgead tirim glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | (9,825) | (8,204) |
| | | | |
| **Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim** | | 238 | 2,572 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | 20,757 | 18,185 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | | 20,995 | 20,757 |
| | | | |
| **Is é atá cuimsithe le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 18 | 20,995 | 20,757 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 18 | - | - |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | | 20,995 | 20,757 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-35.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1. Faisnéis ghinearálta

Bunaíodh Teagasc faoin (Údarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia na hÉireann) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Is é an misean tacú le nuálaíocht eolaíochtbhunaithe san earnáil agraibhia agus leis an mbithgheilleagar níos leithne, rud a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag brabúsacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá príomhoifig chláraithe Teagasc suite ag Páirc na Darach, Ceatharlach. Tá sciar 57% i seilbh Teagasc i Moorepark Technlogy Limited a bhfuil mar phríomhghníomhaíocht aige seirbhísí a sholáthar do Thaighde agus d'Fhorbairt.

### 2 Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta, agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha, arna nglacadh ag Teagasc leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

#### 2.1. Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

#### 2.2 Bunús an chomhtháthaithe

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo, cuimsítear le 'Grúpa Teagasc': an máthaireintiteas Teagasc agus an fhochuideachta dá chuid Moorepark Technology Limited. Tá beartais chuntasaíochta agus tréimhse chuntasaíochta na fochuideachta i gcomhréir le cinn an Ghrúpa. Cuirtear idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta as an áireamh. Tuairiscítear ar infheistíocht san fhochuideachta ar chostas lúide lagú. Tá sonraí maidir leis an bhfochuideachta i Nóta 14.

#### 2.3 Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le haontú an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a pléadh le míreanna a mheastar ábhartha do ráitis airgeadais Teagasc.

#### 2.4 Aithint ioncaim

*Deontais ón Oireachtas*
Faigheann Teagasc deontais ón rialtas maidir le taighde agus tionscadail eile (deontais ioncaim) agus deontais chaipitil chun infheistíocht chaipitiúil a mhaoiniú. Aithnítear deontais ioncaim nach bhfuil critéir feidhmíochta san áireamh leo mar ioncam ar bhonn fáltas airgid. Cuirtear deontais lena bhforchuirtear critéir feidhmíochta shainiúla i leith ioncam iarchurtha agus déantar iad a thaifeadadh mar chreidiúnaí go dtí go gcomhlíontar na critéir feidhmíochta ábhartha agus go dtí go n-aithnítear na deontais mar ioncam. Déantar deontais chaipitil a scaoileadh go hioncam thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainne ábhartha arna ceannach.

*Díolachán earraí*
Aithnítear ioncam ó dhíolachán earraí nuair a aistrítear na rioscaí suntasacha agus luachanna saothair úinéireacht na n-earraí chuig an gceannaitheoir, ar sheoladh na n-earraí de ghnáth, nuair is féidir méid an ioncaim a thomhas go hiontaofa, nuair is dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an idirbheart chuig an aonán agus nuair is féidir na costais a tabhaíodh, nó a bheidh le tabhú, maidir leis an idirbheart a thomhas go hiontaofa.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

*Táillí comhairleacha*
Faigheann Teagasc ioncam le haghaidh conarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla, conarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise a chuirtear ar fáil. Aithnítear ioncam ó chonarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar an sonrasc a eisiúint. Aithnítear ioncam ó chonarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise sa tréimhse chuntasaíochta ina soláthraítear an tseirbhís nuair is féidir toradh an chonartha a mheas ar bhonn iontaofa.

*Ioncam fabhraithe*
Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar earraí/seirbhísí arna soláthar, ach nach bhfuil billeáilte, de réir na dtéarmaí conarthacha mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar thionscadail taighde, ach nach bhfuil éillithe, mar ioncam fabhraithe ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais, agus rialacha aonair na gcomhlachtaí maoinithe uile á dtabhairt san áireamh.

*Ioncam dleachta*
Aithnítear ioncam dleachta ar bhonn fabhraithe de réir shubstaint na gcomhaontuithe ábhartha.

*Táillí teagaisc*
Aithnítear ioncam thar thréimhse an teagaisc.

*Figiúirí comparáideacha*
Rinneadh figiúirí comparáideacha a athghrúpáil agus a anailísiú arís, nuair a bhí sé riachtanach, ar an mbonn céanna leis na cinn don tréimhse reatha.

### 2.5 Sochair d’fhostaithe

Cuireann an Grúpa réimse sochar ar fáil d’fhostaithe, mar shampla, socruithe íoctha saoire agus pleananna pinsin le sochar sainithe.

*(Sochair ghearrthéarmacha*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, an pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile dá shamhail ina measc, mar chostas sa tréimhse a bhfaightear an tseirbhís lena linn.

*Pleananna pinsin le sochar sainithe*
Feidhmíonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe a bhíonn maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a bhíonn ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid. Faightear luachálacha achtúireacha gach trí bliana ar a laghad agus déantar iad a nuashonrú ag dáta gach Ráitis ar Staid an Airgeadais.

Ina theannta sin, feidhmíonn Teagasc Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais na sochar scoir na sochair scoir atá tuilte ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí na mball foirne, ata coinnithe ag an nGrúpa. Aithnítear aon suim a bhaineann le muirear na sochar scoir mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe in aghaidh deontas a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí sochar scoir a íoc.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais sochar scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir sa todhchaí a thuill baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.6 Léasanna

Ag an dáta tionscanta measann Teagasc comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Meastar cibé acu atá nó nach bhfuil sa chomhaontú léas atá bunaithe ar bhunús an tsocraithe.

*Léasanna oibriúcháin*
Tugtar léasanna oibriúcháin ar léasanna nach n-aistrítear na rioscaí agus na buntáistí ar fad a bhaineann le húinéireacht iontu. Gearrtar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ar ioncam ar bhonn na líne dírí thar thréimhse an léasa.

### 2.7.Cánachas

Cuimsíonn costas cánachais don tréimhse an cháin reatha agus an cháin iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa ráiteas ar ioncam. Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais na cánach reatha nó iarchurtha a lascainiú.

*Cáin reatha*
Is éard atá i gceist le cáin reatha ná an méid cáin ioncaim atá iníoctha i leith an bhrabúis inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe. Ríomhtar cáin ar bhonn na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse.

Go tréimhsiúil, déanann an lucht bainistíochta suíomhanna a mheasúnú a ghlactar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina bhfuil an rialachán cánach infheidhme faoi réir ag léirmhíniú. Bunaíonn sé forálacha, nuair is iomchuí, ar bhonn na méideanna lena bhfuiltear ag súil le bheith íoctha do na húdaráis chánach.

*Cáin iarchurtha*
Eascraíonn cáin iarchurtha ó dhifríochtaí uainiúcháin arb ionann iad agus difríochtaí idir brabúis inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán de réir mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí ama sin a tharlaíonn nuair a chuirtear ioncam agus costais i measúnuithe cánach san áireamh i dtréimhsí atá difriúil ó na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar gach difríocht ama ar an dáta tuairiscithe seachas i roinnt eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamh-mhaolaithe ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go n-aisghabhfar iad in aghaidh aisiompú na ndliteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach amach anseo.

Ríomhtar cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse agus a cheaptar a mbeidh feidhm acu ar aisiompú na difríochta ama.

### 2.8 Taighde agus forbairt

Aithnítear caiteachas ar thaighde mar chostas sa tréimhse ina dtabhaítear e.

### 2.9 Sócmhainní inláimhsithe

*Maoin, gléasra agus trealamh*
Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear lena leithéid de chostais costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a dhéanamh oibríochtúil de réir mar a bhí beartaithe.

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas. Déantar dímheas maidir le gach maoin, gléasra agus trealamh ar rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, ar bhonn córasach, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliana |
| Gléasra agus feithiclí | 5 bliana |
| Trealamh saotharlainne agus oifige | 10 mbliana |
| Foirgnimh feirme | 20 bliain |
| Foirgnimh thionsclaíocha agus dhéantúsaíochta | 30 bliain |
| Foirgnimh eile | 50 bliain |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Gearrtar dímheas leathbhliana sa bhliain ina bhfaightear sócmhainní agus ina ndéantar iad a dhiúscairt.

Déantar athbhreithniú ar luachanna anonn maoine, gléasra agus trealaimh maidir le lagú nuair a léirítear le himeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an luach anonn inghnóthaithe. Má léirítear lagú déantar an lagú, nó cealú caillteanais lagaithe, a aithint go láithreach sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Déantar saolréanna úsáideacha ionchasacha, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa a athbhreithniú agus a choigeartú ag deireadh gach bliana airgeadais.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb ionann é agus an difríocht idir fáltais na ndíolachán agus luach anonn na sócmhainne, a eascraíonn as diúscairt nó astarraingt earra maoine, gléasra nó trealaimh sa chuntas brabús nó caillteanais. Déantar aon mhéid sa chúlchiste athluachála a bhaineann leis an tsócmhainn sin a aistriú go díreach chuig tuilleamh coimeádta.

Coimeádtar gléasra agus trealamh arna ndímheas ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach n-úsáidtear iad a thuilleadh.

*Sócmhainní oidhreachta*
Coimeádtar sócmhainní oidhreachta go príomha chun cur le heolas agus cultúr. Áirítear foirgnimh agus láithreáin stairiúla leo sin. Ní féidir faisnéis a fháil maidir le costas nó luach na sócmhainní oidhreachta ata i seilbh Teagasc ar chostas ata ar chóimhéid leis na tairbhí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais, agus dá bhrí sin ní aithnítear na sócmhainní sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Tá nochtadh maidir leis na sócmhainní atá i seilbh i Nóta 13.

*Sócmhainní le hathdhíol*
Rangaítear sócmhainní inláimhsithe mar choinnithe le díol nuair atáthar ag súil go ndéanfar an luach anonn a ghnóthú go príomha trí idirbheart díolacháin agus nuair a bhíonn sé thar a bheith dóchúil do ndéanfar díolachán. Luaitear iad ar an tsuim is ísle de luach anonn nó de luach cóir lúide costas an díolacháin.

*Lagú sócmhainní neamh-airgeadais*
Ag dáta gach Ráitis ar Staid an Airgeadais déantar sócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir a mheasúnú lena fháil amach an bhfuil aon chuma ar an scéal go bhfuil an tsócmhainn (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) lagaithe. Más amhlaidh, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim tugtha anonn na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne).

### 2.10 Sócmhainní airgeadais

*Infheistíocht i bhfochuideachta*
Déantar an infheistíocht san fhochuideachta Moorepark Technology Limited ar chostas lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa bhliain.

*Infheistíochtaí eile*
Déantar infheistíochtaí ata liostaithe ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir agus taifeadtar gluaiseachtaí tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Déantar sócmhainní airgeadais eile lena gcuimsítear infheistíochtaí i scaireanna neamhluaite agus infheistíochtaí airgeadais a thomhas ag a luach cóir más féidir sin a chinntiú go hiontaofa; murar féidir déantar iad a thomhas ag an luach inchurtha ina leith ag dáta a bhfála lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

### 2.11 Fardal

*Sócmhainní bitheolaíocha*
Déantar beostoc agus torthaí feirme féin a luacháil ag samhail an luacha chóir. Cinntítear luach cóir ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe ar an margadh oscailte. Léirítear gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as na luachálacha seo ina n-iomláine in ioncam oibriúcháin.

*Fardal eile*
Luaitear fardal eile uile ag an tsuim is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.12 Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne lagaithe. Soláthar sonrach is ea an soláthar i gcoinne lagaithe, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Teagasc in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i gcoinne laguithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

### 2.13 Suimeanna iníoctha

Aithnítear suimeanna iníoctha ar dtús, lena n-áirítear suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile agus ioncam iarchurtha, ar a bpraghas idirbhirt, ach amháin más rud é go bhfuil an socrú ina idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltas amach anseo arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh.

### 2.14 Soláthairtí agus bearta teagmhasachta

*Soláthairtí*
Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid láithreach dlí nó inchiallaithe ag an nGrúpa mar thoradh ar rudaí a tharla san am atá thart, agus nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil leis an oibleagáid sin a ghlanadh, agus nuair is féidir méid na hoibleagáide sin a mheas go héasca.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais lena bhfuiltear ag súil a bheith de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh agus ráta réamhchánach á úsáid lena léirítear measúnuithe an mhargaidh reatha ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sainiúil leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú ar an soláthar mar gheall ar imeacht ama mar chostas airgeadais.

*Bearta teagmhasachta*
Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de bharr rudaí a tharla san am atá thart, (i) nuair nach bhfuil cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go héasca ar an dáta tuairiscithe, nó (ii) nuair a dhéanfar iad a dhearbhú nuair a tharlóidh nó nuair nach dtarlóidh rudaí áirithe amach anseo nach bhfuil faoi rialú iomlán an Ghrúpa. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh buntáistí eacnamaíocha ann.

### 3. Meastacháin agus breithnithe ríthábhachtacha cuntasaíochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasaí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

*Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha maoine, gléasra agus trealaimh*
Déanann an Grúpa na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhímheas thar a saolréanna úsáideacha measta tar éis a luachanna iarmharacha measta a thabhairt san áireamh. Léirítear le saolré úsáideach mheasta meastachán an luchta bainistíochta ar an tréimhse ina bhfuil sé de rún ag an nGrúpa tairbhí eacnamaíocha todhchaíocha a bhaint as sócmhainní seasta inláimhsithe an Ghrúpa. Léirítear le luach iarmharach an méid measta an luchta bainistíochta a gheobhadh an Grúpa ar dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, faoi mar a bheadh an tsócmhainn den aois agus sa riocht cheana féin a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. D'fhéadfadh athruithe ar an leibhéal úsáide lena bhfuiltear ag súil agus forbairtí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar eacnamaíocht, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní sin agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh tionchar a bheith ar mhuirir dímheasa sa todhchaí. Féach nóta 12 le haghaidh méid anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 3. Meastacháin agus breithnithe ríthábhachtacha cuntasaíochta (ar leanúint)

*Luacháil ar infheistíochtaí*

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil táscairí ann go bhfuil infheistíocht Teagasc san fhochuideachta lagaithe. Nuair is gá, bíonn measúnuithe Teagasc bunaithe ar mheastachán ar luach úsáide na sócmhainní trí na sreafaí airgid sa todhchaí lena bhfuiltear ag súil a thuar do thréimhse suas le 5 bliana, agus ráta lascaine oiriúnach á úsáid chun luach reatha na sreafaí airgid sin a ríomh. Féach nóta 14 le haghaidh méid anonn na n-infheistíochtaí.

*Lagú infháltas*

Déanann Teagasc infháltais a mheasúnú ar bhonn leanúnach le haghaidh aon fhianaise oibiachtúil ar lagú trí fhachtóirí a bhreithniú, lena n-áirítear an próifíl aosaithe, acmhainneacht creidmheasa agus stair bailithe san am atá thart gach féichiúnaí. Dá ndéanfaí dálaí airgeadais na bhféichiúnaithe sin a mheathlú, agus lagú a n-ábaltachta chun íocaíocht a dhéanamh ina thoradh air sin, d'fhéadfadh liúntais bhreise a bheith de dhíth. Féach nóta 17 le haghaidh méid anonn na n-infháltas trádála agus infháltas eile.

*Oibleagáid i ndáil le sochar scoir*

Tá oibleagáid ar Teagasc sochar scoir a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luacháil ar shócmhainní agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáide. Cuireann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin san áireamh agus an oibleagáid um shochar scoir glan á cinntiú sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Léiríonn na foshuíomhanna taithí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach Nóta 10 le haghaidh na nochtuithe maidir leis an scéim phinsin le sochar sainithe.

*Soláthairtí*

Déanann an Grúpa soláthar i gcoinne oibleagáidí dlí agus oibleagáidí inchiallaithe, arb eol dó go bhfuil siad dlite ag deireadh na bliana. De ghnáth, déantar an soláthar sin ar bhonn faisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais a ghabhann le teagmhais b'fhéidir nach dtarlóidh go ceann tamall de bhlianta. Mar gheall air sin agus mar gheall ar leibhéal na neamhchinnteachta a ghabhann leis na torthaí airgeadais, is féidir go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an meastachán ar an toradh.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 4. Deontas Oireachtais

| | Focheannteideal | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 30: Deontas i gcabhair ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do chaiteachas ginearálta* | A.5 | 118,140 | 116,534 |
| Deontas chun críocha acmhainní daonna | A.3.4 | 10,500 | 10,500 |
| Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht | A.3.1 | 4,323 | 4,310 |
| Clár taighde chomhoibrithigh Stimulus | A.3.2 | 3,927 | 5,319 |
| Scéim GLAS | B.3.3 | 783 | - |
| Scéim géanómaíochta mairteola | B.6 | 150 | 2,315 |
| Clár aistrithe eolais | B.7 | 4,055 | 1,822 |
| Loingseoir carbóin | C.10.10 | 36 | 1,745 |
| Deontas maidir le poiblíocht na foraoiseachta agus feasacht agus oiliúint | C.6.4 | 600 | 600 |
| Deontas maidir le hoideachas um fhoraoiseacht | C.6.4 | 77 | 63 |
| | | 142,591 | 143,208 |

*Rinneadh brabús de ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Pinsin Aonair de €486,973 agus €323,442 sa bhliain roimhe i gcoinne Deontais i gcabhair do chaiteachas ginearálta. Íocadh na ranníocaíochtaí sin leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Aithnítear infháltas deontais gan aon chritéir feidhmíochta in ioncam nuair a bhíonn fáltais an deontais infhála. Aithnítear deontais ón Oireachtas a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón Oireachtas, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

| | Tabhair do d'aire | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht | 20 | 1,833 | 2,719 |
| Clár taighde chomhoibrithigh Stimulus | 20 | 2,538 | 3,181 |
| | | 4,371 | 5,900 |

### 5. Maoiniú ón AE

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ón Suirbhé ar Fheirmeacha | 144 | 144 |
| INTERREG | 92 | 5 |
| Creatchlár VI | - | 4 |
| Creatchlár VII | 559 | 738 |
| Fís 2020 | 1,054 | 761 |
| Ioncam Eile ón AE | 167 | 246 |
| | 2,016 | 1,898 |

Ba iad Creatchláir na príomhuirlisí airgeadais trína dtacaíonn an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha lena gclúdaítear beagnach gach disciplín na heolaíochta. Cuireadh tús le Fís 2020 in 2015 agus mairfidh sé go dtí deireadh 2020.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

5. **Maoiniú ón AE (ar leanuint)**

Aithnítear infháltas deontais gan aon chritéir feidhmíochta in ioncam nuair a bhíonn fáltais an deontais infhála. Aithnítear deontais ón AE a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón AE, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

| | Tabhair do d'aire | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Creatchlár VII | | 319 | 1,429 |
| Fís 2020 | | 4,215 | 1,690 |
| Ioncam Eile ón AE | | 186 | 372 |
| | 20 | 4,720 | 3,491 |

6. **Ioncam oibriúcháin**

| | Oibríochtaí €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Táillí na seirbhísí comhairleacha | - | 11,649 | 179 | 11,828 | 13,104 |
| Ioncam ó tháillí cúrsaí | 43 | 5,357 | 367 | 5,767 | 5,239 |
| Táillí eile* | 15 | 878 | 11,533 | 12,426 | 11,649 |
| Oibríochtaí feirmeoireachta eile | - | 912 | 2,260 | 3,172 | 2,358 |
| Foilseacháin agus nithe ilghnéitheacha | 23 | 93 | 294 | 410 | 424 |
| | 81 | 18,889 | 14,633 | 33,603 | 32,774 |

* Áirítear le Táillí Eile deontais stáit infhála ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann de €3.738m agus ó Fhiontar Éireann de €1.208m.

Aithnítear infháltas deontais gan aon chritéir feidhmíochta in ioncam nuair a bhíonn fáltais an deontais faighte. Aithnítear deontais gníomhaireachtaí stáit a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón gníomhaireachtaí stáit, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

| | Tabhair do d'aire | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 20 | 3,270 | 3,170 |
| Fiontraíocht Éireann | 20 | 1,738 | 1,801 |
| | | 5,008 | 4,971 |

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 7. Caiteachas

| | Oibríochtaí €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Pá (Nóta 9) | 5,613 | 31,190 | 36,014 | 72,817 | 70,789 |
| Taisteal agus cothú | 403 | 2,451 | 2,540 | 5,394 | 4,999 |
| Oiliúint Foirne | 530 | 10 | 146 | 686 | 639 |
| Caiteachas oibríochtúil ginearálta (Nóta 8) | 8,361 | 13,596 | 19,879 | 41,835 | 42,384 |
| Muirir airgeadais | 124 | 295 | 20 | 439 | 95 |
| Dímheas (Nóta 12) | 156 | 1,370 | 5,745 | 7,272 | 7,380 |
| Deontais do choláistí príobháideacha (Nóta 28) | - | 2,959 | - | 2,959 | 3,037 |
| Deontais do Mhic Léinn | - | 591 | 15 | 606 | 752 |
| Costas na gceannachán beostoic | - | 28 | 622 | 650 | 816 |
| Cealú caillteanais lagaithe (Nóta 12) | - | (102) | - | (102) | - |
| Costas na seirbhísí taighde agus forbartha | - | - | 130 | 130 | 136 |
| Deontais Chomhlachtaí Walsh | - | 702 | 5,400 | 6,102 | 5,956 |
| Deontais eile | (6) | 14 | 510 | 518 | 563 |
| | 15,181 | 53,104 | 71,021 | 139,306 | 137,546 |
| Sochair scoir (Nóta 10) | | | | 38,889 | 44,160 |
| | | | | 178,195 | 181,706 |

In 2017 fuair 159 (2016: 160) ball foirne íocaíochtaí ragoibre. Ba é an méid comhiomlán is airde a íocadh le duine aonair €23,002 (2016 €22,967).

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 8. Anailís ar chaiteachas oibríochtúil ginearálta

| | Oibríochtaí €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthairtí/seirbhísí feirmeoireachta | - | 988 | 2,768 | 3,756 | 3,461 |
| Cothabháil/deisiúcháin | 424 | 2,367 | 5,490 | 8,281 | 8,965 |
| Cíosanna/ rátaí/ árachais | 1,055 | 343 | 1,128 | 2,526 | 2,388 |
| Postas/ teileafón | 722 | 1,009 | 318 | 2,049 | 1,998 |
| Cumhacht/ breosla/ peitreal | 146 | 685 | 1,418 | 2,249 | 2,195 |
| Soláthairtí saotharlainne | 1 | 6 | 3,940 | 3,947 | 3,323 |
| Priontáil/ stáiseanóireacht/ poiblíocht | 1,026 | 1,132 | 909 | 3,067 | 3,011 |
| Soláthairtí seimineáir/ seomra ranga/ leabharlainne | 107 | 1,430 | 1,057 | 2,594 | 2,436 |
| Seirbhísí gníomhaireachtaí seachtracha | - | 586 | 816 | 1,402 | 2,540 |
| Soláthairtí do cheaintíní mic léinn agus foirne | 92 | 248 | 396 | 736 | 750 |
| Táille iniúchóireachta | 54 | - | 10 | 64 | 52 |
| Soláthairtí/ seirbhísí TFC | 2,886 | 109 | 260 | 3,255 | 2,959 |
| Táillí dlíthiúla/ gairmiúla | 1,814 | 4,510 | 894 | 7,218 | 7,500 |
| Costas cláir ilghnéitheacha | - | 173 | 449 | 622 | 780 |
| Imeachtaí speisialta agus nithe ilghnéitheacha | 34 | 8 | 27 | 69 | 26 |
| | 8,361 | 13,594 | 19,880 | 41,835 | 42,384 |

*Áirítear i dTáillí dlíthiúla/ gairmiúla caiteachas ar scéim GLAS de €2.239m agus caiteachas ar Ghrúpaí Aistrithe Eolais de €0.251m. Is cuid den Chlár Forbartha Tuaithe 2015-2020 iad agus cuireadh tús leo in 2015.

Measadh níos iomchuí é chun táillí gairmiúla a athaicmiú maidir le roinnt tionscadal ó 'Soláthairtí/ seirbhísí TFC' go 'Cothabháil/ deisiúcháin'. Rinneadh costais chomparáideacha 2016 a choigeartú dá réir sin.

### 9. An Fhoireann

B'ionann meánlíon na foirne a bhí fostaithe ag an nGrúpa le linn na bliana agus an méid a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Gairmiúil | 728 | 707 |
| Trealamh | 152 | 150 |
| Riarachán/ cléireachas | 210 | 203 |
| Feirm/ baile | 127 | 138 |
| | 1,217 | 1,198 |

Rinneadh asbhaintí a bhaineann le pinsin de €3,100,963 (2016: €3,264,994) a asbhaint as tuarastail agus íocadh iad leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

9. An fhoireann (ar leanúint)

**Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe**

Déantar breis agus €60,000 i sochair ghearrthéarmacha fostaithe a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| Sochair fostaithe | Líon fostaithe an Ghrúpa |
|---|---|
| €60,000 go €69,999 | 252 |
| €70,000 go €79,999 | 82 |
| €80,000 go €89,999 | 32 |
| €90,000 go €99,999 | 38 |
| €100,000 go €109,999 | 18 |
| €110,000 go €119,999 | 4 |
| €120,000 go €129,999 | - |
| €130,000 go €139,999 | - |
| €140,000 go €149,999 | 3 |
| €150,000 go €159,999 | 1 |

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochtaithe seo, folaíonn na leasanna gearrthréimhseacha d'fhostaithe i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe cúrsaí tuarastail, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC an fhostóra san áireamh.

**Sochair Fostaithe Chomhiomlána**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sochair ghearrthéarmacha na foirne | 67,352 | 65,640 |
| Sochair foirceanta | 62 | - |
| Costais sochair scoir | 38,889 | 44,160 |
| Ranníocaíocht an fhostóra maidir le leas sóisialach | 5,465 | 5,149 |
| | 111,768 | 114,949 |

B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana agus 1,266 (2016: 1,236).

**Sochair ghearrthéarmacha na foirne**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bunphá | 64,634 | 62,632 |
| Ragobair | 1,043 | 1,070 |
| Liúntais | 1,675 | 1,938 |
| | 67,352 | 65,640 |

**Sochair foirceanta**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sochair foirceanta a ghearrtar don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | 62 | - |
| | 62 | - |

Baineann na sochair foirceanta thuas le socraíochtaí le ball foirne amháin le linn na tréimhse tuairiscithe.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**9. An fhoireann (ar leanúint)**

**Príomhfhoireann bhainistíochta**

Cuimsítear le príomhfhoireann bhainistíochta i dTeagasc comhaltaí an Údaráis, an Stiúrthóir agus triúr stiúrthóirí a thuairiscíonn don Stiúrthóir. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile: | | |
| Luach saothair don phríomhfhoireann bhainistíochta | 673 | 665 |
| | 673 | 665 |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá an phríomhfhoireann bhainistíochta, ach amháin iad siúd ar an Údarás, ina mbaill de scéim phinsin Teagasc agus ní théann a gcuid teidlíochtaí níos faide ná téarmaí na scéime aoisliúntais um shochar sainithe poiblí eiseamláirí.

**Tuarastal agus sochair an Stiúrthóra**

B'ionann luach saothair an Stiúrthóra don tréimhse airgeadais agus an méid a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bunphá | 144 | 139 |
| Sochar comhchineáil (Carr) | 10 | 13 |
| | 154 | 152 |

Tá an Stiúrthóir ina bhall de scéim phinsin Teagasc agus ní théann a gcuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná an scéim aoisliúntais um shochar sainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas.

**10. Pleananna sochair scoir**

Déantar foráil in Alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 do bhunú scéimeanna chun sochair scoir a dheonú maidir le foireann arna ceapadh ag Teagasc agus foireann arna haistriú chuig Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais.

Ag feitheamh ar fhaomhadh na scéimeanna pinsin dréachta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag an Aire Airgeadais agus ag an Oireachtas, oibríonn Teagasc scéimeanna pinsin ar bhonn riaracháin.

Déanann Teagasc dhá scéim pinsin a riar (Scéim Pinsin Foirne na gColáistí Talmhaíochta 1985 agus Scéim Pinsin Ranníocach na gColáistí Talmhaíochta do Chéilí agus Leanaí 1985) maidir le foireann áirithe arna fostú ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, a seasann an Státchiste costas a dtuarastail trí ghníomhú Teagasc.

Is scéimeanna pinsin le sochar sainithe na scéimeanna thuas. Ní dhéantar aon chiste ar leith a choimeád, agus ní choinnítear aon sócmhainní, chun íocaíocht na sochar agus na n-aiscí scoir a mhaoiniú. Taispeántar an meastachán achtúireach de na dliteanais sa todhchaí arna bhfabhrú maidir le sochair amach anseo ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

B'ionann meánlíon na sochar scoir míosúil a íocadh le linn na bliana agus 1,732 (2016: 1,713).

i. Anailís ar chostais iomlána na sochar scoir arna ngearradh don chuntas ioncaim agus caiteachais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costas seirbhíse reatha | 20,392 | 21,303 |
| Ús ar dhliteanais na scéime | 21,996 | 26,275 |
| Costas iar-sheirbhíse | - | - |
| Ranníocaíochtaí na foirne | (3,499) | (3,418) |
| | 38,889 | 44,160 |

ii. Athrú ar ghlandliteanas sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Glandliteanas sochair scoir amhail an 1 Eanáir | 1,232,605 | 1,163,198 |
| Costas seirbhíse reatha | 20,392 | 21,303 |
| Costas iar-sheirbhíse | - | - |
| Sochair íoctha | (45,895) | (45,016) |
| Ús ar dhliteanais na scéime | 21,996 | 26,275 |
| Caillteanas achtúireach | 59,741 | 66,845 |
| Glandliteanas sochair scoir amhail an 31 Nollaig | 1,288,839 | 1,232,605 |

iii. Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn Teagasc mar shócmhainn méid atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí ar a bhfuil cur síos thíos agus ar bhonn roinnt imeachtaí san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí sin an bonn reachtúil le haghaidh scéimeanna pinsin a chur ar bun, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú agus na ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil um meastacháin san áireamh. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm maidir leis na méideanna sin leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag Teagasc nach leanfar den pholasaí cistithe sin na suimeanna sin a chlúdach ar aon dul leis an gcleachtas reatha.

Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir sa bhliain

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cistiú inghnóthaithe maidir le sochair scoir na bliana reatha | 42,388 | 47,578 |
| Acmhainní arna gcur i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (45,895) | (45,016) |
| | (3,507) | 2,562 |

Amhail an 31 Nollaig 2017, b'ionann an tsócmhainn maidir le maoiniú iarchurtha do shochair scoir agus €1,289m (2016: €1,233m).

**NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**10. Pleananna sochair scoir (ar leanúint)**

iv. Stair maidir le hoibleagáidí i leith pinsean le sochar sainithe

| | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Gnóthachan / (caillteanas) ó thaithí | (80,343) | (13,272) | 55,428 | 129,274 |
| Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime | 6.2% | 1.1% | 4.7% | 9.7% |
| Athruithe ar na boinn tuisceana | 20,602 | (53,573) | 118,660 | (152,973) |
| Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime | 1.6% | 4.4% | 10.2% | 11.5% |
| (Caillteanas)/ gnóthachan achtúireach arna aithint in ioncam cuimsitheach eile | (59,741) | (66,845) | 174,088 | (23,699) |

Is é an caillteanas carnach achtúireacha atá aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach €160,585m (2016: €100,844m).

v. Cur síos ginearálta ar an scéim

Is éard atá sa scéim pinsin ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar thuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin shamhailscéim reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear sochar scoir (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochair scoir do chéilí agus do leanaí. Is ionann aois scoir normálta agus breithlá 65 bliana an bhaill, agus tá daoine ar baill iad roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain. Méadaítear sochair scoir atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 éilítear ar iontrálaithe nua uile, mar aon le hiarfhostaithe sa tseirbhís phoiblí a fhilleann chuig an tseirbhís poiblí tar éis sosa de níos mó ná 26 seachtaine, dul isteach sa Scéim Aonair don tSeirbhís Poiblí. Beidh dul ar scor éigeantach do na hiontrálaithe sin nuair a shroicheann siad 70 bliain d'aois.

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtuithe bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 17 Eanáir 2018 d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú amhail an 31 Nollaig 2017.

Is ionann na toimhdí achtúireacha príomhúla arna n-úsáid chun dliteanais a ríomh agus na cinn a leanas:

| | 2017 % in aghaidh na bliana | 2016 % in aghaidh na bliana |
|---|---|---|
| Méadú sa ráta boilscithe | 1.75 | 1.75 |
| Méadú i ráta tuarastail | 3.25 | 3.25 |
| Méadú ar phinsin Stáit | 3.25 | 3.25 |
| Méadú ar ráta pinsin - Príomh-scéim | 2.50 | 2.50 |
| Méadú ar ráta pinsin - Scéim Aonair | 1.75 | 1.75 |
| Ráta lascaine dhliteanais na Scéime | 1.80 | 1.80 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 10. Pleananna sochair scoir (ar leanúint)

Leis an mbonn básmhaireachta arna ghlacadh ligtear do fheabhsuithe san ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir (65 bliain d'aois). Taispeántar leis an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a shroicheann 65 bliain d'aois in 2017 agus 2037.

| An bhliain ina sroichtear 65 bliain d'aois | **2017** | **2037** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | 86.2 | 88.7 |
| Ionchas saoil - mná | 88.7 | 90.8 |

Ar bhonn na dtoimhdí sin agus toimhdí eile agus trí mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid a úsáid is ionann luach reatha dhliteanais na scéime pinsin agus mar a leanas:

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Dliteanas sochair scoir fabhraithe iomlán | 1,288,839 | 1,232,605 |

### 11. Cáin ar an mbrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Bunaithe ar thorthaí don bhliain | | |
| Muirear cánach reatha | 38 | 41 |
| Cáin iarchurtha (Nóta 22) | 9 | 1 |
| | 47 | 42 |
| Forail do bhlianta roimhe: | (1) | - |
| Cáin chorparáide | 46 | 42 |

Tá an muirear cánach don bhliain níos ísle ná an muirear a bheadh ina thoradh ar ráta caighdeánach na cánach corparáide in Éirinn a chur i bhfeidhm ar an mbrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí. Tá míniú tugtha ar na difríochtaí mar a leanas:

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 2,444 | 6,194 |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ngnáthráta cánach in Éirinn -12.5% | 306 | 774 |
| **Mar thoradh ar:** | | |
| Barrachas na liúntas caipitil thar dhímheas | (7) | (2) |
| Ráta cánach níos airde ar bhrabúis | 5 | 5 |
| Máthair-bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ngnáthráta cánach in Éirinn - 12.5% | (266) | (736) |
| Muirear cánach reatha don bhliain | 38 | 41 |

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

12. Maoin, gléasra agus trealamh

GRÚPA

| | Talamh €'000 | Foirgnimh €'000 | Socmhainní atá á dtógáil €'000 | Gléasra agus trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 6,381 | 126,783 | 2,665 | 82,865 | 218,694 |
| Breiseanna | - | 4,103 | 975 | 4,220 | 9,298 |
| Foirgnimh chríochnaithe | - | 2,608 | (2,608) | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | (972) | (972) |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 6,381 | 133,494 | 1,032 | 86,113 | 227,020 |
| Breiseanna | - | 3,862 | 1,400 | 5,054 | 10,316 |
| Foirgnimh chríochnaithe | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí | - | (49) | - | (2,190) | (2,239) |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 6,381 | 137,307 | 2,432 | 88,977 | 235,097 |
| **Dímheas carntha agus caillteanais lagaithe** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 446 | 52,844 | - | 68,746 | 122,036 |
| Muirear don bhliain | - | 3,369 | - | 4,012 | 7,381 |
| Caillteanais lagaithe | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | (917) | (917) |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 446 | 56,213 | - | 71,841 | 128,500 |
| Muirear don bhliain | - | 3,459 | - | 3,813 | 7,272 |
| Cealú caillteanais lagaithe | (102) | - | - | - | (102) |
| Diúscairtí | - | (41) | - | (1,901) | (1,942) |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 344 | 59,631 | - | 73,753 | 133,728 |
| **Luach anonn** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 6,037 | 77,676 | 2,432 | 15,224 | 101,369 |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 5,935 | 77,280 | 1,032 | 14,271 | 98,518 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 12. Maoin, gléasra agus trealamh (ar leanúint)

**TEAGASC**

| | Talamh €'000 | Foirgnimh €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Gléasra agus trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 6,381 | 122,150 | 2,664 | 77,812 | 209,007 |
| Breiseanna | - | 4,073 | 975 | 3,823 | 8,871 |
| Foirgnimh chríochnaithe | - | 2,608 | (2,608) | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | (963) | (963) |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 6,381 | 128,831 | 1,031 | 80,672 | 216,915 |
| Breiseanna | - | 3,802 | 1,208 | 4,722 | 9,732 |
| Foirgnimh chríochnaithe | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí | - | (49) | - | (2,181) | (2,230) |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 6,381 | 132,584 | 2,239 | 83,213 | 224,417 |
| **Dímheas carntha agus caillteanais lagaithe** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2016 | 446 | 50,256 | - | 64,483 | 115,185 |
| Muirear don bhliain | - | 3,215 | - | 3,841 | 7,056 |
| Caillteanais lagaithe | - | - | - | - | - |
| Diúscairtí | - | - | - | (908) | (908) |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 446 | 53,471 | - | 67,416 | 121,333 |
| Muirear don bhliain | - | 3,303 | - | 3,638 | 6,941 |
| Cealú caillteanais lagaithe | (102) | - | - | - | (102) |
| Diúscairtí | - | (41) | - | (1,893) | (1,934) |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 344 | 56,733 | - | 69,161 | 126,238 |
| **Luach anonn** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 6,037 | 75,851 | 2,239 | 14,052 | 98,179 |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 5,935 | 75,360 | 1,031 | 13,256 | 95,582 |

Tá roinnt sócmhainní seasta, arna dtabhairt do Teagasc ar iontaoibh, cosanta faoi reacht agus ní féidir iad a dhíol.

Tá líon iomlán de 55 oifig / ionad ag teagasc a bhfuil 50 acu faoi úinéireacht Teagasc agus tá na 5 chinn eile faoi chomhaontuithe cíosa. Rachaidh dhá chinn de na comhaontuithe cíosa as feidhm laistigh de thrí bliana, rachaidh dhá chinn eile as feidhm idir cúig agus deich mbliana agus is ionann an comhaontú eile agus léasa fadtéarma agus an dáta deiridh ina leith le socrú fós.

De réir FRS 102 - 'Lagú Sócmhainní (Alt 27)' rinne Teagasc caillteanas lagaithe roimhe seo de €446,000 a chealú faoi €102,000 maidir le láithreán a bhí coinnithe le hathdhíol ag an Ráithín, Co. Luimnigh. Léiríodh le hathbhreithniú ar lagú gurbh ionann an méid inghnóthaithe amhail an 31 Nollaig 2017 agus €227,000.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**12. Maoin, gléasra agus trealamh (ar leanúint)**

**Diúscairt maoine, gléasra agus trealaimh**

| | Fáltais/ costais 2017 €'000 | Fáltais/ costais 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Fáltais ó dhíol maoine | | |
| Díolacháin maoine le linn na bliana | - | 1,093 |
| Costas díolachán | - | (20) |
| | - | 1,073 |
| Fáltais ó dhíol sócmhainní eile | 104 | 44 |
| | 104 | 1,117 |
| Glanluach de réir na leabhar na sócmhainní seasta arna ndiúscairt | | |
| Sócmhainní maoine | (8) | - |
| Sócmhainní eile | (288) | (55) |
| | (296) | (55) |
| (Caillteanas)/ gnóthachan ó dhiúscairt sócmhainní seasta | (192) | 1,062 |

Níor aistríodh aon fháltais ó dhíolacháin sócmhainní chuig an Státchiste in 2017.

**13 Sócmhainní oidhreachta**

**An Grúpa agus Teagasc**

Tá tithe seanré i gColáiste Chill an Dátúnaigh, Coláiste Bhéal Átha hÉis agus Ionad Taighde Pháirc na Darach ina gcuid de bhonneagar oibre Teagasc, agus mar sin déantar iad a chaipitliú ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais ar chostas bunaidh. Níor aithníodh sócmhainní oidhreachta áirithe a bhaineann le Caisleán Bhaile Sheáin, amhail an Caisleán, Músaem na Talmhaíochta agus an Garraí Daingean sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar ní féidir faisnéis a fháil maidir le costas nó luach na sócmhainní oidhreachta sin ar chostas atá ar chóimhéid leis na tairbhí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Faoi láthair níl aon sócmhainní inchomparáide ann a bhfuil Teagasc in ann úsáid a bhaint astu chun cuidiú le luach na sócmhainní oidhreachta a mheasúnú.

Déanann Teagasc athchóirithe ar struchtúir chosanta de réir na rialachán tógála agus de réir pleanáil cheart um chaomhnú. Cuirtear costais chaomhnaithe agus choimeádta do Chaisleán Bhaile Sheáin chun dochair an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas mar thabhaithe agus ní dhearnadh aon sócmhainní oidhreachta a chaipitliú le linn na bliana.

Déanfar an caisleán agus an garraí, 120 acra de limistéar conláiste timpeall ar an gcaisleán, a fhorbairt mar láithreán oidhreachta is díol spéise do thurasóirí. Cuirfear clár oibreacha chun críche leis an tionscadal lena ligfear d'oscailt ionaid do chuairteoirí in 2018. Soláthróidh Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann an pearsanra don ionad.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 14. Infheistíochtaí

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Infheistíocht i scaireanna luaite | 265 | 264 | 265 | 264 |
| Infheistíocht i scaireanna neamhluaite | 173 | 157 | 174 | 158 |
| | 438 | 421 | 439 | 422 |

| **Infheistíochtaí i scaireanna luaite** | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Luach cóir amhail an 1 Eanáir | 264 | 285 | 264 | 285 |
| Gnóthachan/ (caillteanas) ar ghluaiseacht luach chóir sa bhliain | 1 | (21) | 1 | (21) |
| Luach cóir amhail an 31 Nollaig | 265 | 264 | 265 | 264 |

| **Infheistíochtaí i scaireanna neamhluaite** | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| **Luach ag dáta na fála** | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Amhail an 1 Eanáir | 157 | 130 | 158 | 131 |
| Breiseanna | 16 | 27 | 16 | 27 |
| Amhail an 31 Nollaig | 173 | 157 | 174 | 158 |

| **Glanluach de réir na leabhar** | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Amhail an 1 Eanáir | 157 | 130 | 158 | 131 |
| Gluaiseacht i scaireanna neamhluaite | 16 | 27 | 16 | 27 |
| Amhail an 31 Nollaig | 173 | 157 | 174 | 158 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 14. Infheistíochtaí (ar leanúint)

| Anailísithe mar: | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
| Glanbia cpt | 216 | 229 | 216 | 229 |
| Kerry Group cpt | 49 | 35 | 49 | 35 |
| Moorepark Technology Limited | - | - | 1 | 1 |
| Wexford Milk Producers Limited | 25 | 25 | 25 | 25 |
| Lakeland Dairies | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Aurivo | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Glanbia Co-Op Ltd | 14 | 14 | 14 | 14 |
| Kerry Co-Op Creameries Ltd | - | 1 | - | 1 |
| Carbery Creameries Ltd | 43 | 43 | 43 | 43 |
| Barryroe Creameries Ltd | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Dairygold Co-Op Society Ltd | 36 | 36 | 36 | 36 |
| Dairygold Co-Op Society (Ciste Imrothlach) | 47 | 30 | 47 | 30 |
| | 438 | 421 | 439 | 422 |

Sonraí na nInfheistíochtaí

| Ainm na Cuideachta | Tír corpraithe | Uimhir chláraithe | Líon na scaireanna | Luach ainmniúil in aghaidh na scaire amhail an 31.12.2017 | Díbhinn a fuarthas | Nádúr ghnó na cuideachta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Glanbia cpt | Éire | 129933 | 14,510 | €14.90 | 2017 - €572<br>2016 - €1,225 | Cuideachta cothaithe dhomhanda |
| Kerry Group cpt | Éire | 111471 | 522 | €93.50 | 2017 - €242<br>2016 - €216 | Soláthraí teicneolaíochtaí blais agus cothaithe |
| Moorepark Technology Limited | Éire | 168270 | 5,102 | €0.127 | 2017 - €náid<br>2016 - €náid | Seirbhísí a sholáthar le haghaidh taighde agus forbartha (T&F) |
| Wexford Milk Producers Ltd | Éire | 2640R | 24,537 | €1.00 | 2017 - €náid<br>2016 - €náid | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Lakeland Dairies Co-Operative Society Ltd | Éire | 4622R | 104,371 | €0.05 | 2017 - €52<br>2016 - €52 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Aurivo Co-Operative Society Ltd | Éire | 5113R | 1,715 | €1.00 | 2017 - €34<br>2016 - €34 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Glanbia Co-Operative Ltd | Éire | 4928R | 13,742 | €1.00 | 2017 - €1,569<br>2016 - €3,874 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Kerry Co-Operative Ltd | Éire | 3618R | 87 | €1.25 | 2017 - €239<br>2016 - €218 | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Carbery Creameries Ltd | Éire | 2899R | 19,515 | €2.21 | 2017 - €náid<br>2016 - €náid | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Barryroe Co-Operative Ltd | Éire | 1736R | 1,768 | €1.00 | 2017 - €náid<br>2016 - €náid | Táirgeadh agus soláthar bainne |
| Dairygold Co-OperativeSociety Ltd | Éire | 4621R | 35,733 | €1.01 | 2017 - €náid<br>2016 - €náid | Táirgeadh agus soláthar bainne |

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**14. Infheistíochtaí (ar leanúint)**

D'infheistigh Teagasc €650 i Moorepark Technology Limited agus tá scairsheilbh 57% aige i scairchaipiteal íoctha na cuideachta.

Tá céatadán na scairshealbh sna heagraíochtaí eile uile atá liostaithe diomaibhseach agus ní thugtar leas urlámhais leis do Teagasc.

**15. Fardail**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Beostoc | 5,138 | 4,097 |
| Torthaí feirme, leasacháin agus stoic bheatha | 533 | 544 |
| Soláthairtí ginearálta | 191 | 178 |
| | 5,862 | 4,819 |

Luaitear stoic tar éis foráil do lagú de €náid (2016: €náid).

Réiteach an ghlanathraithe ar bheostoc:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid ag tús na bliana | 4,097 | 3,985 |
| Ceannacháin | 650 | 928 |
| Díolacháin | (2,358) | (2,489) |
| Breitheanna | 1,167 | 832 |
| Básanna | (222) | (128) |
| Coigeartuithe le haghaidh luach cóir | 1,804 | 969 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | 5,138 | 4,097 |

**16. Sócmhainní coinnithe le díol**

Amhail an 31 Nollaig, áiríodh le luach anonn na sócmhainní na sócmhainní a leanas atá coinnithe le díol:

| | Tabhair do d'aire | Luach anonn amhail an 31 Nollaig 2017 €'000 | Luach anonn amhail an 31 Nollaig 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| Láithreán ag an Ráithín, Co. Luimnigh | | 227 | 125 |
| Láithreán ag Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | | 26 | 26 |
| Láithreán ag Béal Átha hÉis, Co. an Chabháin | | 1 | 1 |
| Cionn Sáile Thoir, Co. Átha Cliath | | 583 | - |
| Láithreán ag Emsworth, Co. Átha Cliath | | 77 | - |
| | 12 | 914 | 152 |

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 17. Infháltais

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Infháltais trádála | 9,622 | 9,680 | 9,277 | 9,393 |
| Infháltais eile | 215 | 161 | 194 | 141 |
| Ioncam oibriúcháin fabhraithe | 4,024 | 4,950 | 4,024 | 4,950 |
| Ioncam deontais ón Oireachtais fabhraithe | 10,426 | 7,375 | 10,426 | 7,375 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,623 | 1,446 | 2,607 | 1,431 |
| CBL agus cánacha eile | 3 | 30 | - | - |
| | 26,913 | 23,642 | 26,528 | 23,290 |

Beidh na méideanna san áireamh thuas dlite laistigh de bhliain amháin:

Luaitear infháltais trádála tar éis forálacha do lagú de €330,724 (2016: €91,650).

## 18. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 20,995 | 20,757 | 19,410 | 19,623 |
| Taiscí gearrthéarmacha | - | - | - | - |
| | 20,995 | 20,757 | 19,410 | 19,623 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 19. Suimeanna iníoctha - méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Suimeanna iníoctha trádála | 1,446 | 729 | 1,334 | 729 |
| Suimeanna iníoctha agus fabhruithe eile | 14,585 | 11,938 | 14,500 | 11,772 |
| Forálacha dlí | 236 | 196 | 236 | 196 |
| ÍMAT/ÁSPC | 2,250 | 2,225 | 2,234 | 2,211 |
| Cáin bhreisluacha | 128 | 823 | 111 | 823 |
| Cáin chorparáide | - | 13 | - | - |
| Cáin shiarchoinneálach | 242 | 228 | 233 | 228 |
| Asbhaintí párolla eile | 1,258 | 1,068 | 1,258 | 1,068 |
| Éarlaisí in-aisíoctha | - | 77 | - | 77 |
| | 20,145 | 17,297 | 19,906 | 17,104 |
| Tá suimeanna iníoctha i leith cánachais agus leasa shóisialaigh san áireamh thuas | 2,633 | 3,310 | 2,590 | 3,281 |

Tá na nithe a leanas san áireamh le suimeanna iníoctha agus fabhruithe eile de €14.50m: táillí gairmiúla lena n-áirítear seirbhísí dlíthiúla agus an anailíseacha €3.14m, pánna agus tuarastail agus costais fostaithe eile €3.03m (lena n-áirítear fabhrú saoire bliantúla de €2.17m), deisiúcháin agus cothabháil €2.39m, trealamh agus earraí caipitil €1.67m, deontais/ seimineáir €0.97m, costais TFC €0.80m, costais reatha feirmeacha €0.77m, costais oibriúcháin ghinearálta lena n-áirítear fóntais €0.73m, fabhruithe eile €0.54m, taisteal agus cothú €0.23m agus caidreamh poiblí agus fógraíocht €0.19m.

Athraíonn íocaíocht as infháltais trádála idir ar iarratas agus tríocha lá. Bhí ús um íocaíocht phras agus cúiteamh de €8,474 iníoctha ar suimeanna iníoctha trádála in 2017

Tá ÍMAT/ ÁSPC, Cáin Bhreisluacha agus cáin shiarchoinneála faoi réir ag téarmaí reachtaíochta ábhartha. Fabhraítear ús ar íocaíocht dhéanach cánacha ar aon dul le téarmaí reachtaíochta ábhartha. Ní raibh aon ús dlite ag deireadh na bliana airgeadais ar íocaíocht dhéanach cánacha.

Is ionann méideanna eile atá san áireamh le suimeanna iníoctha nach bhfuil clúdaithe ag nochtuithe sainiúla sna nótaí agus neamhurraithe, saor ó ús agus suimeanna inaisíoctha ar iarratas.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 20. Ioncam iarchurtha atá dlite laistigh de bhliain amháin

Déanann Teagasc taighde arna mhaoiniú go poiblí de réir conarthaí le hInstitiúidí Stáit eile, go príomha an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tugtar deontais maidir lena leithéid de thaighde san áireamh mar ioncam nuair a thabhaítear an caiteachas comhfhreagrach faoi gach conradh. Amhail an 31 Nollaig b'ionann foinse agus méid an ioncam iarchurtha maidir le taighde agus tionscadail eile agus mar a leanas:

| | Tabhair do d'aire | Grúpa 2017 €'000 | Grúpa 2016 €'000 | Teagasc 2017 €'000 | Teagasc 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - réamhíocaíocht maidir le tionscadail FIRM | 4 | 1,833 | 2,844 | 1,833 | 2,844 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara - réamhíocaíocht maidir le tionscadail Stimulus | 4 | 2,538 | 3,181 | 2,538 | 3,181 |
| Fiontraíocht Éireann | 6 | 1,738 | 1,801 | 1,738 | 1,801 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | 580 | 214 | 580 | 214 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 6 | 3,270 | 3,170 | 3,270 | 3,170 |
| An tAontas Eorpach | 5 | 4,720 | 3,491 | 4,720 | 3,491 |
| Méideanna iarchurtha taighde eile | | 1,086 | 1,299 | 952 | 1,236 |
| Méideanna iarchurtha i leith táillí cúrsaí | | 2,008 | 2,446 | 2,008 | 2,446 |
| Méideanna a fuarthas roimh ré le haghaidh oibre a bhaineann le díol talún a thabhairt chun críche ag Baile Átha an Rí | | 1,114 | 1,114 | 1,114 | 1,114 |
| | | 18,887 | 19,560 | 18,753 | 19,497 |

### 21. Ioncam iarchurtha atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.

| | Grúpa 2017 €'000 | Grúpa 2016 €'000 | Teagasc 2017 €'000 | Teagasc 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail ag tús na bliana | 612 | 485 | 272 | 98 |
| Scaoilte chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais | (47) | (146) | - | (98) |
| Catagóirithe an athuair go laistigh de bhliain amháin | (272) | - | (272) | - |
| Méideanna iarchurtha i leith táillí cúrsaí | 175 | 272 | 175 | 272 |
| Amhail ag deireadh na bliana | 468 | 611 | 175 | 272 |

Fuarthas deontais de mhéid iomlán €3,167,987 chuige seo ag MTL ó FEOGA, Fiontraíocht Éireann, an Bord Bainne agus Teagasc. Faoi imthosca áirithe atá leagtha amach sna comhaontuithe sin, d'fhéadfadh roinnt de na deontais sin nó iad go léir a bheith iníoctha leis na gníomhaireachtaí sin.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 22. Forálacha do dhliteanais

| Cáin iarchurtha | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Amhail ag tús na bliana | 101 | 100 | - | - |
| Curtha chun dochair an chuntais brabúis nó caillteanais | 9 | 1 | - | - |
| Amhail ag deireadh na bliana | 110 | 101 | - | - |

| Comhpháirteanna na cánach iarchurtha | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Liúntas caipitil luathaithe | 9 | 1 | - | - |
| | 9 | 1 | - | - |

## 23. Cuntas Caipitil

Is ionann iarmhéid an chuntais seo agus luach gan amúchadh na gcistí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach.

## 24. Cuntas ioncaim agus caiteachais

Is ionann an cuntas ioncaim agus caiteachais agus ioncam cuimsitheach carnach a aithnítear amhail dáta an tuairiscithe.

## 25. Leas neamh-urlámhais

Cuimsítear leis an leas neamh-urlámhais agus scaireanna i Moorepark Technology Limited.

## 26 Léasanna

*Léasanna oibriúcháin*

Amhail an 31 Nollaig bhí íocaíochtaí léasa íosta ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe mar a leanas:

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2017 | 2016 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Léasanna a rachaidh in éag: | | | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 584 | 477 | 584 | 477 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 1,439 | 1,338 | 1,439 | 1,338 |
| Tar éis 5 bliana | 1,067 | 1,283 | 1,067 | 1,283 |
| | 3,090 | 3,098 | 3,090 | 3,098 |

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 27. Réiteach an bharrachais leis an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Barrachas don bhliain | 2,444 | 6,194 |
| Costas dímheasa | 7,272 | 7,381 |
| Cealú caillteanas lagaithe ar mhaoin, gléasra agus trealamh | (102) | - |
| Coigeartuithe le haghaidh luach cóir ar shócmhainní bitheolaíocha | (1,804) | (969) |
| Coigeartuithe le haghaidh luach cóir ar infheistíochtaí | (1) | 21 |
| Caillteanas/ (gnóthachan) ó dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 192 | (1,062) |
| Ioncam ó ús | (18) | (4) |
| Aistriú chuig an gcuntas caipitil | 2,597 | 1,760 |
| Sreafaí airgid oibriúcháin iomlána roimh ghluaiseachtaí i gcaipiteal oibre | 10,580 | 13,321 |
| Laghdú ar fhardal | 760 | 825 |
| (Méadú) ar infháltais | (3,272) | (3,388) |
| Laghdú ar shuimeanna iníoctha | 2,032 | 59 |
| Sreabhadh airgid mar thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 10,100 | 10,817 |

### 28. Coláistí Príobháideacha

Soláthraíonn Teagasc tacaíocht do thrí choláiste phríobháideacha, Coláiste Talmhaíochta an Ghoirtín, Coláiste Talmhaíochta an Chreagáin agus Coláiste Talmhaíochta Phailís Chaonraí.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais do choláistí príobháideacha | 2,959 | 3,037 |
| Costais tuarastail don fhoireann ar iasacht do choláistí príobháideacha (san áireamh leis an caiteacha iomlán ar phá i Nóta 7 thuas) | 1,023 | 1,092 |
| Costais soláthraithe seirbhíse seachtracha do sheirbhísí múinteoireachta arna soláthar do choláistí príobháideacha (san áireamh le caiteachas oibriúcháin ginearálta i Nóta 8 thuas) | 122 | 101 |
| | 4,104 | 4,230 |

Sa bhreis ar na deontais ar a bhfuil breac-chuntas thuas sholáthair Teagasc leabhair oibre do choláistí príobháideacha dar luach €75,400 (2016: €84,950).

### 29. Ceangaltais

*Ceangaltais chaipitil*

Bhí ceangaltais chaipitil ag Teagasc, a bhí dlite amhail an 31 Nollaig 2017, dar mhéid €1.103m a bhain le foirgnimh agus saoráidí a thógáil ag Caisleán Bhaile Sheáin (€0.202m), ag Baile an Ásaigh (€0.195m) ag an nGráinseach (€0.706m) (2016: €1.922m).

*Ceangaltais dheontais*

Bhí ceangaltais deontais dar mhéid €10.974m (2016: €10.076m) ar Teagasc amhail an 31 Nollaig, a bhain le Comhaltaí Walsh (€6.354m), Deontais do Choláistí Príobháideacha (€3.382m) agus Deontais Eile (€1.238m).

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 30. Comhaltaí an údaráis - nochtuithe idirbheart

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2009 maidir le nochtadh leasa ag comhaltaí an Údaráis agus cloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Níor tharla aon idirbheart le linn na bliana i leith ghníomhaíochtaí an Údaráis lena raibh baint ag comhaltaí an Údaráis.

### 31. Dliteanais theagmhasacha

Rinne an tÚdarás foráil sna ráitis airgeadais lena léirítear a mheastachán is fearr ar an dliteanas a eascraíonn. Is é tuairim an Údaráis nach bhfuil aon dliteanais theagmhasacha ann.

### 32. Idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Rinneadh na hidirbhearta a leanas le páirtithe gaolmhara:

Díolacháin earraí agus seirbhísí:

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Fochuideachta | - | - | 20 | 30 |
| | - | - | 20 | 30 |

Ceannacháin earraí agus seirbhísí:

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Fochuideachta | - | - | 727 | 711 |
| | - | - | 727 | 711 |

Iníoctha le páirtithe gaolmhara:

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| Fochuideachta | 62 | 37 | 62 | 37 |
| | 62 | 37 | 62 | 37 |

Eascraíonn na hinfháltais agus na suimeanna iníoctha go príomha ó idirbhearta díolachán agus ceannachán, faoi seach. Tá na hinfháltais agus suimeanna iníoctha neamhurraithe de nádúr agus níl siad úsmhar. Níl aon soláthar coinnithe i gcoinne infháltais ó pháirtithe gaolmhara le linn na bliana (2016: €náid).

Faoi théarmaí Chomhaontú Tionscnóra Moorepark Technology ghlac Teagasc mar chúram air riachtanais foirne sainithe a sholáthar óna chuid acmhainní féin lena n-áireofar an Bainisteoir, an Rúnaí Cuideachta agus teicneoir amháin.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 33 Ionstraimí airgeadais

Tá na hionstraimí airgeadais a leanas ag an nGrúpa agus teagasc:

| | Grúpa | | Teagasc | |
|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | **2016 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
| **Sócmhainní airgeadais atá ina n-ionstraimí cothromais arna dtomhas ag cóirluach trí ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas** | | | | |
| Infheistíochtaí sócmhainní neamhreatha liostaithe | 265 | 264 | 265 | 264 |
| Infheistíochtaí sócmhainní neamhreatha neamhliostaithe | 173 | 157 | 174 | 158 |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| Infháltais trádála | 9,622 | 9,680 | 9,277 | 9,393 |
| Infháltais eile | 215 | 161 | 194 | 141 |
| Airgead ar láimh | 20,995 | 20,757 | 19,410 | 19,623 |
| | | | | |
| **Dliteanais airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta** | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála | 1,446 | 729 | 1,335 | 729 |
| Suimeanna iníoctha eile | 14,646 | 11,938 | 14,500 | 11,772 |

### 34. Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas suntasach, taobh amuigh den ghnáthchúrsa gnó, a chuaigh i bhfeidhm ar an nGrúpa ón 31 Nollaig 2017.

### 35. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais an 7 Márta 2018.

Agriculture and Food Development Authority